Ag ceannach go sóisialta

Treoir maidir le dálaí sóisialta a chur i gcuntas sa soláthar poiblí

Eoraip **shóisialta**

An Coimisiún Eorpach

This publication is commissioned under the European Union Programme for Employment and Social Solidarity (2007-2013). This programme is managed by the Directorate-General for Employment, social affairs and equal opportunities of the European Commission. It was established to financially support the implementation of the objectives of the European Union in the employment and social affairs area, as set out in the Social Agenda, and thereby contribute to the achievement of the EUROPE 2020 goals in these fields.

The seven-year Programme targets all stakeholders who can help shape the development of appropriate and effective employment and social legislation and policies, across the EU-27, EFTA-EEA and EU candidate and pre-candidate countries.

PROGRESS mission is to strengthen the EU contribution in support of Member States' commitments and efforts to create more and better jobs and to build a more cohesive society. To that effect, PROGRESS is instrumental in:

- providing analysis and policy advice on PROGRESS policy areas;
- monitoring and reporting on the implementation of EU legislation and policies in PROGRESS policy areas;
- promoting policy transfer, learning and support among Member States on EU objectives and priorities; and
- relaying the views of the stakeholders and society at large

For more information see:
http://ec.europa.eu/progress

Ag ceannach go sóisialta

Treoir maidir le dálaí sóisialta a chur i gcuntas sa soláthar poiblí

An Coimisiún Eorpach

An Ardstiúrthóireacht um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chomhdheiseanna
Aonad D.2
Ard-Stiúrthóireacht an Mhargaidh Inmheánaigh agus na Seirbhísí
Aonad C.3

Lámhscríbhinn arna críochnú i nDeireadh Fómhair 2010

Doiciméad arna dhréachtú ar bhonn SEC(2010) 1258, leagan críochnaitheach. Ní bheidh an Coimisiún ná aon duine a ghníomhaíonn ar son an Choimisiúin freagrach as aon úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá san fhoilseachán seo.

Fógra tábhachtach

Cé go bhfuil scrúdú mion déanta ar an bhfaisnéis sa Treoir seo, ní ghlacann an Coimisiún Eorpach le haon dliteanas i ndáil leis na cásanna sonracha a luaitear inti.

Doiciméad oibre d'fhoireann an Choimisiúin is ea an Treoir seo agus ní féidir a mheas go bhfuil sí ceangailteach ar an gCoimisiún ar bhealach ar bith. Tá an Treoir faoi réir freisin ag forás a theacht ar chleachtas an Choimisiúin agus ar chásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

© Grianghraf ar an gclúdach



1: 123RF
2: Getty Images
3: 123RF
4: 123RF

Le haghaidh aon úsáide nó atáirgthe grianghrafanna nach bhfuil faoi chóipcheart na Aontais Eorpaigh, ní mór cead a fháil ón sealbhóir cóipchirt (ó na sealbhóirí cóipchirt) féin.

Seirbhís is ea Europe Direct a chabhróidh leat freagraí a fháil ar do cheisteanna maidir leis an Aontas Eorpach

Uimhir shaorghlao (*):
00 800 6 7 8 9 10 11

(*) Ní cheadaíonn oibritheoirí teileafóin soghluaiste áirithe rochtain ar uimreacha 00 800 nó d'fhéadfai airgead a ghearradh ar na glaonna seo.

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an Idirlíon (http://europa.eu).
Tá sonraí catalógaithe chomh maith le hachoimre ar fáil i ndeireadh an fhoilseacháin seo.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2011

ISBN 978-92-79-18385-0
doi:10.2767/17402

© An tAontas Eorpach, 2011
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil

Printed in Belgium

ARNA CHLOBHUALADH AR PHAIPEAR BAN SAOR O CHLOIRIN DUILI (ECF)

Clár ábhar

Réamhrá 5

I. Ag ceannach go sóisialta: na príomh-shaincheisteanna 7

1. Soláthar poiblí atá freagrach go sóisialta (SPFS): sainmhíniú 7
2. Buntáistí ionchasacha SPFS 9
   - 2.1. Cuidiú leis an dlí sóisialta agus dlí an tsaothair a chomhlánú, lena n-áirítear gealltanais / cláir oibre bhainteacha náisiúnta agus idirnáisiúnta 9
   - 2.2. Margaí atá feasach go sóisialta a spreagadh 10
   - 2.3. Rialachas atá freagrúil go sóisialta a léiriú 10
   - 2.4. Comhtháthú a spreagadh 10
   - 2.5. Caiteachas poiblí níos éifeachtaí a chinntiú 10
3. 3. SPFS agus múnla sóisialta an AE 10
4. An cur chuige dlí agus beartais maidir le SPFS san AE 11
   - 4.1. An ghné shóisialta de bheartais agus reachtaíocht an AE a fhorbairt 11
   - 4.2. An cur chuige dlí agus beartais maidir le SPFS san AE 12
   - 4.3. Seirbhísí sóisialta is ábhar suime ginearálta eacnamaíochta 12
   - 4.4. Gnóthais bheaga agus mheánmhéide 13

II. Straitéis eagraíochtúil don cheannach sóisialta 15

1. Cuspóirí a shocrú don soláthar poiblí atá freagrúil go sóisialta 15
2. Tiomantas agus ceannasaíocht pholaitiúil ardleibhéil a shocrú don SPFS 15
3. Priacail a mheas agus catagóirí caithimh eagraíochtúla a chur in ord tosaíochta chun torthaí sóisialta a fheabhsú 16
4. Feasacht ar SPFS a mhéadú agus na príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt isteach sa phróiseas 18
5. An straitéis SPFS a chur chun feidhme 19
6. Cur chun feidhme éifeachtach a mheas 19
7. Forbhreathnú ar an bpróiseas soláthair 20
   - 7.1. Tábhacht na comhairle dlí 20
   - 7.2. Nós imeachta an tsoláthair a ullmhú 20
8. Céimeanna nós imeachta an tsoláthair agus cineálacha cur chuige i leith SPFS 20

III. Na riachtanais a aithint agus soláthar pleanála 23

1. An tábhacht atá le riachtanais iarbhír a mheasúnú 23
2. Sainmhíniú ar an ábhar 23
3. Rochtain ar dheiseanna soláthair a mhéadú 25
   - 3.1. Rochtain ar dheiseanna soláthair a fheabhsú 25
   - 3.2. Cur i leataobh do sciathcheardlanna 27

IV. An conradh 29

A. Ceanglais an chonartha a shainmhíniú 29

1. Na sonraíochtaí teicniúla a dhréachtadh 29
2. Sonraíochtaí feidhmíocht-bhunaithe a úsáid 30
3. Malairtí a úsáid 30
4. Lipéid shóisialta agus na himpleachtaí don trádáil eiticiúil 31
5. Ábhair chúraim shóisialta a chur i gcuntas i modhanna agus próisis tháirgthe 33
6. Míchumas agus sonraíochtaí teicniúla 33

B. Soláthróirí, soláthróirí seirbhíse agus conraitheoirí a roghnú 35

1. Critéir eisiata 35
2. Cumas teicniúil 35

C. An conradh a dhámhachtain 37

1. Rialacha ginearálta chun critéir dhámhachtana a dhréachtadh agus maidir le conarthaí a dhámhachtain 37
   1.1. Coinníollacha is infheidhme maidir le critéir dhámhachtana agus tairiscintí á measúnú 38
   1.2. An 'critéar breise' 40
2. Ag déileáil le 'tairiscintí ísle neamhghnácha' 41
3. Tairgeoirí nach n-éiríonn leo a fhaisnéisiú 42

D. Feidhmíocht an chonartha 43

1. Rialacha a rialaíonn clásail fheidhmíochta conarthaí 43
2. Samplaí de dhálaí sóisialta is féidir a chur san áireamh i gclásail fheidhmíochta conarthaí 44
3. An dlí náisiúnta saothair a chomhlánú 46
4. Slabhra an tsoláthair a bhainistiú 47
5. Bainistiú conartha agus faireachán comhlánaithe 48

Réamhrá

Is é atá i gceist le soláthar poiblí atá freagrach go sóisialta (SPFS), sampla a thabhairt agus tionchar a imirt ar an margadh. Trí SPFS a chur chun cinn, féadfaidh údaráis phoiblí fíordhreasacht a thabhairt do chuideachtaí chun bainistíocht atá freagrach go sóisialta a fhorbairt. Trí bheith ag ceannach go stuama, féadfaidh údaráis phoiblí na nithe seo a leanas a chur chun cinn: deiseanna fostaíochta, obair chuibhiúil, cuimsiú sóisialta, inrochtaineacht, dearadh do chách, trádáil eiticiúil, agus féadfaidh siad féachaint leis go gcomhlíontar caighdeáin shóisialta ar bhonn níos leithne. Maidir le táirgí, oibreacha agus seirbhísí áirithe, is féidir tionchar suntasach ar leith a bheith i gceist, os rud é go bhfuil sciar mór den mhargadh ag ceannaitheoirí poiblí (e.g. sa tógáil, sna seirbhísí gnó, TF agus mar sin de). Tríd is tríd, is mórthomhaltóirí san Eoraip iad na húdaráis phoiblí, a chaitheann 17% d'olltáirgeacht intíre an AE (suim is ionann agus leath d'OT na Gearmáine). Dá bhrí sin, tríd an gcumhacht atá acu mar cheannaitheoirí a úsáid chun earraí agus seirbhísí a roghnú a mbíonn dea-thorthaí sóisialacha orthu freisin, is féidir leo cion mór a dhéanamh ar son na forbartha inmharthana.

Is leis na Treoracha 2004/17/CE[1] agus 2004/18/CE[2] (na 'Treoracha Soláthair')[3] an bunús dlí atá leis an soláthar poiblí san Aontas Eorpach , a thugann scóip chun dálaí sóisialta a chur san áireamh, ar choinníoll go háirithe go bhfuil baint dhíreach acu le hábhar an chonartha[4] agus go bhfuil siad i gcomhréir lena chuid ceanglas agus chomh fada is a chloítear le prionsabail an luach ar airgead agus na cothroime rochtana do gach soláthróir AE.

Tá forbairt déanta ar an ábhar seo i gcaitheamh na mblianta ag cásdlí Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (**CBAE**), ag Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach in 2001[5] agus ag staidéar arna fhoilsiú ag an gCoimisiún in 2003 maidir le héagsúlacht agus cothroime sa soláthar poiblí (http://ec.europa.eu/employment_social/fundamental_rights/public/arc_en.htm#Leaflets).

Is é is feidhm leis an Treoir seo, (a) feasacht na n-údarás conraitheoireachta a mhéadú maidir leis na buntáistí a d'fhéadfadh a bheith ag an SPFS agus (b) míniú praiticiúil a thabhairt ar na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gcreat dlí atá ann san AE cheana féin d'údaráis phoiblí chun dálaí sóisialta a chur i gcuntas ina gcuid soláthair phoiblí, trína dtabharfar aird ní amháin ar an bpraghas ach ar an luach is fearr ar airgead. Agus an Treoir seo á dréachtú, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go forleathan le húdaráis phoiblí sna Ballstáit agus le cuid mhaith páirtithe leasmhara agus geallsealbhóirí eile.

Is d'údaráis phoiblí go príomha atá an Treoir seo á cur ar fáil, ach le súil freisin is go mbeidh sí mar ábhar spreagtha ag ceannaitheoirí san earnáil phríobháideach freisin.

Ar chúiseanna praiticiúla, cloíonn an Treoir seo leis an nós imeachta soláthair céim ar chéim.

---

1 Treoir 2004/17/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 lena gcomhordaítear na nósanna imeachta um sholáthar de chuid eintiteas a oibríonn in earnálacha an uisce, an fhuinnimh, an iompair agus na seirbhísí poist (dá ngairtear 'Treoir 2004/17/CE' ina dhiaidh seo);.

2 Treoir 2004/18/CE ó Pharliamint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Márta 2004 maidir le comhordú nósanna imeachta chun conarthaí oibreacha poiblí, conarthaí soláthair phoiblí agus conarthaí seirbhíse poiblí a dhámhachtain ('**Treoir 2004/18/CE**' ina dhiaidh seo);.

3 Tá na Treoracha Soláthair bunaithe ar phrionsabail an Chonartha agus «*go háirithe prionsabal na saorghluaiseachta earraí, prionsabal na saoirse bhunaíochta agus prionsabal na saoirse chun seirbhísí a sholáthar agus na prionsabail a dhíorthaíonn uathu, ar nós an phrionsabail um dhéileáil chomhionann, phrionsabal an neamh-idirdhealaithe, phrionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh, phrionsabal na comhréireachta agus phrionsabal na trédhearcachta*». Ba cheart forálacha na dTreoracha Soláthair a léirmhíniú de réir na rialacha agus na bprionsabal a luaitear anseo roimhe seo agus rialacha eile de chuid an Chonartha (feic Aithris 2 de Threoir 2004/18/CE agus Aithris 9 de Threoir 2004/17/CE);

4 Nó, mar rogha air sin, le feidhmíocht an chonartha, i gcásanna ina gcuirtear dálaí sóisialta san áireamh i gclásail fheidhmíochta an chonartha

5 COM(2001) 566 ar dhlí an AE is infheidhme maidir le soláthar poiblí agus na féidearthachtaí chun dálaí sóisialta a chomhtháthú sa soláthar poiblí.

I. Ag ceannach go sóisialta: na príomh-shaincheisteanna

1. Soláthar poiblí atá freagrach go sóisialta (SPFS): sainmhíniú

1.1 Ciallaíonn 'SPFS' oibríochtaí soláthair a chuireann ceann amháin nó níos mó de na dálaí sóisialta seo a leanas i gcuntas: deiseanna fostaíochta, obair chuibhiúil, cearta sóisialta agus oibreachais a chomhlíonadh, cuimsiú sóisialta (lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas), comhdheiseanna, dearadh inrochtana do chách, agus critéir inmharthanachta á gcur san áireamh, lena n-áirítear saincheisteanna trádála eiticiúla[6] agus comhall saorálach níos leithne leis an bhfreagracht shóisialta chorparáideach (FSC), fad a dhéantar de réir na bprionsabal a chumhdaítear sa Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus sna Treoracha Soláthair. Féadfaidh SPFS a bheith mar uirlis chumhachtach chun an fhorbairt inmharthanach a chur ar aghaidh agus chun cuspóirí sóisialta an AE (agus na mBallstát) araon a bhaint amach. Clúdaíonn SPFS raon leathan de dhálaí sóisialta ar féidir le húdaráis chonraitheoireachta iad a chur i gcuntas ag an gcéim chuí de phróiseas an tsoláthair. Is féidir dálaí sóisialta agus dálaí glasa a chur le chéile mar chur chuige comhtháite i leith na hinmharthanachta sa soláthar poiblí[7].

1.2 Chun tacú lena mbeartais shóisialta, tá slite éagsúla inar féidir le húdaráis chonraitheoireachta dálaí sóisialta a chur i gcuntas sa soláthar poiblí. Leagtar amach thíos **liosta nach bhfuil uileghabhálach** de dhálaí sóisialta a d'fhéadfadh a bheith ábhartha maidir le soláthar poiblí, **faoi réir ag na Treoracha Soláthair agus bunphrionsabail CAE a bheith á gcomhlíonadh**. **Ní féidir cuid mhaith dálaí sóisialta, ag brath ar a gcineál, a chur san áireamh áfach, ach amháin ag céimeanna áirithe de phróiseas an tsoláthair[8]. Chomh maith leis sin, ba cheart d'údaráis chonraitheoireachta cinneadh a dhéanamh cás ar chás cé acu na dálaí sóisialta a bhaineann le hábhar maidir lena soláthar, ag brath ar ábhar a gconarthaí agus ar a gcuspóirí.** D'fhéadfadh na dálaí sóisialta seo a leanas a bheith ábhartha don soláthar:

- *'Deiseanna fostaíochta'*, a chur chun cinn, mar shampla:
  - fostaíocht don óige a chur chun cinn;
  - cothroime inscne[9] a chur chun cinn (e.g. cothromaíocht oibre is saoil, comhrac in aghaidh deighilte rannáin agus gairme, etc.);
  - deiseanna fostaíochta do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus do dhaoine scothaosta;
  - beartais éagsúlachta agus deiseanna fostaíochta do dhaoine ó ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste (e.g. spailpíní fánacha, mionlaigh eitneacha, mionlaigh chreidimh, daoine le gnóthachtáil oideachais íseal, etc.);
  - deiseanna fostaíochta a chur chun cinn do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear trí thimpeallachtaí oibre a chur ar fáil atá cuimsitheach agus inrochtana.

- *'Obair chuibhiúil'*[10] a chur chun cinn:
  Tá an coincheap seo a nglactar go huilíoch leis bunaithe ar an gcreideamh go bhfuil ceart ag daoine chun fostaíochta táirgiúla i gcoinníollacha saoirse, cothromais, slándála agus dínite daonna. Ceithre ní atá sa Chlár Oibre um Obair Chuibhiúil, a bhfuil an tábhacht chéanna leo go léir agus a bhraitheann ar a chéile mar a chéile: an ceart chun oibre táirgiúla arna roghnú go saor, prionsabail agus cearta

6 Chun sonraí breise a fháil, feic Alt 4 de Chaibidil IV ('Lipéid shóisialta agus na himpleachtaí don trádáil eiticiúil').

7 Maidir le dálaí glasa sa soláthar poiblí, feic Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach COM(2008) 400/2 'Soláthar poiblí do chomhshaol níos fearr' (http://ec.europa.eu/environment/gpp/pdf/com_2008_400.pdf) agus doiciméad sheirbhísí an Choimisiúin 'An Ceannach Glas — Lámhleabhar maidir leis an Soláthar Poiblí Glas' (http://ec.europa.eu/environment/gpp/guideline_en.htm). Ba sa bhliain 2004 a foilsíodh an Lámhleabhar maidir leis an Soláthar Poiblí Glas áfach, agus ní chuirtear na forbairtí a rinneadh ar dhlí an AE ó shin i gcuntas ann.

8 Mar shampla, is oiriúnaí go ginearálta dálaí sóisialta maidir le coinníollacha saothair a chur i gcuntas sna clásail fheidhmíochta chonarthacha, os rud é nach gcáilíonn siad ar an mórgóir mar shonraíochtaí teicniúla nó mar chritéir roghnóireachta, laistigh de bhrí na dTreoracha Soláthair. Os a choinne sin, bíonn sé níos oiriúnaí go ginearálta dálaí inrochtana a chur san áireamh sna sonraíochtaí teicniúla.

9 Clúdaítear i gcoincheap na cothroime inscne ní amháin gannionadaíocht ban in earnálacha áirithe, ach gannionadaíocht fear sna hearnálacha a shamhlaítear le mná de ghnáth ar nós cúraim leanaí agus bonnoideachais scoile.

10 An Coimisiún Eorpach, COM(2006) 249 an 24 Bealtaine 2006, lch. 2 'Tá comhnascadh na hiomaíochta eacnamaíochta agus an cheartais shóisialta sa tslí seo i gcroílár mhúnla Eorpach na forbartha. Is dlúthchuid den Chlár Oibre Sóisialta Eorpach, agus d'iarrachtaí an AE a luachanna a chur ar aghaidh agus a thaithí agus a mhúnla den fhorbairt chomhtháite eacnamaíochta agus shóisialta a roinnt é, páirt ghníomhach san obair chuibhiúil a chur chun cinn.' Feic freisin an tiomantas athnuaite don chlár oibre um obair chuibhiúil sa Doiciméad Oibre d'Fhoireann an Choimisiúin 'Tuarascáil maidir le cion an AE maidir le hobair chuibhiúil a chur chun cinn sa saol mór', SEC(2008) 2184, arna bhunú ar COM2008 412 críochnaitheach.

bunúsacha ag an obair, fostaíocht a sholáthraíonn ioncam cuibhiúil agus slándáil shóisialta agus agallamh sóisialta. Meastar an chothroime inscne agus an neamhidirdhealú a bheith ina saincheisteanna leathana ar an gClár Oibre um Obair Chuibhiúil. I gcomhthéacs SPFS, féadfaidh tábhacht a bheith ag baint le roinnt saincheisteanna, mar shampla:

- croíchaighdeáin shaothair a chomhlánú[11];
- pá cuibhiúil;
- sláinte agus sábháilteacht ghairme;
- an t-agallamh sóisialta;
- rochtain ar an oiliúint;
- an chothroime inscne agus neamhidirdhealú;
- rochtain ar chosaint shóisialta bhunúsach.

• Comhlíonadh *'cearta sóisialta agus saothair'*, a chur chinn, mar shampla:
  - dlíthe náisiúnta agus comhaontuithe comhchoiteanna a dhéanann de réir dhlí an AE a chomhlíonadh;
  - prionsabal an chaithimh chomhionann le fir agus le mná a chomhlíonadh, lena n-áirítear prionsabal an chomhphá ar obair chomhluacha, agus an chothroime inscne a chur chun cinn;
  - déanamh de réir dlíthe sláinte agus sábháilteachta gairme;
  - an t-idirdhealú ar bhoinn eile a chomhrac (aois, míchumas, cine, reiligiún agus creideamh, claonadh gnéis, etc.) agus comhdheiseanna a chruthú.

• Tacú le '*cuimsiú sóisialta*' agus tacú le heagraíochtaí eacnamaíochta sóisialta, mar shampla:
  - comhrochtain ar dheiseanna soláthair do ghnólachtaí ar le daoine ó ghrúpaí eitneacha / mionlaigh iad nó a fhostaíonn daoine den bhunadh sin - comhfhiontair, fiontair shóisialta agus eagraíochtaí neamhbhrabúis, mar shampla;
  - tacú leis an bhfostaíocht thacúil do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áirítear ar an margadh saothair oscailte.

[11] Toirmeascann croíchaighdeáin shaothair na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair an obair éigeantais (Coinbhinsiúin 29 agus 105) agus fostú páistí (Coinbhinsiúin 138 agus 182) agus bunaíonn siad an ceart chun saoirse comhlachais agus comhmhargála (Coinbhinsiúin 87 agus 98) agus chun neamhidirdhealaithe i dtéarmaí fostaíochta agus gairme (Coinbhinsiúin 100 agus 111). Is iad na hocht gCoinbhinsiún thuasluaite den EIS, a dhaingnigh gach ceann de 27 mBallstát an AE, na boinn dlí do na Croí-Chaighdeáin Shaothair.

- Tacú leis an *'inrochtaineacht agus dearadh do chách'*[12]*, mar shampla:*
  - forálacha éigeantacha i sonraíochtaí teicniúla chun rochtain a áirithiú do dhaoine faoi mhíchumas, mar shampla, ar sheirbhísí poiblí, foirgnimh phoiblí, iompar poiblí, faisnéis phoiblí agus earraí agus seirbhísí TFC, lena n-áirítear feidhmchláir bunaithe ar an ngréasán. Is é croí na ceiste earraí agus seirbhísí a cheannach a bhfuil teacht ag cách orthu.

- Saincheisteanna *'trádála eiticiúla'*[13] a chur i gcuntas, mar shampla:
  - an fhéidearthacht, de réir coinníollacha áirithe[14], saincheisteanna trádála eiticiúla a chur i gcuntas i sonraíochtaí tairisceana agus coinníollacha conarthaí.

- Féachaint le tiomantas saorálach níos leithne don *'fhreagracht shóisialta chorparáideach'* (FSC) a bhaint amach, i.e. cuideachtaí a bheith ag gníomhú ar bhonn saorálach agus níos mó ná an méid a leagtar síos sa dlí a dhéanamh chun cuspóirí comhshaoil agus sóisialta a bhaint amach ina ngnó laethúil, mar shampla:
  - a bheith ag obair le conraitheoirí chun an tiomantas do luachanna FSC a fheabhsú.

- Ag cosaint in aghaidh sáruithe ar *chearta an duine* agus an meas ar chearta an duine a chothú.

- *'Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide'* a chur chun cinn an fhaid is féidir ceangal a chothú idir iad agus na dálaí a leagtar amach thuas:
  - forálacha a thugann rochtain níos fearr do Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide ar an soláthar poiblí trí chostais agus / nó ualach na rannpháirtíochta i ndeiseanna SPFS a laghdú. Is féidir é sin a bhaint amach trína chinntiú, mar shampla, nuair is féidir, nach bac ann féin a bhíonn i méid an chonartha féin ar na Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide a bheith rannpháirteach, trí dhóthain ama a thabhairt chun tairiscintí a ullmhú, trí íocaíocht in am a chinntiú, trí cheanglais cháilitheacha agus eacnamaíochta atá comhréireach a leagan síos, etc.;
  - comhdheiseanna trí dheiseanna fochonraitheoireachta a dhéanamh níos éasca le tabhairt faoi deara.

Tá difríochtaí suntasacha idir stádas na gcuspóirí beartais shóisialta sin i ndlí an AE agus sna Ballstáit éagsúla araon. Mar shampla, in earnálacha áirithe bíonn forálacha éigeantacha i gceist maidir le hinrochtaineacht a shíneann thar cheanglais dhlí an AE i roinnt Ballstát, ach ní amhlaidh atá i mBallstáit eile.

2. Buntáistí ionchasacha SPFS

2.1. Cuidiú leis an dlí sóisialta agus dlí an tsaothair a chomhlánú, lena n-áirítear gealltanais / cláir oibre bhainteacha náisiúnta agus idirnáisiúnta

Féadfaidh SPFS cur le comhlíonadh na dtiomantas náisiúnta nó idirnáisiúnta do spriocanna na forbartha sóisialta a fheabhsú, tharla go bhfuil an imní ag méadú in a lán tíortha nach imleor na meicníochtaí traidisiúnta chun an ceartas sóisialta agus an comhtháthú sóisialta a spreagadh. Féadfaidh SPFS a léiriú conas is féidir le dálaí sóisialta agus eacnamaíochta atreisiú a dhéanamh ar a chéile.

---

[12] Aithnítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas go bhfuil inrochtaineacht ar cheann de na prionsabail ghinearálta a chumhdaítear in Airteagal 3 (an "Coinbhinsiún"). Anuas air sin, leagtar amach in Airteagal 9 den Choinbhinsiún na hoibleagáidí atá ar Pháirtithe Stát rochtain a chinntiú ar an gcomhshaol fisiciúil, ar iompar, ar fhaisnéis agus cumarsáid, lena n-áirítear teicneolaíochtaí agus córais fhaisnéise agus chumarsáide, agus ar shaoráidí agus seirbhísí atá ar oscailt don phobal nó a sholáthraítear don phobal, i limistéir uirbeacha agus thuaithe araon. De bhreis air sin, éilítear bearta sa Choinbhinsiún freisin chun feidhm a thabhairt don 'dearadh uilíoch'. San Eoraip, is minic a thugtar 'dearadh do chách' ar an gcoincheap sin.
Tá an Coinbhinsiún sínithe ag líon suntasach de chomhaltaí na Náisiún Aontaithe (lena n-áirítear an Comhphobal Eorpach agus na Ballstáit ar fad) agus tá sé á dhaingniú faoi láthair ag na sínitheoirí. I mí Lúnasa 2008 chuir an Coimisiún dhá thogra faoi bhráid na Comhairle le haghaidh Cinntí ón gComhairle chun clabhsúr a chur le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe agus an Prótacal Roghnach a ghabhann leis. Ar 26 Samhain 2009 ghlac an Chomhairle Cinneadh maidir leis an gComhphobal Eorpach do chur Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas i gcrích: http://register.consilium.europa.eu/pdf/en/09/st15/st15540.en09.pdf.

[13] Pléadh dálaí trádála eiticiúla a chur i gcuntas sa soláthar poiblí i gCumarsáid COM(2009) 215 an 5 Bealtaine 2009 'Rannchuidiú leis an bhforbairt inmharthanach: Ról *Cóirthrádála* agus scéimeanna neamhrialtasacha dearbhaithe inmharthana a bhaineann leis an trádáil.'

[14] Maidir leis na coinníollacha sin, feic Caibidil IVA ar 'Ceanglais an Chonartha a Shainmhíniú', Alt 4 go háirithe ('Lipéid shóisialta agus na himpleachtaí don trádáil eiticiúil').

2.2. Margaí atá feasach go sóisialta a spreagadh

Féadfaidh SPFS rannchuidiú le margadh a fhorbairt ina mbeidh éileamh ar tháirgí a mbeidh buntáiste sóisialta acu trí mhargaí atá ann cheana féin a leathnú nó margaí nua a chruthú d'earraí agus seirbhísí a thacaíonn le cuspóirí sóisialta a bhaint amach agus a fheidhmíonn mar mhúnla do thomhaltóirí eile trí chaighdeáin agus faisnéis a thairscint dóibh. Go deimhin, féadfaidh an soláthar poiblí sóisialta cuidiú le cothrom na féinne a choinneáil i réim san Eoraip agus barainneachtaí scála. Féadfar nuálaíocht a spreagadh sa mhargadh, mar aon leis an iomaíocht ag an leibhéal Eorpach, mar shampla trí theicneolaíochtaí faisnéise a cheannach atá inrochtana ag daoine faoi mhíchumas, arb é an toradh a bheidh air go dtabharfar táirgí den chineál sin atá níos fearr agus níos saoire isteach sa mhargadh.

2.3. Rialachas atá freagrúil go sóisialta a léiriú

Féadfaidh SPFS cur le comhlíonadh luachanna agus riachtanas pobail a fheabhsú, mar a fhreagraíonn sé don mhéadú ar éileamh ón phobal do rialtais a bheith freagrach go sóisialta ina ngníomhartha. Mar shampla, trí chinntiú go gcuirtear riachtanais na n-úsáideoirí go léir i gceist i gconradh seirbhíse sóisialta (ar nós daoine faoi mhíchumas nó daoine ó chúlraí eitneacha éagsúla a chur san áireamh), féadfaidh údarás conraitheoireachta freastal do riachtanais an phobail ilchineálaigh a bhfreastalaíonn sé air.

2.4. Comhtháthú a spreagadh

Bíonn idirghabháil phoiblí inmhianaithe uaireanta chun comhtháthú grúpaí suntasacha sa tsochaí a spreagadh (mar shampla daoine faoi mhíchumas, gnónna beaga, mná nó mionlaigh) i margaí croílárnacha d'fhonn go bhforbróidh margadh éifeachtach.

2.5. Caiteachas poiblí níos éifeachtaí a chinntiú

D'fhéadfadh sé gur réimse tharraingteach a bheadh sa soláthar chun an cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, i ngeall ar mhéid an tsoláthair phoiblí agus na srianta a chuireann géarghanntanas buiséadach le hidirghabháil shóisialta dhíreach.

3. SPFS agus múnla sóisialta an AE

3.1 Ceann de na buntáistí móra a bhaineann le SPFS, mar a chonacthas cheana, is ea gur féidir le húdaráis phoiblí e a úsáid chun an múnla sóisialta Eorpach a chur ar aghaidh. Is é atá sa mhúnla sóisialta Eorpach, tuiscint ar an tsochaí ina nasctar an fás eacnamaíochta inmharthanach agus coinníollacha maireachtála agus oibre feabhsaithe. Chonacthas gur bhain sé seo le geilleagar rathúil a chruthú ina mbaintear amach tacar áirithe caighdeán sóisialta go forásach: poist atá ar chaighdeán sásúil, comhdheiseanna, neamh-idirdhealú, cosaint shóisialta do chách, cuimsiú sóisialta, agallamh sóisialta, caidreamh tionsclaíoch ardchaighdeáin agus pearsana aonair a bheith rannpháirteach sna cinntí a dhéanann difear dóibh. Ní amháin go bhfuil na caighdeáin sin tábhachtach ó bhonn ach is fachtóirí lárnacha iad freisin chun an luach is fearr ar airgead agus an nuálaíocht a chur chun cinn.

3.2 Tháinig caighdeáin shóisialta chun ról lárnach a bheith acu i neart eacnamaíochta na hEorpa a thógáil, trí fhorbairt a dhéanamh ar 'mhúnla sóisialta uathúil'[15]. mar a thug institiúidí an AE air. Le himeacht ama meastar an dul chun cinn eacnamaíochta agus an comhtháthú sóisialta mar chrainn taca chomhlántacha na forbartha inmharthanaí agus tá an dá cheann acu i gcroílár phróiseas an imeasctha Eorpaigh.

---

15 Feic, mar shampla, an brollach leis an gCumarsáid ar Chlár Oibre an Bheartais Shóisialta.

3.3. Tá méadaithe ar an mbéim a chuir an AE ar chearta agus cothroime shóisialta, go háirithe sa láthair oibre. De réir mar a leathnaigh an fhorbairt inmharthanach thar shaincheisteanna comhshaoil chuig saincheisteanna sóisialta, fuair caighdeáin shóisialta níos mó aitheantais mar fhachtóir amháin sa ghluaiseacht i dtreo freagrachta sóisialta corparáidí, gluaiseacht a bhí ag dul i méid. Má thógtar an chothroime inscne mar shampla, ag an leibhéal Eorpach agus an leibhéal náisiúnta araon tá an chothroime inscne tugtha isteach sa phríomhshruth níos mó, rud a fhágann go ndearnadh comhtháthú forásach ar an dearcadh inscne isteach i ngach céim de bheartais, de phróisis agus de chleachtais institiúideacha, ón dearadh go dtí an forfheidhmiú, an maoirsiú nó an measúnú.

© iStock

4. An cur chuige dlí agus beartais maidir le SPFS san AE

4.1. An ghné shóisialta de bheartais agus reachtaíocht an AE a fhorbairt

Le fiche bliain anuas, tá forbairt shuntasach déanta ag an AE ar an ngné shóisialta den Aontas, mar a chorpraítear sa Chlár Oibre Sóisialta athnuaite[16] in 2008. Is é an tábhacht a bhaineann leis an bhforbairt sin gur féidir le SPFS anois cúrsaí beartais a chur chun cinn ag leibhéal an AE, lena n-áirítear idirghníomhú SPFS leis an mbeartas idirnáisiúnta. I réimsí áirithe ghlac an AE reachtaíocht go sonrach, maidir le cúrsaí cothroime inscne agus neamh-idirdhealaithe ar fhorais chine, aoise, chlaonta gnéis, mhíchumais, chreidimh reiligiúin agus eile, agus maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair freisin, am oibre, coinníollacha oibre agus faisnéis agus comhairleoireacht. Agus í bunaithe ar fhorálacha áirithe de CAE, tá reachtaíocht chuimsitheach de chuid an AE ann anois ag déileáil le caitheamh comhionann, chomh maith le coinníollacha oibre a bheith á gcur chun cinn ag leibhéal an Chomhphobail. De bhreis ar an reachtaíocht, tá forbairt á déanamh ag an AE ar a ghné shóisialta freisin i slite eile, mar shampla trí agallamh sóisialta a chur chun cinn, an modh oscailte comhordaithe le haghaidh beartas fostaíochta, cosanta sóisialta agus cuimsithe shóisialta, mar aon le tacaíocht airgeadais ó Chiste Sóisialta na hEorpa. Is cuspóir lárnach de chuid an AE é, caighdeáin shóisialta a ardú níos mó ar mhórán bealaigh, go háirithe i gcásanna nuair is cearta bunúsacha freisin iad caighdeáin shóisialta.

De bhreis ar an méid sin, ag tréimhsí éagsúla le blianta beaga anuas, rinne roinnt eagraíochtaí comhpháirtithe shóisialta lámhleabhair a tháirgeadh d'eagraíochtaí agus údaráis phoiblí maidir le conarthaí a dhámhachtain in earnálacha sonracha (lónadóireacht, glantachán, slándáil phríobháideach agus teicstílí), bunaithe ar an gcreat dlíthiúil is infheidhme ag tráth a scríofa[17]. Is toradh iad na lámhleabhair earnála sin ar obair neamhspleách le comhpháirtithe sóisialta laistigh den phróiseas agallaimh shóisialta Eorpaigh agus leagann siad béim ar an tábhacht a bhaineann le treoir theicniúil maidir le SPFS a úsáid sna hearnálacha sonracha sin. Idir an dá linn forbraíodh creat dlí an AE agus tá gá anois le treorú atá níos cuimsithí agus níos cothroime le dáta d'fhonn a chinntiú go bhfuil cleachtas an tsoláthair go hiomlán de réir dlí reatha an AE maidir le soláthar poiblí. Sin é is aidhm don Treoir seo.

16 Cumarsáid ón gCoimisiún chun Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle, Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus Choiste na Réigiún 'Clár oibre sóisialta athnuaite: Deiseanna, rochtain agus dlúthpháirtíocht san Eoraip sa 21ú céad', COM(2008) 412 críochnaitheach an 2 Iúil 2008.

17 Lónadóireacht: 'Treoir maidir leis an tairiscint eacnamaíochta is tairbhiúla sa lónadóireacht faoi chonradh' (2006); Glantóireacht: 'An luach is fearr a roghnú — Lámhleabhar d'eagraíochtaí a dhámhachtann conarthaí do sheirbhísí glantóireachta' (2004); Slándáil phríobháideach: 'An luach is fearr a roghnú — Lámhleabhar d'eagraíochtaí a dhámhachtann conarthaí do sheirbhísí gardála príobháideacha' (1999); Teicstílí: 'Treoir dámhachtana soláthair phoiblí don earnáil éadaí agus teicstílí' (2005).

4.2. An cur chuige dlí agus beartais maidir le SPFS san AE

D'fhorbair an Coimisiún Eorpach straitéis chun raon SPFS a shoiléiriú. Sa Chumarsáid léirmhínitheach uaidh an 15 Deireadh Fómhair 2001, leag an Coimisiún Eorpach amach na féidearthachtaí a bhain le dlí an Chomhphobail chun dálaí sóisialta a chomhtháthú le nósanna imeachta soláthair phoiblí. [18] Is í an aidhm a bhí ag an gCumarsáid sin 'soiléiriú a dhéanamh ar an raon féidearthachtaí faoi chreat dlí an Chomhphobail atá ann faoi láthair chun dálaí sóisialta a chomhtháthú sa soláthar poiblí. Féachann sí go háirithe le idirghníomhaíocht dhinimiciúil, dhearfach a chur ar fáil idir bheartais eacnamaíochta, shóisialta agus fhostaíochta, a dhéanann athneartú ar a chéile.' Roimh fhoilsiú na Cumarsáide agus dá éis sin, rinne an CBAE soiléiriú breise ar na féidearthachtaí sin i roinnt cásanna móra suntasacha[19].

Chomhdhlúthaigh na Treoracha Soláthair a glacadh an 31 Márta 2004 an creat dlí. Luaitear go sonrach iontu na slite chun dálaí sóisialta a chorprú i sonraíochtaí teicniúla, i gcritéir roghnaithe, i gcritéir dámhachtana agus i gclásail fheidhmíochta chonartha. Tugadh isteach foráil nua maidir le ceardlanna d'oibrithe faoi mhíchumas.

Níl feidhm ag na Treoracha Soláthair maidir leis na conarthaí poiblí go léir. Tá beartais SPFS glactha ag roinnt údarás conraitheoireachta a bhaineann go sonrach le conarthaí nach gclúdaíonn na Treoracha Soláthair (ar nós conarthaí faoi bhun na dtairseach le haghaidh fheidhmiú na dTreoracha) agus nach bhfuil ach clúdaithe go páirteach (ar nós conarthaí do sheirbhísí a sháraíonn na tairsigh maidir le feidhmiú na dTreoracha Soláthair a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2004/18/CE agus in Iarscríbhinn XVII B a ghabhann le Treoir 2004/17/CE).

Díríonn an Treoir seo ar dhálaí sóisialta a chur i gcuntas i gconarthaí poiblí a bhíonn clúdaithe go hiomlán ag na Treoracha Soláthair. Ní bhaineann sí go mionsonraithe le rialacha an CAE is infheidhme maidir le dálaí sóisialta a chur san áireamh i gconarthaí nach gclúdaítear nó nach gclúdaítear ach go páirteach (ar nós na gcinn sin a luaitear sa mhír roimhe seo).

Níor mhór a rá freisin áfach, i gcás conarthaí den sórt sin, bíonn sé de shaoirse i gcónaí ag na húdaráis chonraitheoireachta (gan dochar don reachtaíocht náisiúnta sa réimse) dálaí de chineál sóisialta a chur i gcuntas (nó gan a chur i gcuntas) ina gcuid nósanna imeachta soláthair, ar choinníoll gur féidir leo déanamh de réir na rialacha agus na bprionsabal ginearálta CAE. Go deimhin, tá sé deimhnithe ag cásdlí CBAE, maidir le rialacha inmheánacha an mhargaidh in CAE, go bhfuil feidhm leo freisin maidir le conarthaí nach dtagann faoi réim na dTreoracha Soláthair [20]. Rialaigh CBAE, maidir le prionsabail CAE an chaithimh chomhionann agus na trédhearcachta, na saorghluaiseachta earraí, na saoirse bunaíochta agus na saoirse chun seirbhísí a sholáthar, go bhfuil feidhm acu freisin maidir le conarthaí faoi bhun na dtairseach a leagtar amach sna Treoracha Soláthair.

Dá thoradh sin, féadfaidh dálaí sóisialta a bhíonn inghlactha de réir dlí i gconarthaí soláthair a bhíonn clúdaithe go hiomlán ag na Treoracha Soláthair, *a fortiori*, a bheith san áireamh i gconarthaí soláthair nach gclúdaíonn na Treoracha nó nach gclúdaíonn siad ach go páirteach.

4.3. Seirbhísí sóisialta is ábhar suime ginearálta eacnamaíochta

Ní dhéileálann an Treoir seo go sonrach le na saincheisteanna dlí a bhaineann le seirbhísí sóisialta is ábhar suime ginearálta eacnamaíochta a sholáthar.

Mí na Samhna 2007, ghlac an Coimisiún Cumarsáid maidir le seirbhísí is ábhar suime ginearálta, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta is ábhar suime ginearálta[21], a chuireann béim ar an tábhacht a bhaineann le critéir cháilíochtúla arna gcoigeartú go sainiúil maidir le seirbhísí sóisialta a chur ar fáil. Féachann sí le treoir phraiticiúil a thabhairt maidir le rialacha an AE a chur i bhfeidhm ar na seirbhísí sin. Mar aon leis an gCumarsáid bhí dhá Pháipéar Oibre don Fhoireann mar fhreagra ar shraith

[18] Cumarsáid Léirmhínitheach ón gCoimisiún maidir le Dlí an Chomhphobail is Infheidhme i leith Soláthair Phoiblí agus na Féidearthachtaí chun Dálaí Sóisialta a chomhtháthú sa Soláthar Poiblí, COM(2001) 566 críochnaitheach, 15.10.2001.

[19] Mar shampla, breithiúnais CBAE an 17 Meán Fómhair 2002 i gcás C-513/99 (Concordia Bus) agus an 4 Nollaig 2003 i gcás C-448/01 (Wienstrom).

[20] Feic, mar shampla, breith CBAE an 7 Nollaig 2000 i gcás C-324/98 (Teleaustria).

[21] Feic an Chumarsáid maidir le 'Seirbhísí is ábhar suime ginearálta, lena n-áirítear seirbhísí sóisialta is ábhar suime ginearálta: tiomantas nua Eorpach': COM(2007) 725 críochnaitheach an 20 Samhain 2007.

ceisteanna i ndáil le cur i bhfeidhm na rialacha maidir le cúnamh Stáit agus ar sholáthar poiblí seirbhísí is ábhar suime ginearálta[22]. Bailíodh formhór na gceisteanna sin le linn comhairliúchán leathan in 2006-2007 maidir le seirbhísí sóisialta. Chun an Chumarsáid a leanúint, cuireadh seirbhís fhaisnéise idirghníomhach ar bun freisin i mí Eanáir 2008 chun freagraí a thabhairt ar cheisteanna eile ó shaoránaigh, údaráis phoiblí agus soláthróirí seirbhíse i leith rialacha an AE a chur chun feidhme[23].

4.4. Gnóthais bheaga agus mheánmhéide [24]

Is gá a lán saincheist a chur sa mheá maidir le gnóthais bheaga agus mheánmhéide (cibé acu cinn bhrabúis nó neamhbhrábúis). Baineann saincheist thábhachtach áirithe leis na hualaigh a d'fhéadfadh[25] cur chuige SPFS a ghlacadh a chur go díreach ar ghnóthais bheaga agus mheánmhéide (más iad na príomhchonraitheoirí iad) nó go hindíreach (más fochonraitheoirí iad a bhfuil na

© 123RF

[22] http://ec.europa.eu/services_general_interest/faq_en.htm. Folaíonn an Páipéar Oibre don Fhoireann maidir le rialacha soláthair phoiblí a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí sóisialta is ábhar suime ginearálta treorú úsáideach maidir le rialacha soláthair phoiblí a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí sóisialta is ábhar suime ginearálta.

[23] http://ec.europa.eu/services_general_interest/registration/form_en.html.

[24] Tá sainmhíniú déanta ar Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide ag leibhéal an AE ag Moladh 2003/361/CE maidir le sainmhíniú ar mhicraghnóthais, gnóthais bheaga agus mheánmhéide: http://ec.europa.eu/enterprise/enterprise_policy/sme_definition/index_en.htm.

[25] Chun treoirlínte praiticiúla a fhail ar conas cleachtais soláthair phoiblí a dhéanamh níos cairdiúla agus inrochtana d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (SMEanna) i gcoitinne, feic Doiciméad Oibre d'Fhoireann an Choimisiúin SEC(2008) 2193 'Cód dea-chleachtais a éascaíonn rochtain ag SMEanna ar chonarthaí soláthair phoiblí' ar fáil ag: http://ec.europa.eu/internal_market/publicprocurement/docs/sme_code_of_best_practices_en.pdf.

hoibleagáidí SPFS aistrithe chucu ag an bpríomhchonraitheoir). Ba cheart go mbeadh údaráis phoiblí atá ag machnamh ar SPFS a thabhairt isteach ar a n-airdeall maidir leis na costais dhíreacha agus indíreacha seo agus ba cheart dóibh iad a chur i gcuntas agus cinneadh á dhéanamh acu conas nó ar cheart dóibh dálaí sóisialta[26] a chorprú ina ngníomhaíochtaí soláthair. Ba cheart go dtuigfeadh údaráis freisin nach dócha go rachaidh SPFS a thabhairt isteach i bhfeidhm ar gach Gnóthas Beag is Meánmhéide mar a chéile. D'fhéadfadh sé a bheith níos fearr ar a gcumas ag cuid teacht i dtír ar bhuntáistí SPFS agus deiseanna a thapú chun dul i gcomórtas ó thaobh ghnéithe na gcaighdeán sóisialta an chonartha.

[26] Rud nach mór a cheangal, gan amhras, le hábhar an chonartha (nó le feidhmíocht an chonartha, i gcásanna ina gcuirtear san áireamh i gclásail fheidhmíochta an chonartha iad).

II. Straitéis eagraíochtúil don cheannach sóisialta

Teastóidh ó údaráis phoiblí ar mian leo cuspóirí sóisialta a bhaint amach via SPFS straitéis a bhunú chun SPFS a chur chun feidhme, ag díriú ar a gcuspóirí sainiúla.

1. Cuspóirí a shocrú don soláthar poiblí atá freagrúil go sóisialta

Féadfaidh straitéiseacha eagraíochtúla do SPFS léiriú a thabhairt ar na tosaíochtaí sóisialta[27] náisiúnta, réigiúnacha agus / nó áitiúla agus an fheidhm a bhíonn ag an soláthar poiblí ag rannchuidiú leis na tosaíochtaí sin a bhaint amach a admháil go follasach ag an am céanna.

Sampla:

An Fhrainc: Seoladh 'Stratégie nationale du développement durable' in 2003, agus ina dhiaidh sin, 'Plan national d'action pour des achats publics durables' in 2007. Tá rialtas na Fraince tar éis a bheith ag gabháil do mhórsheisiúin chomhairleoireachta leis na comhpháirtithe sóisialta — an 'Grenelle de l'environnement' agus 'Grenelle de l'insertion' – a chlúdaíonn bearta éagsúla a imríonn tionchar ar an gcomhtháthú sóisialta, lena n-áirítear an soláthar poiblí. Is í an aidhm atá i gceist, cur leis an gcoincheap bunaidh den 'État exemplaire', i.e. go mbítear ag súil leis go dtaispeánfaidh an Stát, agus ar bhonn níos ginearálta gach eintiteas poiblí, an bealach chun cinn i dtreo na forbartha inmharthanaí.

2. Tiomantas agus ceannasaíocht pholaitiúil ardleibhéil a shocrú don SPFS

Tá an cheannasaíocht ar cheann de na gnéithe riachtanacha chun go n-éireoidh le haon straitéis SPFS. Tá i gceist leis sin an struchtúr bainistíochta a aithint agus na hacmhainní (daonna agus airgeadais) is gá chun SPFS a chur i gcrích. Teastaíonn ceannasaíocht don SPFS ó fhíorbharr na heagraíochta agus teastaíonn tiomantas agus ceannasaíocht pholaitiúil ar fud na struchtúr bainistíochta.

I bprionsabal, ba cheart go mbeadh sé éasca go leor ag gach údarás poiblí an cinneadh polaitiúil a dhéanamh chun ceannach a dhéanamh ar bhonn sóisialta. Go deimhin, ba cheart iad a spreagadh déanamh amhlaidh, mar rachaidh sé chun tairbhe ní amháin don tsochaí ach don údarás conraitheoireachta freisin trí fheabhas a chur ar an gcaoi a mbreathnaíonn an pobal air. Go praiticiúil, ní gá don údarás conraitheoireachta aon athruithe struchtúracha a dhéanamh de ghnáth ar mhaithe le beartas ceannaithe shóisialta.

Sampla:

An Ríocht Aontaithe: Bhí feidhm leis an Dualgas Inscne a cuireadh i bhfeidhm ar údaráis phoiblí i mí Aibreáin 2007 faoin Equality Act (2006). Is gléas nua dlíthiúil é seo a bhfuil sé d'acmhainn aige dul chun cinn suntasach a chur i bhfeidhm ó thaobh cothroime inscne san earnáil phoiblí de, agus tionchar éigin a imirt ar an earnáil phríobháideach freisin tríd an soláthar iontu.

Folaíonn an dualgas inscne san earnáil phoiblí ceanglas a chinntiú go gcomhlíontar dlí na cothroime pá. Cuireann scéimeanna cothroime inscne údaráis phoiblí faoi oibleagáid chun cuspóirí a ghlacadh a thugann aghaidh ar na cúiseanna atá leis an difríocht phá idir an dá inscne agus modhanna a bhreithniú chun dul i ngleic leo, e.g. trí mhodhanna earcaíochta a athrú, socruithe oibre solúbtha a thabhairt isteach agus athbhreithnithe cothroime pá a sheoladh.

Mar thoradh ar an dualgas inscne tá tús curtha le fiontair go forleathan san earnáil phoiblí agus síneann sé chomh fada le téarmaí na fostaíochta a chuireann conraitheoirí san earnáil phríobháideach i bhfeidhm. Chun na críche sin, dréachtaíodh treoirlínte soláthair chun an earnáil phoiblí a spreagadh chun an dea-chleachtas a chothú maidir leis an éagsúlacht agus cothroime phá i measc conraitheoirí. Foilsíodh treoracha maidir leis an gcothroime inscne a chur chun cinn san earnáil phoiblí i mí Feabhra 2006. Leagadh amach ansin bearta éagsúla a d'fhéadfadh údaráis phoiblí a chur i bhfeidhm chun déanamh de réir cheanglais an dualgais inscne i bhfeidhmeanna soláthair. Foilsíodh cód cleachtais um an Dualgas Comhionannais Inscne seo in 2007

---

27 Mar is léir, ní chiallaíonn sé sin go bhféadfadh údaráis chonraitheoireachta tosaíocht a thabhairt do tháirgí áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta chun caitheamh go fabhrach leis na margaí saothair áitiúla.

3. Priacail a mheas agus catagóirí caithimh eagraíochtúla a chur in ord tosaíochta chun torthaí sóisialta a fheabhsú

Is gá d'údaráis chonraitheoireachta measúnú a dhéanamh ar phriacail agus tionchar sóisialta a ngníomhaíochta ceannaíochta agus a slabhra soláthair. Cuidíonn sé sin leo a gcuid iarrachtaí a dhíriú ar na catagóirí caithimh is tábhachtaí agus orthu sin is mó a rannchuideoidh lena spriocanna sóisialta a bhaint amach.

Seo a leanas roinnt moltaí a ba cheart d'údaráis chonraitheoireachta a bhreithniú agus a gcuid tosaíochtaí maidir le cur chuige i leith SPFS á leagan amach acu:

- Cur chuige céim ar chéim a ghlacadh. Tosú le réimse bheag táirgí agus seirbhísí le tionchar sóisialta soiléir nó áit a mbíonn roghanna atá freagrúil go sóisialta ar fáil go héasca, gan iad a bheith níos costasaí. Mar shampla, táirgí (e.g. feithiclí) nó seirbhísí (e.g. glantóireacht) a roghnú a bhfuil céatadán ard d'oibrithe soghonta (e.g. oibrithe as mionlaigh eitneacha, daoine faoi mhíchumas, etc.) nó d'oibrithe ban acu

- Tosú freisin trí chinntiú nach mbíonn aon drochthionchar ag sonraíochtaí conartha ar dhálaí sóisialta (e.g. tríd an tionchar a bheadh ag soláthar seirbhísí a phríobháidiú ar ghrúpaí soghonta a mheasúnú) nó trí sholáthar oiriúnach a áirithiú do chláir sciath-cheardlanna nó sciath-fhostaíochta[28], ag cur a gcumas táirgiúlachta reatha san áireamh.

- Díriú ar dtús ar fhadhb shóisialta amháin nó níos mó, ar nós tuarastail chóir nó sláinte agus sábháilteacht.

- Breithniú a dhéanamh ar infhaighteacht agus costas roghanna sóisialta de chaighdeán níos airde agus a chinntiú go bhfuil siad ar aon dul leis na rialacha agus na prionsabail is infheidhme maidir le soláthar poiblí. An bhfuil bealaigh ann atá níos freagraí go sóisialta chun aidhmeanna na straitéise soláthair a bhaint amach ná mar atá glactha ag an údarás conraitheoireachta? An sásóidh siad riachtanais an údaráis chonraitheoireachta agus an acmhainn dó íoc astu? Breithniú a dhéanamh ar na costais bhreise (más ann) a d'fhéadfadh a bheith ann toisc dálaí sóisialta a bheith curtha i gcuntas, agus ar na héifeachtaí ionchasacha de bharr iomaíochas a shrianadh

- Infhaighteacht sonraí a bhreithniú. An féidir leis an údarás conraitheoireachta teacht ar na sonraí a theastaíonn uaidh chun straitéis soláthair atá níos freagrúla go sóisialta a chur ar bun? Cé chomh casta a bheidh sé a chinneadh cad é a theastaíonn go teicniúil ón údarás conraitheoireachta agus é a chur in iúl in iarratas ar thairiscintí?

- Breithniú a dhéanamh ar chumas an údaráis chonraitheoireachta clár gníomhaíochta maidir le SPFS a chur i ngníomh a bheidh inoibrithe, éifeachtach agus éifeachtúil.

- Slite roghnacha a bhreithniú chun an beartas sóisialta atá i gceist a chur ar fáil. Má chuirtear an beartas sóisialta ar fáil (go páirteach) trí sholáthar poiblí, an úsáid chuí acmhainní é sin nó an bhfuil bealach níos éifeachtúla ann chun an beartas seo a chur ar fáil, trí ghléasanna eile a úsáid a bheidh ar fáil don údarás conraitheoireachta?

> **Sampla:**
>
> **An tSualainn:** Chun rochtain ar dheiseanna soláthair phoiblí a éascú do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide, eagraíochtaí geilleagair shóisialta agus eagraíochtaí saorálacha a bhíonn ag obair le grúpaí faoi mhíbhuntáiste shóisialta, uaireanta cuireann Gníomhaireacht Arachais Shóisialta na Sualainne rannpháirtíocht na ngrúpaí sin san áireamh i staidéar tosaigh na Gníomhaireachta ar sholáthar, d'fhonn a gcuid fadhbanna sonracha a chur i gcuntas ar bhealach níos iomláine nuair a bhíonn na doiciméid thairisceana á ndréachtadh.
>
> Chun baol an neamhchomhlíonta le caighdeáin shóisialta a aithint, déanann an Ghníomhaireacht anailís ar an riosca i dtús an tsoláthair. Mar shampla, i gcás seirbhísí glantóireachta a sholáthar, meastar baol ard a bheith ann nach ndéanfar de réir na reachtaíochta maidir le coinníollacha oibre.

[28] Bunaithe ar Airteagal 19 de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 28 de Threoir 2004/17/CE.

© 123RF

Samplaí:

An Fhrainc: Rinne bardasacht Angers fócasphointe inmheánach (comhairleoir dlí speisialaithe) a shainiú do sholáthar freagrúil ó thaobh éiceolaíochta de in 2005, agus an duine sin i gceannas ar chleachtais soláthair phoiblí a fhorbairt a bhí freagrúil go sóisialta agus é mar chuspóir leo go mbeadh siad lánbhunaithe mar chleachtais i ngníomhaíochtaí soláthair na bardasachta. Chuir an comhairleoir oiliúint intí ar fáil maidir le soláthar inmharthanach. Bhí ardú feasachta agus teagasc ar fáil ó thaobh cúrsaí teicniúla agus dlí araon nuair a aithníodh na riachtanais, a ullmhaíodh agus a seoladh an tairiscint agus a rinneadh anailís agus measúnú ar na tairiscintí a fuarthas, ag obair go dlúth le fiontair. Maidir leis na gnéithe sóisialta, measann bardasacht Angers tríd is tríd gur earnálacha tosaíochta iad oibreacha agus seirbhísí poiblí, go háirithe foirgnimh mhóra, bóithre poiblí agus páirceanna agus gairdíní poiblí a thógáil.

An Ríocht Aontaithe: Bunaíodh an Sustainable Procurement Task Force (SPTF), a bhíonn ag plé le saincheisteanna sóisialta agus comhshaoil araon i mí na Bealtaine agus d'fhoilsigh sé Plean Gníomhaíochta, Meitheamh 2006. Sa Phlean Gníomhaíochta cuireadh an cás gnó i láthair don soláthar inmharthanach, moladh gníomhaíocht trasna ar shé réimse leathana agus cuireadh dhá uirlis ar fáil ar féidir leo cuidiú le heagraíochtaí dul chun cinn a dhéanamh: an Modheolaíocht Tosaíochta agus an Creat Solúbtha. Is é atá sa Mhodheolaíocht Tosaíochta cur chuige priacalbhunaithe a chuidíonn le heagraíochtaí a gcuid iarrachtaí agus a gcuid acmhainní a dhíriú go cuí. Seachas díreach na sonraí caiteachais a úsáid, ligeann an modh d'eagraíochtaí an priacal sóc-chomhshaoil, an acmhainn atá acu chun dul i bhfeidhm ar sholáthróirí agus an scóip iarbhír atá ann chun an inmharthanacht a fheabhsú, a chur i gcuntas. Tá an Creat Solóbtha deartha ionas go gcuideoidh sé le heagraíochtaí tuiscint a fháil ar na céimeanna is gá ag an leibhéal eagraíochtúil agus próisis chun an cleachtas soláthair a fheabhsú agus chun an soláthar inmharthanach a fhíorú.

- Dul sa tóir ar an infheictheacht. Cé chomh héasca le feiceáil a bheidh an beartas sóisialta freagrúil ag an bpobal agus ag an bhfoireann? Is féidir feasacht ar an mbeartas a mhéadú agus a cheangal le tionscadail shóisialta eile, ach úsáid a bhaint as athruithe ardphróifíle, ar nós caife a thabhairt isteach sa chaifitéire a tháirgtear go hinmharthanach / a thagann ón trádáil eiticiúil.

- Breithniú a dhéanamh ar an acmhainneacht le haghaidh forbartha amach anseo. D'fhéadfadh sé go n-éireodh níos fearr le ceannach atá freagrúil go sóisialta a dhíríonn ar sheirbhísí ag céim luath dá bhforbairt agus dá margaíocht ná iarracht a dhéanamh sainghnéithe sóisialta earnálacha aibí a athrú.

Dá réir sin, má chuirtear polasaí SPFS i bhfeidhm, beidh gá le pleanáil straitéiseach, i.e. tosaíochtaí a leagan amach nuair a bhíonn conarthaí á roghnú is fearr a oireann don SPFS. Is fearr le roinnt údarás conraitheoireachta cur chuige comhordaithe agus iomlánaíoch a ghlacadh nuair a bhíonn dálaí sóisialta á gcomhtháthú.

4. Feasacht ar SPFS a mhéadú agus na príomhpháirtithe leasmhara a thabhairt isteach sa phróiseas

Is díol suime do raon leathan páirtithe leasmhara é SPFS, ar gá iad a thabhairt isteach sa phróiseas chun cur chuige SPFS a fhorbairt chun go mbeidh muinín acu as, agus chun go méadóidh ar a dtiomantas dá chuspóirí a bhaint amach. Ar na príomhpháirtithe leasmhara san SPFS áirítear: rialtais láir, réigiúnacha agus áitiúla, soláthróirí nó conraitheoirí ionchasacha, an tsochaí shibhialta, eagraíochtaí fostóirí agus ceardchumainn. Ba cheart ceardlanna, seimineáir agus comhdhálacha a eagrú chun tuairimí a fháil maidir leis an gcur chuige i leith SPFS. Ba cheart iad a eagrú ag céimeanna éagsúla de phróiseas na forbartha, i.e. i bhfíorthús an phróisis nuair a fhoirmlítear na smaointe, le linn don chur chuige a bheith á dhréachtadh agus i dtreo an deiridh nuair is féidir dréacht críochnaitheach a chur ar fáil.

Ar deireadh, bíonn baint leis an dul chun cinn ag an gcumarsáid éifeachtach maidir le buntáistí SPFS, ag an dea-chleachtas agus ag dea-scéalta taithí. Tá sé an-tábhachtach go dtuigfeadh na páirtithe leasmhara seo go léir cineál an dúshláin agus a ról féin. Bainfear torthaí níos fearr amach trí chomhpháirtíocht shamhlaíoch, thiomanta idir na ceannaitheoirí agus na conraitheoirí.

Samplaí:

An tSualainn: Tionólann an rialtas réigiúnach don tSualainn Thiar-Theas cruinnithe réamhthairisceana a bhíonn oscailte do na tairgeoirí go léir chun aon riachtanais 'dearadh-do-chách' a áireofar sna sonraíochtaí teicniúla a mhíniú.

An Ríocht Aontaithe: D'fhonn teacht ar mholtaí conas a d'fhéadfadh an soláthar san earnáil phoiblí sa Ríocht Aontaithe dul i ngleic níos fearr le Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide, sheol HM Treasury agus an Department for Business Enterprise and Regulatory Reform comhairliúchán ar líne maidir leis na ceisteanna is mó a d'fhiosraigh na constaicí ar Ghnóthais Bheaga agus Mheánmhéide tairscintí a dhéanamh ar chonarthaí. Cuireadh an comhairliúchán ar fáil ar shuíomh idirlín agus iarradh ar lucht soláthair, páirtithe leasmhara agus soláthróirí freagraí a thabhairt. Ina dhiaidh sin chun na moltaí a lean uaidh sin a chur i bhfeidhm, tá grúpa páirtithe leasmhara bunaithe a bhíonn i dteagmháil go rialta leis na foirne tionscadail atá freagrach as an bhforfheidhmiú agus is féidir tuairimí a thabhairt maidir leis an gcur chuige atá le glacadh.

Is bealach eile é, an comhordú idir údaráis cheannaigh, chun an rochtan a mhéadú ar shaineolas agus fios gnó sóisialta agus chun an beartas a chur in iúl don saol mór.

Sampla:

An Danmhairg: Ta SPFS ar cheann de na topaicí a chlúdaítear san anailís mhargaidh a dhéanann National Procurement Ltd roimh gach iarratas ar thairiscintí. Cuireann an eagraíocht cláir agus ceardlanna oiliúna ar bun do gach soláthróir. Féachann an eagraíocht le doiciméadú an tsoláthair a dhéanamh chomh simplí agus is féidir ionas go mbeidh na hacmhainní ag Gnóthais Bheaga agus Mheánmhéide chun iarratas a chur isteach. Is minic a roinntear creatchonarthaí ina gcodanna éagsúla (e.g. ar bhonn geografach), gan na tairsigh a shocraíonn na Treoracha Soláthair* a shárú, d'fhonn seans a thabhairt do sholáthróirí iarratas a chur isteach.

* Airteagal 9(3) de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 16(2) de Threoir 2004/17/CE.

5. An straitéis SPFS a chur chun feidhme

Beidh ar an straitéis SPFS sonraí a thabhairt maidir le conas a chuirfear SPFS chun feidhme agus leis na céimeanna is gá a thógáil chun dul chun cinn a dhéanamh. Beidh ar an straitéis fachtóirí ar nós na gceann seo a leanas a chur sa mheá:

- an creat dlí agus rialála;
- an creat institiúideach;
- an struchtúr bainistíochta;
- cumas agus acmhainní proifisiúnta a bheith ar fáil;
- cur chuige difreáilte de réir earnála, a chuireann saintréithe gach réimse i gcuntas;
- na páirtithe leasmhara a bheith rannpháirteach.

Maidir le fad tréimhse forfheidhmithe na straitéise, tabharfar sonraí maidir le freagrachtaí, spriocanna a bhfuil amscála stuama ann lena mbaint amach, an struchtúr bainistíochta lena mbaint amach, na hacmhainní proifisiúnta agus airgeadais a theastaíonn, agus bearta chun an dul chun cinn sin a mhaoirsiú agus a thuairisciú.

Ar na céimeanna a d'fhéadfadh a bheith le tógáil, tá tascfhórsa soláthair shóisialta a bhunú, plean gníomhaíochta a leagan amach, lena n-áirítear beartais agus nósanna imeachta SPFS, nó treoirlínte simplithe a fhorbairt do shealbhóirí buiséid agus oifigigh sholáthair ag gach leibhéal.

D'fhéadfadh cláir oiliúna d'fheidhmeannaigh, bainisteoirí agus comhaltaí foirne a bheith i gceist leis an acmhainneacht a neartú. D'fhéadfadh an dea-chleachtas a roinnt, na scileanna a chur ar fáil chun SPFS a chur chun feidhme, lena n-áirítear scileanna SPFS i gcritéir roghnóireachta iarrthóirí, agus faisnéis a chur ar fáil maidir le fiontair SPFS atá ar fáil ag leibhéal an AE agus / nó rialtais a bheith i gceist freisin,

Ba cheart an t-eolas dlí, airgeadais agus sóisialta a theastaíonn uathu a thabhairt don fhoireann a bheidh i mbun ceannaigh chun cinneadh a dhéanamh cé chomh fada agus cibé acu is féidir fachtóirí sóisialta a thabhairt isteach i bpróiseas an tsoláthair, cibé acu an bhfuil siad socraithe ag an leibhéal ceart chun an luach is fearr ar airgead a fháil, agus cibé acu an bhfuil siad ag teacht le tosaíochtaí sóisialta an údaráis chonraitheoireachta.

6. Cur chun feidhme éifeachtach a mheas

Chun forfheidhmiú éifeachtach na straitéise SPFS agus torthaí na straitéise a mheas, beidh gá le rialuithe inmheánacha agus seachtracha a chur ar bun, ar cheart dóibh torthaí a mheas de réir spriocanna agus caighdeán feidhmíochta sonraithe.

Ní mór bearta inmheánacha a bheith ceangailte le córais tuairisceoireachta atá ann cheana, a gcaithfear iad a choigeartú d'fhonn cuspóirí SPFS a chur san áireamh. Ní foláir iad a nascadh freisin le nósanna imeachta iniúchóireachta inmheánacha agus d'fhéadfadh smachtbhannaí as gan cloí le cuspóirí SPFS a bheith mar chuid díobh.

Ar na bearta seachtracha a d'fhéadfadh a bheith ann ba cheart iniúchóireacht neamhspleách ar fheidhmíocht SPFS a bheith orthu. Ní eile a d'fhéadfaí a fholú is ea tagarmharcáil de réir feidhmíochta roimhe seo nó de réir feidhmíochta eagraíochtaí eile.

Ba cheart torthaí iniúchóireachta feidhmíochta SPFS a chur ar fáil don phobal agus ba cheart go rannchuideodh na torthaí sin le beartais, cuspóirí agus nósanna imeachta le haghaidh SPFS a athbhreithniú agus a nuashonrú,

7. Forbhreathnú ar an bpróiseas soláthair

Agus dálaí sóisialta a chur i gcuntas sa soláthar poiblí, moltar do lucht soláthair gníomhú i ndáil le dhá phríomhshaincheist:

- an luach is fearr ar airgead a fháil;
- gníomhú de réir chothrom na féinne.

An luach is fearr ar airgead: Tá údaráis chonraitheoireachta freagrach as an luach is fearr ar airgead cáiníocóirí a fháil don uile ní a fhaigheann siad. Ní gá go gciallódh an luach is fearr ar airgead gan glacadh ach leis an tairiscint is saoire. Ciallaíonn sé nach mór don údarás conraitheoireachta an socrú is fearr a áirithiú laistigh de na paraiméadair a shocraíonn sé. D'fhéadfaí an luach is fearr ar airgead a shainmhíniú mar chomhcheangal barrmhaith den chostas agus den chaighdeán lánsaoil chun freastal do riachtanais an úsáideora dheiridh. D'fhéadfadh dálaí sóisialta a bheith i gceist freisin sa luach is fearr ar airgead.

Gníomhú de réir chothrom na féinne: Is é a chiallaíonn gníomhú de réir chothrom na féinne, prionsabail an mhargaidh inmheánaigh a leanúint, arb iad is bunús leis na Treoracha Soláthair agus leis an reachtaíocht náisiúnta a bhunaítear orthu. Is é prionsabal an chaithimh chóir an ceann is tábhachtaí díobh sin, a fhorordaíonn gur cheart go mbeadh an deis chéanna ag gach iomaitheoir dul in iomaíocht don chonradh. Chun an chothroime sin a chinntiú sa chomórtas, ní mór prionsabal na trédhearcachta a chur i bhfeidhm freisin.

- Samplaí d'fhorálacha a chuireann prionsabal an chaithimh chóir i bhfeidhm sna Treoracha Soláthair is ea na teorainneacha ama a leagtar síos chun tairiscintí agus iarratais ar rannpháirtíocht a fháil, na rialacha coitianta ar shonraíochtaí teicniúla agus an cosc ar idirdhealú in aghaidh conraitheoirí ó Bhallstáit eile.
- Faightear samplaí de phrionsabal na trédhearcachta a bheith á chur i bhfeidhm sna forálacha difriúla maidir le fógraí a fhoilsiú agus na hoibleagáidí ar údaráis chonraitheoireachta a chur in iúl do na tairgeoirí lena mbaineann cén fáth gur diúltaíodh dá dtairiscintí.

7.1. Tábhacht na comhairle dlí

Déantar coinníoll i rialacha soláthair an AE conas déileáil leis an bpróiseas soláthair chun prionsabail na córa, an neamh-idirdhealaithe agus na trédhearcachta a shlánchoimeád. Ceadaítear leis na rialacha sin an inmharthanacht agus comhdheiseanna a chur i gcuntas faoi choinníollacha áirithe. Má fhaightear sainchomhairle dlí go luath maidir le plean gníomhaíochta SPFS a bhunú, is dóchúil go laghdófar deacrachtaí níos déanaí.

7.2. Nós imeachta an tsoláthair a ullmhú

Tá céim an ullmhúcháin d'aon phróiseas soláthair ríthábhachtach, mar go dtógann gach céim ar na cinn a théann roimpi. Dá bhrí sin, roimh phróiseas soláthair a thosú, ba cheart don údarás conraitheoireachta go leor ama a chur de leataobh chun ábhar an chonartha agus na modhanna a bheidh le húsáid chun an toradh deiridh a bhaint amach a shainmhíniú. Is í céim an ullmhúcháin an deis is fearr freisin le haithint cé na dálaí sóisialta atá ábhartha agus oiriúnach lena gcur i gcuntas sa phróiseas áirithe sin.

8. Céimeanna nós imeachta an tsoláthair agus cineálacha cur chuige i leith SPFS

De réir loighic an phróisis seo, tá ar a laghad ceithre chur chuige maidir leis an gcaoi lena ndéileáltar le saincheisteanna sóisialta sa soláthar poiblí.

Tagann an *chéad* cheann i gceist nuair a chinneann an ceannaitheoir critéir shóisialta a chur san áireamh in ábhar an chonartha féin agus / nó sna sonraíochtaí

teicniúla ar gá le conraitheoirí a n-éiríonn leo cloí leo i mbealach a fholaíonn critéir shóisialta[29]. Sampla amháin is ea a shonrú go gcaitheann trealamh ríomhaireachta déanamh de réir critéar áirithe inrochtana.

Sa *dara* cur chuige, cuirtear cosc ar thairgeoirí, faoi choinníollacha áirithe[30], conarthaí rialtais a fháil má ciontaíodh iad in éagóir roimhe seo chun stop a chur le forais phoiblí conradh a dhéanamh le tairgeoirí ar theip orthu caighdeán áirithe iompair phoiblí a bhaint amach.

Féachann an *tríú* cur chuige le tathant ar chonraitheoirí gealltanais a thabhairt maidir le caighdeáin shóisialta áirithe agus cuirtear i gcuntas má éiríonn leo é sin a dhéanamh nuair a bhíonn an conradh le dámhachtain. Bealach amháin ina bhféadfaí é seo a chur i bhfeidhm go praiticiúil, ná dá gcuirfeadh an foras poiblí saincheisteanna sóisialta áirithe i gcuntas sna critéir dhámhachtana[31].

Sampla:

An Spáinn: Tá 'ordachán' eisithe ag Rialtas Thír na mBascach maidir le critéir shóisialta, chomhshaoil agus critéir eile beartais phoiblí a chorprú sa soláthar poiblí ag a rialtas. Leagann sé sin síos cé na critéir is gá a chur i gcuntas sa soláthar poiblí go léir sa réigiún agus conas sin a dhéanamh.

Príomhchuspóir an ordacháin: Chun dálaí sóisialta agus comhshaoil a chur i gcuntas (ar cuid den chur chuige inmharthanach iad an dá cheann acu) mar aon le gnéithe a bhaineann le beartais phoiblí eile sa soláthar poiblí ag an rialtas agus ag eintitis phoiblí i dTír na mBascach.

Measúnú agus maoirsiú: Déanann na ranna rialtais Bhascacha don fhostaíocht, don chuimsiú sóisialta, do ghnóthaí sóisialta agus don chomhshaol measúnú ó am go chéile ar an bhfeidhmíocht sa chonraitheoireacht. Folaíonn an measúnú friotal na sonraíochtaí, conas a chuirtear i bhfeidhm iad sa phróiseas dámhachtana agus i bhfeidhmíocht an chonartha.

Sonraíochtaí teicniúla: Molann an t-ordachán ceanglais Rochtana agus Dearadh do Chách a chorprú sna sonraíochtaí teicniúla.

Critéir dhámhachtana: Aon uair a bhíonn níos mó ná critéar dámhachtana amháin ann, ní mór do na critéir sin a chur san áireamh go gcaitheann na táirgí agus na seirbhísí a bheith go maith in oiriúint do dhaoine faoi mhíchumas (pé uair a bhíonn an t-oiriúnú sin os cionn an íosleibhéil éigeantaigh dhlíthiúil). Aon uair a bhíonn grúpaí faoi mhíbhuntáiste ina measc siúd a bhaineann buntáiste as na seirbhísí a shainmhínítear in ábhar an chonartha, cuirfear na comharthaí sóirt a bhaineann le comhlíonadh a gcuid riachtanas sóisialta san áireamh sna critéir dhámhachtana.

Clásail fheidhmíochta conarthaí: Éilítear san ordachán go mbeadh clásail speisialta fheidhmíochta mar chuid den chonradh: idir chomhshaol, shóisialta agus chinn a bhaineann le beartais phoiblí eile. Is iad aidhmeanna na gclásal speisialta feidhmíochta conarthaí, an comhshaol, an tsláinte agus an tsábháilteacht a chosaint, fostaíocht grúpaí faoi mhíbhuntáiste a chur chun cinn, an éagothroime inscne a bhaint amach as an margadh saothair agus an dífhostaíocht a chomhrac.

Samplaí de chlásail fheidhmíochta conarthaí i dTír na mBascach:

1. Daoine atá deacair a fhostú a chuimsiú sa saothar: Chun na críche seo, sonraítear san ordachán nach mór céatadán socraithe de dhaoine faoi mhíbhuntáiste a bheith mar chuid den fhoireann a fheidhmíonn an conradh, mar shampla daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas, mná os cionn 30 atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine a d'fhulaing foréigean teaghlaigh, daoine a bhfuil meabhairghalair orthu, tuismitheoirí aonair dífhostaithe, inimircigh atá dífhostaithe níos mó ná sé mhí, daoine dífhostaithe go fadtéarmach (níos mó ná bliain) agus daoine óga dífhostaithe.

2. Caighdeán fostaíochta agus cearta bunúsacha saothair: Ní mór don chonraitheoir a ráthú go gcomhlíontar Croí-Chaighdeáin Shaothair na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair le linn don chonradh a bheith á feidhmiú i ndáil le hoibrithe a dhéanann na táirgí (ábhar an chonartha) go feadh shlabhra an tsoláthair.

3. Sláinte agus sábháilteacht i bhfeidhmiú conarthaí d'oibreacha agus seirbhísí tógála.

[29] Tá míniú le fáil ar na coinníollacha faoinar féidir dálaí sóisialacha a chur i gcuntas in ábhar an chonartha agus/ nó sna sonraíochtaí teicniúla níos déanaí sna hailt 'Sainmhíniú ar an ábhar'agus 'Sainmhíniú ar cheanglais an chonartha'.

[30] Tá míniú le fáil ar na coinníollacha faoinar féidir le húdaráis chonraitheoireachta (nó, i roinnt cásanna, faoina bhfuil sé d'oibleagáid orthu) tairgeoir a eisiamh ón bpróiseas soláthair níos déanaí san alt 'Critéir eisiata'.

[31] Tá míniú le fáil ar na coinníollacha faoinar féidir dálaí sóisialta a chur i gcuntas mar chritéar dámhachtana níos déanaí san alt 'An conradh a dhámhachtain'.

Díríonn an *ceathrú* cur chuige ar an gcéim tar éis an conradh a bheith dáfa. Ceanglaíonn sí ar an té ar ar dámhadh an conradh déanamh de réir coinníollacha áirithe agus an conradh á chur i bhfeidhm acu tar éis é a bheith dáfa[32]. Ceanglaíonn an múnla seo ar gach conraitheoir glacadh leis an gceanglas céanna, cé nach mbíonn aon mheasúnú ann ar chumas an chonraitheora coinníollacha áirithe a chomhlíonadh.

Ní gá gur malairtí iad na ceithre bhunchur chuige seo, ach is minic a chuirtear le chéile iad sa phróiseas soláthair phoiblí céanna.

Forbairt straitéiseach agus tosaíocht a thabhairt do thionscnaimh SPFS — GO hACHOMAIR

Tosaíochtaí náisiúnta agus áitiúla a bhaineann le hábhar SPFS a aithint.

Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéis sholáthair eagraíochtaí agus conas an tslí a nascann SPFS le cuspóirí agus cineálacha cur chuige uileghabhálacha a aithint. Conas is féidir le SPFS cuidiú chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus luach ar airgead don chuideachta a chur ar fáil a aithint.

Tiomantas agus ceannasaíocht pholaitiúil ardleibhéil le haghaidh SPFS a thabhairt.

Na táirgí agus na seirbhísí a aithint a sholáthraíonn an t-údarás conraitheoireachta a mbaineann an priacal sóisialta is mó leo agus / nó a bhfuil an cumas is mó acu an toradh sóisialta a fheabhsú.

Cuspóirí agus plean gníomhaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sóisialta sa soláthar.

Feasacht ar SPFS a ardú i measc geallsealbhóirí.

A chinntiú go bhfuil cleachtais an tsoláthair oscailte d'fhorais ar nós na ngnóthas beag agus meánmhéide, fiontair eacnamaíochta sóisialta agus an earnáil shaorálach agus phobail, cibé leagan amach a bhíonn orthu ó thaobh dlí.

[32] Tá míniú le fáil ar na coinníollacha faoinar féidir dálaí sóisialta a chur i gcuntas sna clásail fheidhmíochta chonartha níos déanaí san alt 'Feidhmíocht an chonartha'.

III. Na riachtanais a aithint agus soláthar pleanála

1. An tábhacht atá le riachtanais iarbhír a mheasúnú

Céim ríthábhachtach amháin is gá don údarás conraitheoireachta a ghlacadh ag céim seo an ullmhúcháin, fiú amháin sula ndéantar ábhar an chonartha a shainmhíniú, is ea na riachtanais atá aige i ndáiríre a mheasúnú.

Mar shampla, d'fhéadfadh cinneadh a bheith déanta ag an údarás gur gá dó faisnéis a dháileadh ar an bpobal. Nuair is féidir, ba cheart réiteach atá níos cuimsithí go sóisialta a bheith mar chuid de seo, ar nós an fhaisnéis a scaipeadh i bhformáidí ar féidir le daoine den phobal atá faoi mhíchumas teacht a bheith acu orthu freisin.

Is í seo an chéim is fearr is féidir leis an earnáil phoiblí na caighdeáin shóisialta a aithint ar féidir leis an soláthar cuidiú lena gcur ar fáil. Chuige sin, is gá dóibh siúd ar 'thaobh an chliaint', idir lucht déanta bheartais agus chleachtóirí, na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- deiseanna a lorg go gníomhach chun caighdeáin shóisialta a chur chun cinn;
- a chinntiú go nasctar na deiseanna le hábhar an chonartha agus go bhfuil siad éifeachtach ó thaobh costais de;
- díriú ar na torthaí a theastaíonn;
- solúbthacht a bheith mar dhlúthchuid den phróiseas chun freastal do riachtanais a bheidh ag athrú i gcaitheamh ré an tionscadail[33];
- riachtanais gach catagóra d'úsáideoirí na seirbhísí, na n-oibreacha nó na soláthairtí a bheidh le soláthar a aithint.

Dá bhrí sin, d'fhonn a bheith éifeachtach, ba cheart don údarás conraitheoireachta a riachtanais a bhreithniú ar mhodh feidhmiúil, ionas nach bhfágfar aon éifeachtaí sóisialta as an áireamh.

2. Sainmhíniú ar an ábhar

A luaithe a bhíonn measúnú ar a chuid riachtanas déanta ag an údarás conraitheoireachta, féadfaidh sé ábhar an chonartha a chinneadh níos éasca. **Baineann 'ábhar' conartha leis an táirge, an tseirbhís nó an obair a theastaíonn ón údarás conraitheoireachta a fháil.** Nuair a bhíonn ábhar conartha á shainmhíniú, bíonn an-saoirse ag údaráis chonraitheoireachta an ní is

Samplaí:

Féadann caighdeáin inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas a bheith mar chuid d'ábhar de chonradh oibreacha chun scoil a thógáil, mar is féidir leo a bheith mar chuid den chur síos ar na hoibreacha a theastaíonn ón údarás conraitheoireachta a cheannach agus iad nasctha leo.

- Os a choinne sin, ní féidir le coinníollacha saothair na n-oibrithe a bheidh ag tógáil na scoile a bheith mar chuid d'ábhar an chonartha, toisc nach bhfuil baint acu le hábhar an chonartha, ach amháin leis an mbealach ina bhfeidhmeofar an conradh soláthair. D'fhéadfaí ceanglais i ndáil le coinníollacha saothair a chur san áireamh, áfach, in imthosca áirithe*, i gclásail fheidhmíochta na gconarthaí
- I gconarthaí le haghaidh seirbhísí, féadfaidh an t-údarás conraitheoireachta a shonrú san ábhar nach mór do na seirbhísí a bheidh á soláthar riachtanais na n-úsáideoirí i ngach catagóir a shásamh, lena n-áirítear daoine faoi mhíbhuntáiste nó eisiata go sóisialta.

* Tá gá ar leith gach clásal feidhmíochta conartha, lena n-áirítear iad sin a bhaineann le coinníollacha saothair, a bheith ceangailte le cur chun feidhme an chonartha agus, ar chúiseanna trédhearcachta, a bheith foilsithe roimh ré i bhfógra na tairisceana. Chun sonraí breise a fháil, féach an t-alt 'Rialacha a rialaíonn clásail fheidhmíochta conarthaí'.

[33] Ar chuntar gur samhlaíodh athruithe den chineál sin ar choinníollacha tosaigh an chonartha soláthair sa chonradh tairisceana tosaigh nó go bhfuil siad dlisteanaithe ag cuid de na himthosca a liostaítear sna Treoracha Soláthair (go háirithe Airteagail 31 agus 61 de Threoir 2004/18/CE i ndáil le soláthairtí, seirbhísí nó oibreacha breise a dhámhachtain) agus go gcomhlíonann siad aon rialacha náisiúnta breise a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an tsaincheist sin.

mian leo a fháil a roghnú, lena n-áirítear earraí nó seirbhísí a chomhlíonann caighdeáin shóisialta, ar choinníoll go gceanglaítear na caighdeáin shóisialta sin leis na soláthairtí, na seirbhísí nó na hoibreacha iarbhír atá le ceannach (arb iad is ábhar don chonradh).

Is minic a dhéantar an inrochtaineacht, mar shampla, a chorprú mar ghné de na hearraí nó na seirbhísí a bhíonn á gceannach. Ba cheart na hearraí nó na seirbhísí sin a cheannach gan an margadh a chur as a riocht, i.e. gan teacht air a shrianadh ná a bhac. Go ginearálta, is é an toradh a bheidh ar an bpróiseas chun ábhar an chonartha a chinneadh, cur síos bunúsach ar an táirge, an tseirbhís nó an obair, ach d’fhéadfadh sainmhíniú i gcruth feidhmíocht-bhunaithe a bheith i gceist freisin.

Os a choinne sin, ní féidir gnéithe a chur san áireamh in ábhar an chonartha nach bhfuil ceangailte le soláthairtí, oibreacha nó seirbhísí iarbhír a dteastaíonn ó na húdaráis chonraitheoireachta iad a cheannach.

I bprionsabal, **tá saoirse ag an údarás conraitheoireachta ábhar an chonartha a shainmhíniú i mbealach ar bith a shásaíonn a riachtanais**. Pléann an reachtaíocht soláthair phoiblí leis an mbealach ina gceannaíonn údaráis chonraitheoireachta níos mó ná leis an méid a cheannaíonn siad, den chuid is mó. Dá bhrí sin, ní chuireann ceachtar Treoir Sholáthair srian le hábhar conarthaí ann féin.

Ní gan teora atá an tsaoirse chun an conradh a shainmhíniú, áfach. I roinnt cásanna d’fhéadfadh táirge, seirbhís nó obair shonrach a roghnú comhthéacs an chomórtais a chur as a riocht sa soláthar poiblí do chuideachtaí ar fud an AE. **Ní mór slánchoimeád de shaghas éigin a bheith ann.** Tá an slánchoimeád sin le fáil, ar an gcéad dul síos, toisc go bhfuil feidhm i ngach cás le forálacha CAE ar neamh-idirdhealú, saoirse chun seirbhísí a sholáthar agus saorghluaiseacht earraí agus, dá bharr sin, tá feidhm leo freisin maidir le conarthaí soláthair phoiblí faoi na tairsigh a shocraítear sna Treoracha Soláthair nó maidir le gnéithe áirithe de chonarthaí nach gclúdaíonn na Treoracha sin go follasach.

Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin go mbíonn ar an údarás conraitheoireachta a chinntiú i ngach cás nach ndéanfaidh an conradh difear don rochtain ar a mhargadh náisiúnta ag gníomhairí eile AE nó gníomhairí ó thíortha a bhfuil cearta coibhéiseacha acu[34]. Do chonarthaí a gclúdaíonn na Treoracha Soláthair iad, is leithne raon phrionsabal an neamh-idirdhealaithe ná an náisiúntacht agus teastaíonn cothroime chaithimh dhaingean i measc na n-iarrthóirí / na dtairgeoirí go léir i leith gach gné den phróiseas.

Tá slánchoimeád den dara cineál ann, a bhreithnítear sa chéad chaibidil eile, is é sin, de réir rialacha an tsoláthair phoiblí, ní féidir friotal na sonraíochtaí teicniúla a úsáidtear chun an conradh a shainmhíniú a bheith idirdhealaitheach agus ní mór dó a bheith ceangailte le hábhar an chonartha.

Sa bhreis air sin, tá an-seans ann go bhféadfadh reachtaíocht de chuid an AE agus reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana féin a thagann le dlí an AE maidir le cúrsaí sóisialta nó cúrsaí eile, srian a chur le saor-chéadrogha, nó tionchar a imirt uirthi, maidir le hábhar an chonartha.

[34] Mar shampla, oibritheoirí ó thíortha faoi cheangal ag Comhaontú Soláthair Rialtais na hEagraíochta Náisiúnta Trádála.

3. Rochtain ar dheiseanna soláthair a mhéadú

3.1. Rochtain ar dheiseanna soláthair a fheabhsú

D'fhéadfadh sé a bheith níos deacra d'aicmí áirithe tairgeoirí áfach rochtain a fháil ar mhargadh an tsoláthair phoiblí (e.g. gnóthais bheaga is mheánmhéide). Féadfaidh ceannaitheoirí aghaidh a thabhairt ar na deacrachtaí sin, ach ní cheadaítear dóibh caitheamh go fabhrach le haicmí sonracha tairgeoirí. Faoi dhlí an AE, ceadaítear gníomhaíocht dhearfach, ach ní idirdhealú dearfach, do cheannaitheoirí[35].

Seachas sin, is é an cuspóir iomaíocht chothrom a ráthú do chách, ionas go gcuireann ceannaitheoirí na deiseanna céanna ar fáil do ghnólachtaí nach bhfuil dóthain ionadaíochta acu chun dul i gcomórtas do chonarthaí poiblí le soláthróirí cáilithe eile. Ar an gcaoi sin, féadfar an iomaíocht a spreagadh, agus níos mó cuideachtaí a thabhairt isteach sa phróiseas tairisceana. Is féidir bearta éagsúla a ghlacadh, laistigh de na teorainneacha seo a leanas:

- eagraíochtaí móra a spreagadh chun aghaidh a thabhairt ar éagsúlacht soláthróirí ar bhonn saorálach trí chomhdheiseanna a thabhairt do sholáthróirí éagsúla mar fhochonraitheoirí agus trí chothroime agus éagsúlacht a chur chun cinn[36];

- rannpháirtíocht a spreagadh i measc soláthróirí éagsúla trí réamhphlean a fhoilsiú do mhórghníomhaíochtaí soláthair, ina n-aithnítear conarthaí móra atá le cur amach ar conradh go ceann 12 mhí

- imeachtaí 'cas leis an gceannaitheoir' a eagrú a bheidh oscailte do gach iarrthóir ionchasach d'fhonn a bhfeasacht a ardú ar riachtanais agus tosaíochtaí beartais an údaráis chonraitheoireachta agus ar an gcaoi sin trédhearcacht agus inrochtaineacht an phróisis sholáthair a fheabhsú;

Cad nach bhfuil ceadaithe — samplaí

- Seachas na forálacha speisialta i ndáil le sciathcheardlanna[*] agus cláir sciathfhostaíochta, níl cead ag ceannaitheoirí feidhmiú conarthaí a chur in áirithe d'aicmí áirithe gnólachta, mar go sáródh sé sin ceanglais dhlí an AE maidir le caitheamh comhionann.

I réimse na seirbhísí sóisialta, áfach, is féidir, i gcásanna eisceachtúla ina gcomhlíontar coinníollacha sonracha, feidhmiú conarthaí áirithe a chur in áirithe do ghníomhairí neamhbhrabúsacha[**]. Chuige seo teastaíonn dlí náisiúnta a rialaíonn an ghníomhaíocht áirithe seo agus a fhorálann do rochtain shrianta ar sheirbhísí áirithe ar mhaithe le gníomhairí neamhbhrabúsacha. Mar sin féin, bheadh aon dlí náisiúnta den chineál sin ina shrian ar Airteagail 49 agus 56 de CAE maidir le saoirse bhunaíochta agus maidir le saorghluaiseacht seirbhísí agus níor mhór é a dhlisteanú cás ar chás. Ar bhonn chásdlí CBAE, d'fhéadfaí srianadh den sórt sin a dhlisteanú, go háirithe, más gá agus más comhréireach chun cuspóirí áirithe sóisialta de chuid an chórais leasa shóisialaigh náisiúnta a bhaint amach.

- Ní féidir leis an údarás conraitheoireachta srian a chur ar an gcomórtas ionas nach mbeidh istigh air ach tairgeoirí a bhfuil oifig acu cheana féin laistigh de limistéar geografach áirithe, ach féadann éileamh a bheith sna clásail fheidhmíochta conarthaí a cheanglódh ar an tairgeoir a n-éireodh leis nó léi brainse nó oifig a oscailt i limistéar áirithe, má tá sé sin dlisteanach ar mhaithe leis an gconradh a fheidhmiú go rathúil (mar shampla, chun conradh foirgníochta casta a chomhordú ar an láthair).

[*] Nach mbeadh ábalta b'fhéidir, mar gheall ar a gcomharthaí sóirt, conarthaí a fháil faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta (feic Caibidil III, Alt 3.2, "*Cur i leataobh do sciathcheardlanna*".

[**] Feic cinneadh na Cúirte den 17 Meitheamh 1997 i gcás C-70/95 (Sodemare) [1997] ECR I-3395. Feic freisin an freagra ar cheist 2.7 sa Doiciméad Oibre do Fhoireann an Choimisiúin 'Ceisteanna coitianta i ndáil le rialacha soláthair phoiblí a chur i bhfeidhm ar sheirbhísí sóisialta is ábhar suime ginearálta', atá le fáil ag: http://ec.europa.eu/services_general_interest/docs/sec_2007_1514_en.pdf.

[35] Seachas an eisceacht dá bhforáiltear in Airteagal 28 de Threoir 2004/17/CE agus Airteagal 19 de Threoir 2004/18/CE a cheadaíonn, faoi choinníollacha áirithe, conarthaí a chur in áirithe do sciathcheardlanna nó foráil a dhéanamh chun conarthaí den sórt sin a fheidhmiú i gcomhthéacs clár sciathfhostaíochta.

[36] Tharla nach gceadaítear idirdhealú dearfach áfach, ní féidir le húdaráis chonraitheoireachta caitheamh go fabhrach, ag céim na dámhachtana, le tairgeoirí a úsáideann aicme shonraithe soláthróra nó fhochonraitheora (e.g. gnóthais bheaga agus mheánmhéide). Mar a chéile, ní féidir le húdaráis chonraitheoireachta a cheangal, sna clásail fheidhmíochta conarthaí, gur gnóthais bheaga agus mheánmhéide nó aicmí sonraithe eile a bheidh i gcéatadán áirithe de sholáthróirí nó d'fhochonraitheoirí na gconraitheoirí.

Samplaí:

An Ríocht Aontaithe: Tá beartas glactha ag an Greater London Authority (GLA) chun níos mó éagsúlachta a chur chun cinn i measc na soláthróirí atá aige san earnáil phríobháideach. Tá sé mar chuspóir ag an údarás an iomaíocht a chothromú, ionas 'go gcuirimid na deiseanna céanna ar fáil do ghnólachtaí nach bhfaigheann dóthain ionadaíochta dul san iomaíocht do chonarthaí ghrúpa an GLA le soláthróirí cáilithe eile*.' Feiceann an GLA go bhfuil difríocht idir an ghníomhaíocht dhearfa (a ghlacann sé) agus an t-idirdhealú dearfach (dá ndiúltaíonn sé). Tá athbhreithniú seolta ag an GLA Group ar a nósanna imeachta soláthair chun fáil réidh le constaicí do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide agus soláthróirí ilchineálacha a bhíonn san iomaíocht dá chonarthaí. Tá nósanna imeachta soláthair forbartha do chonarthaí móra chun aghaidh a thabhairt ar ilchineálacht soláthróirí trí chomhdheiseanna a chur ar fáil do sholáthróirí ilchineálacha mar fhochonraitheoirí agus trí chothroime agus éagsúlacht a chur chun cinn. Déanann an GLA Group maoirsiú go rialta ar a chaiteachas leis na gnóthais bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí ilchineálacha eile chun treochtaí a aithint agus ionchur breise a chur ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí chun a nósanna imeachta soláthair a fheabhsú.

Tá tús curtha le hathbhreithniú ar nósanna imeachta soláthair chun acmhainneacht na ngnóthas beag agus meánmhéide a aithint maidir le tairiscintí a dhéanamh ar chonarthaí agus tá iarrtha ar sholáthróirí atá ann cheana aiseolas a thabhairt maidir le nósanna imeachta soláthair an GLA chun cuidiú le gníomhaíocht a aithint a dhéanfaidh níos inrochtana iad.

Anuas air sin, via an London Development Agency (LDA), tá a gcuid nósanna imeachta soláthair á nascadh go gníomhach ag an GLA Group le cláir thacaíochta gnó a fheabhsaíonn cumas gnólachtaí beaga agus soláthróirí ilchineálacha tairiscintí a dhéanamh ar chonarthaí earnála poiblí. Féadann an próiseas seo an seans atá ag gnólachtaí conarthaí leis an GLA Group a bhuachan a fheabhsú agus bonn soláthróirí níos iomaithí a bheidh ag tairiscint le haghaidh oibre a thabhairt don GLA Group.

Éire: Bhí sé mar aidhm ag an gClár Go-Tender de chuid InterTrade Ireland 'deiseanna gnó trasteorann a chruthú do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide sa mhargadh soláthair phoiblí uile-oileánda trí cheardlanna réigiúnacha a bhí spriocdhírithe go cúramach a chur ar fáil'. Is iad na cuspóirí a bhí leis an gClár feasacht a mhéadú i measc soláthróirí, go háirithe maidir le conarthaí trasteorann agus chun deiseanna trasteorann a chruthú do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide sa mhargadh soláthair phoiblí uile-oileánda, faisnéis a chur ar fáil do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide i leith mhargadh na hearnála poiblí ar fud an oileáin, na scileanna a fhorbairt a theastaíonn chun obair na hearnála poiblí a bhuachan sa dá dhlínse, agus tacaíocht na taithí, duine ar dhuine, a chur ar fáil sa phróiseas tairisceana le haghaidh oibre. Le trí bliana anuas rinneadh láithreoireachtaí ag 30 ceardlann ar fhreastail breis is 400 soláthróir gnóthas beag agus meánmhéide orthu. Cuid mhaith de na soláthróirí sin, d'éirigh lena gcuid tairiscintí ar chonarthaí san earnáil phoiblí in Éirinn, i dTuaisceart Éireann agus ar fud na hEorpa.

* ITC-ILO 'Staidéar ar dhálaí sóisialta a chorprú sa soláthar poiblí san AE', 21 Iúil 2008.

- cláir thacaíochta ghnó a fhorbairt chun cumas soláthróirí beaga agus ilchineálacha a fheabhsú agus chun comhairle a chur ar fáil maidir le próiseas an tsoláthair phoiblí.

- Má dhéantar conarthaí a fho-roinnt ina míreanna is léir go n-éascaítear rochtain na ngnóthas beag agus mheánmhéide go cainníochtúil (d'fhéadfadh an méid a bheith ag freagairt níos fearr do chumas táirgiúlachta na ngnóthas beag agus meánmhéide) agus go cáilíochtúil (d'fhéadfadh inneachar na míreanna a bheith ag freagairt níos fearr do speisialtóireachtaí na ngnóthas beag agus meánmhéide) araon. Tá sé sin indéanta, ar chuntar nach ndéantar conarthaí a fhoroinnt féachaint le feidhmiú na dTreoracha Soláthair a sheachaint[37].

Sampla:

An Fhrainc: D'fhonn an iomaíocht is leithne a mhealladh, is í an riail ghinearálta conarthaí a dhámhachtain ina míreanna éagsúla. Tá sé de shaoirse ag údaráis chonraitheoireachta áfach conarthaí uilíocha a dhámhachtain má mheasann siad go gcuirfeadh foroinnt i míreanna srian ar iomaíocht nó go mbeadh an baol ann go mbeadh feidhmiú an chonartha deacair nó costasach go teicniúil, nó mura bhfuil ar chumas an údaráis chonraitheoireachta feidhmíocht an chonartha a chomhordú, dá ndéanfaí an conradh a fhoroinnt ina mhíreanna.

[37] Airteagal 9(3) agus (5) de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 17(2) agus (6) de Threoir 2004/17/CE.

3.2. Cur i leataobh do sciathcheardlanna

Folaíonn na Treoracha Soláthair[38] foráil shonrach, áfach, a cheadaíonn do Bhallstáit 'an ceart a choimeád acu féin a bheith rannpháirteach i bpróisis dhámhachtana do chonarthaí poiblí' do sciathcheardlanna nó 'foráil a dhéanamh do chonarthaí den sórt sin a bheith á bhfeidhmiú i gcomhthéacs clár sciathfhostaíochta'.

Is é an míniú [go ndéanann] 'sciathcheardlanna agus cláir sciathfhostaíochta cion suntasach i dtreo comhtháthú nó ath-chomhtháthú daoine faoi mhíchumas sa mhargadh saothair. D'fhéadfadh sé tarlú áfach nach bhféadfadh ceardlanna den sórt sin conarthaí a fháil faoi ghnáthchoinníollacha iomaíochta[39].' Dá thoradh sin, tá sé iomchuí a cheadú do Bhallstáit dámhachtain a dhéanamh ar bhonn tosaíochta le ceadú do cheardlanna den chineál sin a bheith ann gan iachall a bheith orthu dul san iomaíocht le hoibreoirí eile.

Faoi fhorálacha thuasluaite na dTreoracha Soláthair ní cheadaítear coinneáil den sórt sin ach amháin faoi choinníollacha áirithe:

- ní mór do Bhallstáit aon choinneáil den sórt sin a thionscnamh le reachtaíocht agus ní cheadaítear d'fhorais phoiblí í a ghlacadh *ad hoc*, gan reachtaíocht náisiúnta a cheadaíonn coinneáil den sórt sin a bheith ann;

- is gá gur daoine faoi mhíchumas ar a laghad 50% d'fhostaithe sciathcheardlanna nó cláir sciathfhostaíochta den sórt sin;

- i bhfianaise chineál agus tromchúise a gcuid míchumas, nach féidir leis na fostaithe lena mbaineann slite beatha a sheoladh de réir gnáthchoinníollacha.

I gcás ina mbaineann Ballstáit úsáid as na forálacha seo, ní mór d'fhógra an chonartha é sin a lua agus ní foláir raon na dtosaíochtaí a chur san áireamh sna fógraí réamhfhaisnéise agus sna fógraí conartha[40].

Samplaí:

An Ghearmáin: Ceanglaíonn Forógra Feidearálach an 10 Bealtaine 2005 maidir le ceardlanna do dhaoine faoi mhíchumas ar ghníomhaireachtaí soláthair Feidearálacha cuid dá mbuiséad a choinneáil de leataobh lena dhámhachtain ar cheardlanna d'oibrithe faoi mhíchumas. D'fhéadfadh conarthaí móra soláthair agus seirbhísí, fiú, a bheith i gceist. Ní ligtear ach do cheardlanna d'oibrithe faoi mhíchumas a bheith rannpháirteach[*]. Mar sin féin, ní mór do na ceardlanna sin dul san iomaíocht sna próisis dhámhachtana agus tairiscintí atá slán go heacnamaíoch a chur isteach. Ní amháin sin, ní foláir do na húdaráis chonraitheoireachta na ceanglais ghinearálta trédhearcachta san Ordú Soláthair a chomhlíonadh. Is cosúil go bhfuil beartas soláthair i bhfabhar oibrithe faoi mhíchumas ag líon mór bardasachtaí. Is minic a bhíonn na ceardlanna sin go páirteach nó go hiomlán i seilbh na mbardasacht a dhámhachtann na conarthaí.

An Fhrainc: Ceanglaíonn Airteagal L323-1 de *Code du travail* (Cód Saothair) ar fhostóirí príobháideacha agus poiblí (a bhfuil níos mó ná 25 fhostaí acu) ar a laghad 6 % dá bpoist a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas. Faoi Airteagal L323-8 den Chód, féadfaidh fostóirí, áisíneachtaí soláthair go háirithe, an ceanglas seo a chomhlíonadh go páirteach trí chonarthaí a dhámhachtain ar chuideachtaí a thacaíonn le hobair a bheith ag daoine faoi mhíchumas. I gcomhthéacs an tsoláthair phoiblí, is é a bheidh i gceist, conarthaí áirithe a choinneáil d'eintitis inar daoine faoi mhíchumas iad níos mó ná 50 % den fhoireann de réir Airteagal 19 de Threoir 2004/18.

[*] Leagtar amach na coinníollacha faoinar féidir le húdaráis chonraitheoireachta conarthaí a choinneáil do cheardlanna míchumais in Airteagal 19 de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 28 de Threoir 2004/17/CE.

[38] Tagraíonn Airteagal 28 de Threoir 2004/17/CE agus Airteagal 19 de Threoir 2004/18/CE do 'sciathcheardlanna' agus 'cláir sciathfhostaíochta' 'i gcás gur daoine faoi mhíchumas iad formhór na bhfostaithe lena mbaineann'. Féadfar ainmneacha éagsúla a bheith ar eintitis den sórt sin i mBallstáit Éagsúla. Ní mór a thabhairt faoi deara go gclúdaíonn Airteagal 28 de Threoir 2004/17/CE agus Airteagal 19 de Threoir 2004/18/CE **gach eintiteas cosúil (is cuma cad a ghairtear orthu)** ar choinníoll (a) gur daoine faoi mhíchumas ar a laghad 50 % den fhoireann a bhíonn fostaithe agus (b) go gcomhlíonann siad na coinníollacha eile a shocraítear leis na hairteagail a luaitear thuas.

[39] Aithris 28 de Threoir 2004/18/CE agus aithris 39 de Threoir 2004/17/CE.

[40] Treoir 2004/18/CE, Iarscríbhinn VII agus Treoire 2004/17/CE, Iarscríbhinn XIII: ní mór a shonrú i bhfógraí réamhfhaisnéise agus conartha, nuair is cuí, 'cibé acu an bhfuil an conradh poiblí teoranta do sciathcheardlanna nó an bhfuil a fheidhmiú teoranta do chreat na gclár post cosanta.'

Na riachtanais a aithint agus an soláthar a phleanáil — GO HACHOMAIR

I bpróisis sholáthair aonair:

Riachtanais an údaráis chonraitheoireachta a aithint agus iad a chur in iúl go cuí.

A bhreithniú conas, agus cé chomh forleathan, a luíonn cuspóirí nó oibleagáidí beartais phoiblí ionchasacha leis an soláthar seo.

Na tástálacha inacmhainneachta agus cost-éifeachtúlachta a dhéanamh, lena n-áirítear measúnú a dhéanamh ar na buntáistí agus na costais a bhaineann leis an soláthar a úsáid chun cuspóirí sóisialta a chur ar fáil.

Ábhar an chonartha, agus a mhéid ab fhéidir nó ba cheart na cuspóirí sóisialta a shonrú mar chuid d'ábhar an chonartha, a aithint.

Rochtain ar dheiseanna soláthair a fheabhsú trí iomaíocht a chothromú, ionas go mbeidh na deiseanna céanna ag soláthróirí ó ghnólachtaí ar ionadaíocht íseal agus a bhíonn ag soláthróirí cáilithe eile chun dul san iomaíocht do chonarthaí poiblí (ar chuntar nach 'idirdhealú dearfach' an toradh a bhíonn air sin).

A bhreithniú conas is fearr beartas an údaráis chonraitheoireachta a chur in iúl don saol mór, agus trédhearcacht bharrmhaith a chinntiú do sholáthróirí nó do sholáthróirí seirbhíse ionchasacha agus do na saoránaigh a bhfuil an t-údarás conraitheoireachta ag freastal dóibh.

IV. An conradh

A. Ceanglais an chonartha a shainmhíniú

1. Na sonraíochtaí teicniúla a dhréachtadh

A luaithe a bhíonn ábhar an chonartha sainmhínithe ag an údarás conraitheoireachta, ní mór dó é sin a chur i dtéarmaí sonraíochtaí teicniúla mionsonraithe intomhaiste is féidir a chur i bhfeidhm díreach i bpróiseas soláthair phoiblí.

Dá bhrí sin tá trí fheidhm ag sonraíochtaí teicniúla:

- Cuireann siad síos ar cheanglais an tsoláthair ionas gur féidir le cuideachtaí a chinneadh an bhfuil suim acu sa phróiseas. Ar an gcaoi sin, socraíonn siad leibhéal na hiomaíochta.
- Soláthraíonn siad ceanglais intomhaiste ar féidir tairiscintí a mheasúnú dá réir.
- Is ionann agus critéir íosta chomhlíonta iad. Mura mbíonn siad soiléir agus ceart, is cinnte gur tairiscintí mí-oiriúnacha an toradh a bheidh orthu. Is gá diúltú do thairiscintí nach dtagann leis na sonraíochtaí teicniúla.

Faoi rialacha soláthair phoiblí an AE, ní féidir leis an údarás conraitheoireachta tairiscintí tairgeoirí a mheasúnú nó a chur i gcomparáid lena chéile ach amháin de réir na gceanglas sna sonraíochtaí teicniúla. Ar an gcaoi chéanna, ní féidir leis an údarás conraitheoireachta measúnú a dhéanamh ach amháin ar chumas tairgeoirí chun an méid a luaitear sna sonraíochtaí a chur ar fáil. Eisítear na sonraíochtaí go luath i bpróiseas an tsoláthair; sin an fáth nach mór do na húdaráis na ceanglais a bheith i gceart acu ón tús.

Ní mór na sonraíochtaí teicniúla a bheith **ceangailte le hábhar an chonartha**. Mura mbíonn aon bhaint ag ceanglais leis an táirge nó leis an tseirbhís féin, mar shampla ceanglas i ndáil leis an gcaoi ina ndéantar bainistiú ar ghnóthas, ansin ní sonraíochtaí iad de réir bhrí na dTreoracha Soláthair. Mar sin ní cháileodh ceanglais a bheadh ag baint le hearcú foirne ó ghrúpaí éagsúla (daoine faoi mhíchumas, mná, etc.), mar shampla, mar shonraíochtaí teicniúla. Ná ní féidir glacadh le lipéad i ndáil le 'cumas sóisialta' gnóthais mar 'shonraíocht theicniúil' de réir bhrí na dTreoracha Soláthair.

Chomh maith leis sin, ordaíonn na Treoracha Soláthair nach féidir le sonraíochtaí teicniúla **an iomaíocht a laghdú**[41]**, nach mór dóibh a bheith trédhearcach**[42] **agus nach féidir leo idirdhealú a dhéanamh** in aghaidh conraitheoirí ionchasacha ó thíortha seachas Ballstát an údaráis chonraitheoireachta[43].

Cad a cheadaítear — roinnt samplaí

- Á cheangal, i gconradh le haghaidh oibreacha, bearta chun timpistí ag an obair a sheachaint agus coinníollacha sonracha chun táirgí contúirteacha a stóráil d'fhonn sláinte agus sábháilteacht oibrithe a shlánchoimeád
- A cheangal go gcomhlíontar saintréithe eirgeanamaíochta áirithe do tháirgí d'fhonn rochtain a chinntiú do gach catagóir úsáideoirí, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas[*].

Cad nach gceadaítear — roinnt samplaí

- A cheangal go lonnófaí lárionad teagmhála, ina mbeadh tacaíocht ar líne agus ghutháin á cur ar fáil (a d'fhéadfaí a chur ar fáil go dlisteanach ó láthair ar bith), i mbaile ar leith.
- Sonraíochtaí a eisiúint do chonradh bainistíochta tithíochta ach tairgeoirí a roghnú ansin ar an mbonn go mbeadh siad ábalta freisin na tithe a cheannach amach anseo, dá gcinnfeadh an t-údarás an tithíocht a phríobháidiú.

[*] Feic Airteagal 23 de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 34 de Threoir 2004/17/CE.

[41] Airteagal 23(2) de Threoir 2004/18/CE.

[42] Airteagal 23(1) de Threoir 2004/18/CE.

[43] Airteagal 23(3) de Threoir 2004/18/CE.

2. Sonraíochtaí feidhmíocht-bhunaithe a úsáid

Ceadaítear go follasach sna Treoracha Soláthair d'údaráis chonraitheoireachta rogha a dhéanamh idir sonraíochtaí arna mbunú ar chaighdeáin theicniúla nó ar cheanglais fheidhmíochta / fheidhmiúla[44]. Is gnách go gceadaíonn cur chuige feidhmíocht-bhunaithe / feidhmiúil scóip níos fearr do chruthaíocht mhargaidh agus, i roinnt cásanna, tabharfaidh sé dúshlán don mhargadh chun réitigh nuálacha theicniúla a fhorbairt. Más é sin an cur chuige a roghnaíonn an t-údarás conraitheoireachta, ní gá dó an iomarca sonraí a thabhairt sna sonraíochtaí teicniúla.

Más féidir le húdaráis chonraitheoireachta sonraíochtaí teicniúla a shainmhíniú i dtéarmaí ceanglas feidhmíochta nó feidhmiúlachta, cuirtear ar a gcumas réitigh nuálacha a lorg is fearr a oireann dá gcuid riachtanas. Mar shampla, féadfar ceanglais inrochtana táirge a shainmhíniú trí chaighdeáin theicniúla an-mhionsonraithe a shocrú, nó trí chaighdeáin a shocrú bunaithe ar cheanglais inrochtana feidhmiúla. Féadann an dara rogha feidhmiú mar dhreasacht do ghníomhairí eacnamaíochta chun réitigh nuálaíocha a mholadh ina gcuid tairiscintí.

De bhrí gur féidir an-éagsúlacht a bheith i gceist leis na roghanna a bhíonn ar fáil sa mhargadh maidir le sonraíochtaí feidhmíocht-bhunaithe, ba cheart don údarás conraitheoireachta a chinntiú go bhfuil a shonraíochtaí sách soiléir le ceadú dó measúnú a dhéanamh atá cóir agus is féidir a dhlisteanú.

D'fhéadfadh scóip níos mó a bheith ann chun dálaí sóisialta a chur i gcuntas i dtionscnaimh atá níos mó nó níos casta, ach in ainneoin mhéid an tionscnaimh, ní mór do na sonraíochtaí na nithe seo a leanas a bheith ag roinnt leo:

- a bheith sonrach maidir leis na torthaí agus an t-aschur a theastaíonn agus tairgeoirí a spreagadh chun a scileanna agus a dtaithí a úsáid chun réitigh a fhoirmiú;
- a bheith sách leathan chun a cheadú do thairgeoirí luach a chur leis an bpróiseas, ach gan a bheith chomh leathan sin go gcuirtear i mbaol priacal iad a bheadh deacair a chainníochtú agus a ardaíonn a gcuid praghsanna dá réir;
- a bheith ceangailte le hábhar an chonartha, agus spriocanna beartais cuí, lena n-áirítear polasaithe agus oibleagáidí dlí leathana, agus réamhbhraistintí margaidh maidir lenar féidir leis an tionscal a sholáthar a chur i gcuntas ag an am céanna.

3. Malairtí a úsáid

Má bhíonn pléití ann le tairgeoirí ionchasacha sula gcuirtear bailchríoch ar na sonraíochtaí, féadann sé sin cuidiú le deiseanna a aithint chun comhdheiseanna agus inmharthanacht a chur chun cinn. Féadann an plé sin an scóip is fearr a shocrú le haghaidh na gceanglas ionas go mbeidh siad inchumais ó thaobh tráchtála de, trí shocruithe stuama a dhéanamh chun riosca a leithdháileadh agus a bhainistiú. D'fhéadfadh comparáid a dhéanamh idir sheirbhísí reatha agus an méid a chuirtear ar fáil in áiteanna eile a bheith ina chúnamh. Agus na teicníceanna sin in úsáid, ba cheart aire a thabhairt nach dtugtar buntáiste d'aon soláthróir ar leith.

Fiú amháin tar éis taighde margaidh den sórt sin a dhéanamh, d'fhéadfadh sé tarlú nach mbeadh an t-údarás conraitheoireachta cinnte fós conas is fearr caighdeáin shóisialta a chomhtháthú le sonraíochtaí teicniúla sonracha. Más amhlaidh atá, d'fhéadfadh sé a bheith úsáideach a iarraidh ar thairgeoirí ionchasacha malairtí atá freagrúil go sóisialta a chur isteach. Ciallaíonn sé sin gur cheart don údarás conraitheoireachta íostacar de shonraíochtaí teicniúla a shocrú don tairge is mian leis a cheannach, a mbeidh feidhm leo maidir leis an tairiscint neodrach agus lena malairt atá freagrúil go sóisialta araon. Don dara ceann, cuirfidh an t-údarás conraitheoireachta gné shóisialta leis na sonraíochtaí teicniúla[45].

Nuair a chuirtear na tairiscintí isteach, féadann an t-údarás conraitheoireachta iad go léir a chur i gcomparáid lena chéile ansin (idir na tairiscintí neodracha agus na tairiscintí atá freagrúil go sóisialta) ar bhonn na gcritéar céanna dámhachtana. Dá bhrí sin, is féidir leis an údarás conraitheoireachta malairtí a úsáid chun tacú le

[44] Airteagal 23(3) de Threoir 2004/18/CE.

[45] Ní foláir an ghné shóisialta seo a bheith ceangailte, gan amhras, le hábhar an chonartha (is é sin le rá na soláthairtí, na seirbhísí nó na hoibreacha iarbhír is mian leis an údarás conraitheoireachta a cheannach) agus gach riail agus prionsabal de chuid an AE is infheidhme maidir le sonraíochtaí teicniúla sa soláthar poiblí a chomhlíonadh.

caighdeáin shóisialta trí chomparáid a cheadú idir réitigh chaighdeánacha agus roghanna sóisialta (bunaithe ar na ceanglais theicniúla chaighdeánacha chéanna).Tá sé de shaoirse ag cuideachtaí tairiscintí a dhéanamh bunaithe ar an réiteach caighdeánach nó ar an malairt, mura dtugann an t-údarás conraitheoireachta a mhalairt le tuiscint.

Sular féidir leis an údarás conraitheoireachta glacadh le malairtí i nós imeachta soláthair phoiblí[46], ní mór dó na nithe seo a leanas a chur in iúl roimh ré i ndoiciméid na tairisceana:

- go nglacfar le malairtí;
- na sonraíochtaí sóisialta íosta ar gá do na malairtí iad a chomhlíonadh (e.g. feidhmíocht shóisialta níos fearr);
- ceanglais shonracha chun malairtí a chur i láthair i dtairiscintí (mar shampla a cheangal go n-úsáidfí clúdach litreach ar leith don mhalairt nó a chur in iúl nach féidir malairt a chur isteach ach amháin in éineacht le tairiscint neodrach).

Féadfaidh ceannaitheoirí a cheadaíonn malairtí tairiscintí neodracha a chur i gcomparáid leis na malairtí atá freagrúil go sóisialta — ar bhonn na gcritéar céanna dámhachtana — agus tograí na dtairgeoirí a mheasúnú do thairbhí breise i ndáil le caighdeáin shóisialta a bhaint amach agus a chinneadh an bhfuil siad inacmhainne.

Sampla:

Sampla amháin is ea seirbhísí lónadóireachta a sholáthar do rialtas poiblí, i gcás ina bhféadfadh an t-údarás conraitheoireachta cuireadh a thabhairt do sholáthróirí malairt a chur i láthair de bhreis ar an tairiscint neodrach (chaighdeánach), malairt a fholóidh gné shóisialta (bia a ullmhú ina bhfuil líon íseal calraí, atá gan salann nó atá caisir d'fhonn riachtanais liachta nó creidimh gach catagóir úsáideora a shásamh).

[46] Feic Airteagal 24 de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 36 de Threoir 2004/17/CE.



© 123RF

4. Lipéid shóisialta agus na himpleachtaí don trádáil eiticiúil

D'fhéadfadh sé gur mhaith le húdarás conraitheoireachta earraí a cheannach a rannchuidíonn leis an bhforbairt inmharthanach (dá ngairtear "earraí trádála eiticiúla" ina dhiaidh seo). Sa chás seo, féadann sé dálaí oiriúnacha a chur i gcuntas i sonraíochtaí na tairisceana, ach ní féidir leis a cheangal lipéad / dearbhú trádála eiticiúla sonrach a bheith ar na hearraí[47], ar an ábhar go gcuirfeadh se sin srian leis an rochtain ar an gconradh do tháirgí nach bhfuil deimhnithe ach a chomhlíonann caighdeáin trádála inbhuanaithe chosúla. Is prionsabal ginearálta é sin a bhfuil feidhm aige ní amháin le lipéid trádála eiticiúla, ach le gach lipéad a dteastaíonn réamhdheimhniú dóibh de na gníomhairí eacnamaíochta nó dá dtáirgí. Mar a chéile, i gcás údaráis chonraitheoireachta ar mian leis táirgí de chineál 'bith-' a cheannach, ní féidir leis éicea-lipéad ar leith a cheangal, ach féadann sé a iarraidh, i ndoiciméid na tairisceana, go gcomhlíonfaí critéir shonracha don talmhaíocht bhitheolaíoch.

[47] Chun críocha na Treorach seo, ciallaíonn 'lipéad / deimhniú trádála eiticiúla' aon scéim dearbhaithe inmharthanachta neamhrialtasach i ndáil le trádáil (mar shampla, Fair Trade, Fairtrade, Max Havelaar, Utz, Rainforest Alliance, etc.). Chun sonraí breise a fháil maidir le Fair Trade agus scéimeanna eile dearbhaithe inmharthanachta i ndáil le trádáil, feic an Chumarsáid ón gCoimisiún COM(2009) 215 críochnaitheach an 5 Bealtaine 2009 'Rannchuidiú leis an bhforbairt inmharthanach: Feidhm *Fair Trade* agus scéimeanna dearbhaithe inmharthanachta neamhrialtasacha i ndáil le trádáil' atá le fáil ag: http://trade.ec.europa.eu/doclib/docs/2009/may/tradoc_143089.pdf.

(a) Féadfar ceanglais inmharthanachta a chorprú i sonraíochtaí teicniúla tairisceana phoiblí, ar chuntar go nasctar na critéir sin le hábhar an chonartha atá i gceist[48] agus go gcinntítear go gcomhlíontar na rialacha ábhartha eile de chuid an AE maidir le soláthar poiblí[49] agus le prionsabail an chaithimh chothroim agus na trédhearcachta.

Féadfaidh údarás conraitheoireachta ar mian leis earraí trádála eiticiúla a cheannach é sin a dhéanamh trí shainmhíniú a dhéanamh ar na critéir inmharthanachta ábhartha ina shonraíochtaí teicniúla do na hearraí. A luaithe a bheidh cinneadh déanta ag údarás conraitheoireachta maidir le hábhar an chonartha sholáthair (cén cineál táirgí cineálacha le ceannach), tá de shaoirse aige sonraíochtaí teicniúla na dtáirgí sin a shainmhíniú[50]. Ní foláir do na ceanglais baint a bheith acu le saintréithe nó le feidhmíocht na dtáirgí áfach (e.g. ábhar athchúrsáilte) nó próiseas táirgthe na dtáirgí (e.g. fásta go horgánach).

Ní féidir ceanglais a bhaineann le coinníollacha saothair na n-oibreacha atá bainteach le próiseas táirgthe na soláthairtí atá le soláthar a chur i gcuntas sna sonraíochtaí teicniúla, de bhrí nach sonraíochtaí teicniúla iad de réir bhrí na dTreoracha Soláthair. Faoi choinníollacha áirithe, is féidir, áfach, iad a chur san áireamh sna clásail fheidhmíochta conartha[51].

Níor cheart d'údaráis chonraitheoireachta a bhfuil sé ar intinn acu earraí trádála eiticiúla a cheannach gan ach na sonraíochtaí teicniúla go léir do dheimhniú / lipéad trádála eiticiúla[52] 'a ghearradh agus a ghreamú' isteach sna sonraíochtaí teicniúla dá gceannacháin ná, rud ba mheasa fós, lipéad nó deimhniú trádála eiticiúla sonrach a shannadh. Seachas sin, ba cheart dóibh breathnú ar gach ceann de na fo-chritéir taobh thiar den lipéad nó den deimhniú trádála eiticiúla agus gan ach na cinn sin atá ceangailte le hábhar a gceannachán féin a úsáid. Féadfaidh údaráis chonraitheoireachta a shonrú cé na lipéid / deimhnithe trádála eiticiúla a meastar a bheith ag comhlíonadh na gcritéar sin, ach ní mór dóibh i gcónaí meáin eile cruthaithe a cheadú freisin. Ba cheart go mbeadh sé de rogha ag tairgeoirí a chruthú go gcomhlíonann siad na ceanglais a shainmhínítear trí lipéid / dheimhnithe trádála eiticiúla cuí a úsáid nó ar mhodhanna eile.

(b) Féadfar critéir inmharthanachta (lena n-áirítear critéir shóisialta) a chorprú freisin **i gclásail fheidhmíochta na gconarthaí**, ar choinníoll go gceanglaítear iad le feidhmíocht an chonartha a bhíonn i gceist[53] (e.g.

Samplaí:

Má theastaíonn ó údarás conraitheoireachta caife nó torthaí trádála eiticiúla a cheannach, féadfaidh sé, mar shampla, clásal a chur isteach i gcoinníollacha feidhmíochta an chonartha lena n-iarrtar ar an soláthróir praghas a íoc leis na táirgeoirí a ligfidh dóibh a gcostais tháirgiúlachta inmharthanachta a ghlanadh, ar nós tuarastail agus coinníollacha saothair cuibhiúla do na hoibrithe lena mbaineann, modhanna táirgthe nach ndéanann dochar don chomhshaol agus feabhsuithe ar an bpróiseas táirgthe agus ar choinníollacha oibre.

An Ghearmáin: Cathair Düsseldorf

Sonraítear i bPointe 7.3 d'Ordachán Soláthair Phoiblí do chathair Düsseldorf in Nordrhein-Westfalen (*Vergabeordnung für die Stadtverwaltung Düsseldorf)* ar chur i gcrích conarthaí: [nach bhfuil] 'aon táirgí dúshaothraithe saothair leanaí le soláthar. Féadfar é sin a chruthú le deimhniú neamhspleách (mar shampla, séala Transfair nó séala Rugmark). Mura bhfuil aon deimhniú den sórt sin ann do na táirgí atá i gceist, glacfar le dearbhú i bhfoirm glactha forálacha conarthacha breise do chur i gcrích na n-oibreacha agus glacadh forálacha conarthacha breise an Ordacháin Soláthair do Chonarthaí Soláthairtí agus Seirbhísí.'

48 De réir Airteagal 53 de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 55 de Threoir 2004/17/CE.

49 Chun sonraí breise a fháil, feic an t-alt 'Ceanglais an chonartha a shainmhíniú'.

50 Ar an tuiscint nach mór sonraíochtaí teicniúla a shainmhíniú i mbealach neamh-idirdhealaitheach.

51 Feic mír (b) thíos maidir le clásail fheidhmíochta conarthaí i soláthar earraí dearbhaithe inmharthanachta mar aon leis an alt ginearálta 'Rialacha a rialaíonn clásail fheidhmíochta conartha'.

52 Ar an ábhar nach gá go mbeadh sonraíochtaí áirithe de na lipéid / deimhnithe trádála eiticiúla seo ceangailte le hábhar an chonartha. Dá bhrí sin bheadh sé in aghaidh phrionsabail na dTreoracha Soláthair dá gcuirfí isteach sna clásail fheidhmíochta conartha iad.

53 Ní gá go mbeadh coinníollacha a fholaítear sna clásail fheidhmíochta conartha ceangailte le hábhar an chonartha, ach le feidhmíocht an chonartha amháin.

tuarastal íosta agus coinníollacha saothair cuibhiúla do na hoibrithe atá bainteach le feidhmiú an chonartha) agus go gcomhlíonann siad *mutatis mutandis* na ceanglais eile a luaitear i mír (a) thuas agus, ar bhonn níos ginearálta, na coinníollacha a leagtar amach san alt sin den Treoir seo maidir le 'Rialacha a rialaíonn clásail fheidhmíochta conarthaí'.

5. Ábhair chúraim shóisialta a chur i gcuntas i modhanna agus próisis tháirgthe

Féadfaidh ról suntasach a bheith i dtionchar sóisialta táirge ag an ábhar as a ndéantar an táirge, agus conas a dhéantar é. Faoi na Treoracha Soláthair, is féidir modhanna táirgthe a chur i gcuntas go follasach nuair a bhíonn na sonraíochtaí teicniúla á sainmhíniú[54].

I gconradh chun seirbhísí lónadóireachta a fháil d'ospidéal, d'fhonn folláine othar a fheabhsú, féadfaidh an t-údarás conraitheoireachta a cheangal sna sonraíochtaí teicniúla gur cheart bia a ullmhú de réir modhanna áirithe a thagann le riachtanais aistí bia nó liachta catagóirí áirithe othar.

Sampla:

Féadfaidh conarthaí oibreacha poiblí ceanglais theicniúla a fholú sna sonraíochtaí teicniúla a fhéachann le timpistí ar an láthair thógála a sheachaint. Is cuid den tionscadal a chuirtear amach ar tairiscint iad bearta den chineál sin (a d'fhéadfadh cuaillí eolais, coinníollacha ina bhféadfaí táirgí contúirteacha a stóráil nó bealaigh chun trealamh a iompar, mar shampla, a fholú)

Tharla nach mór gach sonraíocht theicniúil a bheith ceangailte le hábhar an chonartha áfach, ní féidir leis an údarás conraitheoireachta ach amháin na ceanglais shóisialta sin a chur san áireamh atá ceangailte le hábhar an chonartha freisin.

6. Míchumas agus sonraíochtaí teicniúla

Ordaítear sna Treoracha Soláthair[55] nach mór do na sonraíochtaí teicniúla a leagtar amach i ndoiciméadú an chonartha aghaidh a thabhairt ar shaincheist inrochtaineachta na n-oibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí is ábhar don chonradh. Sonraíonn Airteagal 23(1) de Threoir 2004/18/CE: 'Aon uair is féidir … ba cheart sonraíochtaí teicniúla a bheith sainmhínithe ionas go gcuirfear i gcuntas iontu critéir inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas nó úsáideoirí dearadh do chách.' Mar a míníodh roimhe seo, ní mór ceanglais éigeantacha náisiúnta a shonraítear sa reachtaíocht ábhartha don 'rochtain do chách' a léiriú in ábhar an chonartha. Is den riachtanas é go gcuirtear bainisteoirí soláthair ar an eolas maidir leis na ceanglais rialála náisiúnta sin maidir le hinrochtaineacht agus dearadh do chách agus go ndéantar iad sin a chorprú go hiomlán i ndoiciméid na tairisceana, i bhfoirm sonraíochtaí teicniúla go príomha.

Sampla:

An Iodáil: De réir Dhlí Stanca tá se éigeantach go mbeadh gach suíomh idirlín inrochtana. Leagtar síos ceanglais sa Dlí lena n-úsáid ar shuíomhanna idirlín soláthair phoiblí. Is é atá san 'Fhorógra ag bunú Rialacha Teicniúla do Dhlí 4/2004' den chuid is mó, iarscríbhinní ina bhfuil na ceanglais theicniúla idirlín, an mhodheolaíocht chun suíomhanna idirlín a mheasúnú agus na ceanglais d'earraí crua agus do bhogearraí inrochtana. Ba iad na príomhfhoinsí inspioráide a bhí ag na grúpaí sin ná Tionscnamh Inrochtaineachta Idirlín an W3C agus an dea-thaithí le hAlt 508 de Rehabilitation Act na Stát Aontaithe. Tá CNIPA (an Lárionad Náisiúnta Faisnéisíochta sa Riarachán Poiblí) freagrach as tairiscintí soláthair poiblí TFC ardleibhéil a mheasúnú féachaint le cinntiú go bhfolaítear iontu na ceanglais inrochtana a aontaítear sa reachtaíocht. Déanann Dlí 4/2004 freagracht as maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú an Dlí a shannadh chuig Uachtarán Chomhairle na nAirí (An Roinn Nuálaíochta agus Teicneolaíochta) agus do CNIPA. I gcaitheamh 2006, rinneadh measúnú ar 15 mhórthionscadal soláthair (arbh fhiú €71 milliún iad) chun measúnú a dhéanamh nó feabhas a chur ar a mhéid a chomhlíon siad na Dlíthe Inrochtaineachta. Dhírigh formhór na dtionscadal sin, a sheol 10 rialtas láir éagsúla, ar shuíomhanna idirlín agus soláthar crua-earraí.

[54] Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 2004/18/CE agus Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Treoir 2004/17/CE.

[55] Airteagal 23(1) de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 34(1) de Threoir 2004/17/CE.

Is deacair do gach údarás conraitheoireachta a bheith ina saineolaithe ar gach réimse shóisialta. Tá sé tábhachtach go gcuimhneodh údaráis chonraitheoireachta go bhféadfadh cleachtais i roinnt tíortha lasmuigh den AE a gcuid oibre maidir le caighdeáin inrochtaineachta a éascú. I Stáit Aontaithe Mheiriceá, ceanglaíonn Alt 508 den Rehabilitation Act ar údaráis chonraitheoireachta Fheidearálacha caighdeáin inrochtaineachta a úsáid ina gcuid soláthair phoiblí agus thug sin athrú ar Bhallstáit éagsúla san AE freisin agus d'imir tionchar ar an gcleachtas tionsclaíoch. San AE, d'eisigh an Coimisiún Eorpach dhá shainordú caighdeánaithe chun tacú le ceanglais inrochtaineachta Eorpacha don soláthar poiblí maidir le earraí agus seirbhísí i réimse theicneolaíochtaí na faisnéise agus na cumarsáide (TFC) [56] agus na timpeallachta tógtha[57] faoi seach. Tá torthaí na chéad chéime de Shainordú 376 ar fáil agus aithnítear iontu caighdeáin maidir le hinrochtaineacht mar aon le modhanna éagsúla chun measúnú a dhéanamh ar na caighdeáin sin a bheith á gcomhlíonadh nuair a bhíonn TFC á ceannach[58].

Ceanglais an chonartha a shainmhíniú sna sonraíochtaí teicniúla — GO hACHOMAIR

Sonraíochtaí atá soiléir agus cruinn a dhréachtadh. A chinntiú go gceanglaítear na sonraíochtaí le hábhar an chonartha, go léiríonn siad gach ceanglas sóisialta cuí agus go bhfuil siad trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

Tógáil ar 'dhea-chleachtais' údarás conraitheoireachta eile. An líonrú a úsáid mar bhealach chun faisnéis a fháil agus a scaipeadh.

Sonraíochtaí feidhmíocht-bhunaithe nó feidhmiúla a úsáid chun tairiscintí nuálacha atá freagrúil go sóisialta a spreagadh. Breithniú a dhéanamh ar dhálaí sóisialta a chur i gcuntas i modhanna táirgthe agus próisis.

Má tá tú in amhras maidir le táirgí nó seirbhísí atá freagrúil go sóisialta a bheith ann iarbhír, maidir lena bpraghas nó a gcaighdeán, féadfaidh tú malairtí atá freagrúil go sóisialta a iarraidh.

Más cuí, breithniú a dhéanamh ar an gconradh a choinneáil do sciathcheardlanna nó soláthar a dhéanamh don chonradh a fheidhmiú i gcomhthéacs clár sciathfhostaíochta.

A chinntiú go bhfolaítear gach toradh beartaithe — ní féidir iad a chur isteach níos déanaí sa phróiseas.

© iStock

56 An Coimisiún Eorpach, Sainordú Caighdeánaithe chuig CEN, CENELEC agus ETSI mar thaca le ceanglais inrochtaineachta Eorpacha don soláthar poiblí i bhfearann TFC, M/376 EN, 7 Nollaig 2005.

57 An Coimisiún Eorpach, Sainordú Caighdeánaithe chuig CEN, CENELEC agus ETSI mar thaca le ceanglais inrochtaineachta Eorpacha don soláthar poiblí sa timpeallacht thógtha, M/420 EN, 21 Nollaig 2007.

58 Ceanglais inrochtaineachta Eorpacha don soláthar poiblí do tháirgí agus seirbhísí i bhfearann TFC (Sainordú M 376, céim 1 ón gCoimisiún Eorpach); CEN/BT WG 185 agus CLC/BT WG 101-5, Tuarascáil maidir le 'Córais agus scéimeanna measúnachta chomhlíonta do cheanglais inrochtaineachta'.

B. Soláthróirí, soláthróirí seirbhíse agus conraitheoirí a roghnú

Díríonn critéir roghnóireachta ar chumas cuideachtaí an conradh dá bhfuil siad ag tairiscint a fheidhmiú. Dhá thacar rialacha maidir le roghnóireacht atá sna Treoracha Soláthair: critéir eisiata agus rialacha maidir le cumas teicniúil agus eacnamaíochta.

1. Critéir eisiata

Folaíonn na Treoracha Soláthair liosta cásanna uileghabhálach ina bhféadfadh staid phearsanta iarrthóra nó tairgeora an t-iarrthóir nó an tairgeoir sin a eisiamh ón bpróiseas soláthair[59]. D'fhéadfadh cineál sóisialta a bheith ag cuid de na heasnaimh sin. Mar shampla, féadfar iarrthóirí nó tairgeoirí a eisiamh:

- mar gheall ar mhainneachtain ranníocaíochtaí sóisialta a íoc[60]; nó
- i gcás 'inar ciontaíodh [an gníomhaí eacnamaíochta] i mbreith chríochnaitheach (a bhfuil fórsa *res judicata* aici de réir fhorálacha dlíthiúla na tíre) in aon chion a dhéanann difear dá iompar nó dá hiompar gairmiúil'[61] nó 'ina bhfuil [an gníomhaí eacnamaíochta] ciontach in aon mhí-iompar gairmiúil tromaí (arna chruthú ar aon mhodh is féidir leis na húdaráis chonraitheoireachta a thaispeáint)'[62], bunaithe ar an gcoincheap "mí-iompar gairmiúil tromaí" mar a shainmhínítear é sa reachtaíocht náisiúnta[63].;

[59] Airteagal 45 de Threoir 2004/18/CE agus Airteagail 53(3) agus 54(4) de Threoir 2008/17/CE. I gcásanna tromchúiseacha coiriúla áirithe, d'fhéadfadh é a bheith éigeantach tairgeoirí a eisiamh.

[60] Article 45(2)(e) de Threoir 2004/18/EC.

[61] Airteagal 45(2)(c) de Threoir2004/18/CE.

[62] Airteagal 45(2)(d) de Threoir2004/18/CE.

[63] Níl míniú tugtha fós ar 'Mí-iompar gairmiúil tromaí' ag reachtaíocht Eorpach ná ag cásdlí an AE. Dá bhrí sin is faoi na Ballstáit atá sé sainmhíniú a dhéanamh ar an gcoincheap seo ina reachtaíocht náisiúnta agus a chinneadh an mí-iompar gairmiúil tromaí é, oibleagáidí sóisialta áirithe a neamhchomhlíonadh

Cad a cheadaítear — roinnt samplaí

- Tairgeoir a eisiamh a ciontaíodh le breithiúnas a bhfuil fórsa res judicata aige mainneachtain cloí le reachtaíocht náisiúnta a chuireann cosc ar fhostaíocht fholaitheach, le rialacha náisiúnta maidir le sláinte agus sábháilteacht ag an obair nó le rialacha náisiúnta a chuireann cosc ar idirdhealú ar fhorais éagsúla (cine, inscne, míchumas, aois, gnéas, creideamh reiligiúnach, etc.).
- Tairgeoir a eisiamh nár thug isteach beartas comhdheiseanna, mar a cheanglaítear le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit mar a bhfuil an t-údarás conraitheoireachta bunaithe, ar choinníoll go meastar neamhchomhlíonadh na reachtaíochta mar mhí-iompar gairmiúil tromaí sa Bhallstáit atá i gceist.

Cad nach gceadaítear — sampla

- Tairgeoir ionchasach a eisiamh ar bhonn tuairimí polaitiúla nó pearsanta de chuid an tairgeora nach mbaineann le mí-iompar gairmiúil.

2. Cumas teicniúil [64]

Cumasaíonn an próiseas roghnóireachta do na húdaráis chonraitheoireachta cumas iarrthóirí chun na ceanglais a shonraítear sa chonradh a mheasúnú. Tá liosta uileghabhálach sna Treoracha Soláthair de chritéir roghnóireachta maidir le cumas teicniúil is féidir a chur i bhfeidhm chun an rogha iarrthóirí a dhlisteanú. Dá bhrí sin ní bheadh critéir roghnóireachta a bheadh éagsúil ó na cinn sin a leagtar amach sna Treoracha Soláthair ag teacht leis na Treoracha.

Sampla:

I gcás Beentjes[*] chinn an Chúirt nach raibh aon bhaint ag coinníoll a d'éiligh go bhfostófaí daoine a bhí dífhostaithe go fadtéarmach le hoiriúnacht na dtairgeoirí a sheiceáil ar bhonn an tseasaimh eacnamaíochta agus airgeadais a bhí acu agus a n-eolas agus a gcumas teicniúil (clásal 28 den bhreith)[**].

[*] Breith CBAE an 20 Meán Fómhair 1988 i gcás 31/87.

[**] D'fhéadfaí, áfach, coinníoll ag éileamh ar dhaoine dífhostaithe go fadtéarmach a fhostú a chur isteach sna clásail fheidhmíochta conarthaí, ar chuntar go mbeadh sé ar aon dul le rialacha an AE is infheidhme ag céim na feidhmíochta (chun sonraí breise a fháil, feic an t-alt 'Feidhmiú an chonartha').

[64] Ní dhéanfar anailís sa Treoir seo ar na critéir roghnóireachta seasaimh eacnamaíochta agus airgeadais, ar an ábhar, i bhfianaise chineál na dteistiméireachtaí a theastaíonn d'fhonn seasamh eacnamaíochta agus airgeadais tairgeoirí a mheasúnú, nach féidir dálaí sóisialta a chur san áireamh iontu.

Chomh maith leis sin, ní mór critéir roghnóireachta a bheith neamh-idirdhealaitheach, comhréireach agus ceangailte le hábhar an chonartha.

D'fhonn ceangal den sórt sin a bhunú, ní féidir dálaí sóisialta a chur i gcuntas sna critéir roghnóireachta theicniúla **ach amháin** má theastaíonn 'fios gnó' sonrach sa réimse shóisialta d'fheidhmiú an chonartha. Ag brath ar ábhar an chonartha, féadfaidh an t-údarás conraitheoireachta gnéithe éagsúla de chumas teicniúil na n-iarrthóirí a fhiosrú:

- An bhfostaíonn an chuideachta tairgeora nó an bhfuil teacht acu ar phearsanra a bhfuil an t-eolas agus an taithí is gá chun déileáil le gnéithe sóisialta an chonartha (e.g. an gá le pearsanra oilte agus taithí bhainistíochta a bheith i gconradh do naíolann, nó innealtóirí agus ailtirí atá cáilithe i gcúrsaí inrochtaineachta chun foirgneamh poiblí a thógáil)?

- An bhfuil an trealamh teicniúil is gá don chosaint shóisialta ag an gcuideachta tairgeora nó an bhfuil teacht aici air (e.g. an gá le trealamh atá oiriúnach do dhaoine aosta a bheith i gconradh chun teach scoir a rith)?

- An bhfuil na hacmhainní teicniúla speisialaithe ábhartha atá ar fáil ag an gcuideachta tairgeora chun freastal ar na gnéithe sóisialta (e.g. i gconradh chun crua-earraí ríomhaireachta a cheannach, lena n-áirítear ceanglais inrochtaineachta do dhaoine faoi mhíchumas)?

Féadfar fianaise a sholáthar ar chumais theicniúla na ngníomhairí eacnamaíochta trí cheann amháin nó níos mó de na modhanna uileghabhálacha a shonraítear sna Treoracha[65], mar shampla:

- fianaise ar chonarthaí a cuireadh i gcrích roimhe seo, lena n-áirítear na teicneoirí nó na forais theicniúla atá le bheith páirteach;

- cur síos ar na hacmhainní teicniúla a úsáideadh agus bearta bainteacha a ghlac an conraitheoir;

- cáilíochtaí oideachais agus gairmiúla phearsanra an chonraitheora (baineann tábhacht ar leith leo seo i gconarthaí nach féidir leo a gcuspóirí sóisialta a bhaint amach ach amháin faoi réir oiliúint chuí a chur ar an bpearsanra);

- sonraí maidir le daonchumhacht an tsoláthróra seirbhíse agus uimhreacha na foirne bainistíochta;

- sonraí maidir leis an gcéatadán den chonradh is féidir a chur amach ar fhochonradh.

Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir an gá le cruthúnas leordhóthanach a bheith ag an údarás conraitheoireachta go mbeidh sé de chumas ag an gconraitheoir an conradh a chur chun feidhme agus an gá gan ualaigh iomarcacha a chur ar na conraitheoirí.

Soláthróirí, conraitheoirí agus soláthróirí seirbhíse a roghnú — GO hACHOMAIR

Breithniú a dhéanamh ar chumas conraitheoirí ionchasacha an conradh áirithe atá i gceist a chur chun feidhme. Critéir roghnóireachta a roghnú bunaithe ar an liosta uileghabhálach a leagtar amach sna Treoracha Soláthair.

An bhfuil cumas nó acmhainn shóisialta (e.g. scileanna, oiliúint nó trealamh leordhóthanach chun déileáil le gnéithe sóisialta an chonartha) ag teastáil le haghaidh an chonartha? Má theastaíonn, na critéir shóisialta a chur san áireamh chun an cumas teicniúil an conradh a chur chun feidhme a thaispeáint.

Ní mór don mheasúnú ar chumas teicniúil a bheith bainteach le cumas an iarrthóra an conradh a chur chun feidhme.

Nuair is cuí, cuntas teiste soláthróirí chun conarthaí cosúla a chur chun feidhme a bhreithniú i ndáil leis na caighdeáin shóisialta a theastaíonn. Breithniú a dhéanamh ar an bhféidearthacht um thairgeoirí a eisiamh má shásaítear coinníollacha na Treorach Soláthair a cheadaíonn eisiamh den sórt sin.

65 Airteagal 48 de Threoir 2004/18/CE.

C. An conradh a dhámhachtain

1. Rialacha ginearálta chun critéir dhámhachtana a dhréachtadh agus maidir le conarthaí a dhámhachtain

Féadfar critéir dhámhachtana shóisialta a fheidhmiú, ar chuntar[66]:

- go mbaineann siad le hábhar an chonartha;
- nach dtugann siad saoirse gan srian don údarás conraitheoireachta;
- go luaitear go sainráite iad i bhfógra an chonartha agus i ndoiciméid an tairisceana iad; agus
- go gcomhlíonann siad bunphrionsabail dhlí an AE.

I gcás ina ndéanann an t-údarás conraitheoireachta measúnú ar chaighdeán na dtairiscintí, úsáideann sé critéir dhámhachtana réamhchinnte, a fhoilsítear roimh ré, le cinneadh cé acu tairiscint is fearr. Faoi na Treoracha Soláthair, bíonn dhá rogha ag an údarás conraitheoireachta: féadfaidh sé na tairiscintí a chur i gcomparáid le chéile ar bhonn costais amháin[67] nó a roghnú an conradh a dhámhachtain ar an tairiscint 'is tairbhí go heacnamaíochta' nó a thugann an luach is fearr ar airgead, rud a chiallaíonn go gcuirfear critéir dhámhachtana eile i gcuntas de bhreis ar an bpraghas.

Ós rud é go gcuireann 'an tairiscint is tairbhí go heacnamaíochta' nó an tairiscint a thugann an luach is fearr dhá fho-chritéar nó níos mó le chéile, féadann critéir shóisialta a bheith i gceist iontu. Go deimhin, folaíonn an liosta neamh-uileghabhálach de shamplaí sna Treoracha Soláthair[68] a cheadaíonn d'údaráis chonraitheoireachta an tairiscint is tairbhí go heacnamaíochta a chinneadh caighdeán, praghas, fiúntas teicniúil, sainchomharthaí aeistéitice agus feidhmiúil, sainchomharthaí sóisialta, costais chothabhála, éifeachtacht costais, seirbhís iardhíola, cúnamh teicniúil, dáta seachadta, tréimhse sheachadta agus aga an chríochnaithe.

De bhrí go gcinnfear an tairiscint is fearr ar bhonn a lán fo-chritéar éagsúil, féadfaidh an t-údarás conraitheoireachta cuid mhaith teicníceanna chun na fo-chritéir dhifriúla a chur i gcomparáid agus a mheas. Orthu sin tá comparáidí maitríse, ualú coibhneasta agus córais '*bonus / malus*'. Is ar na húdaráis chonraitheoireachta atá an fhreagracht na critéir chun an conradh a dhámhachtain agus an t-ualú coibhneasta a thugtar do gach ceann de na critéir sin a shonrú agus a fhoilsiú in am do na tairgeoirí a bheith ar an eolas maidir leo agus a dtairiscintí á n-ullmhú acu.

Beidh gá leis na critéir aonair a chinnfidh an tairiscint is tairbhí go heacnamaíochta nó a thugann an luach is fearr a fhoirmiú ionas go gcomhlíonfar na nithe seo a leanas:

- Go gceanglaítear iad le hábhar an chonartha atá le ceannach (mar a chuirtear síos air sna sonraíochtaí teicniúla).

  Sainmhíníonn na sonraíochtaí teicniúla an leibhéal feidhmíochta a theastaíonn (e.g. caighdeáin inrochtaineachta sna sonraíochtaí teicniúla). Ach féadfaidh an t-údarás conraitheoireachta a chinneadh gur féidir pointí breise a dhámhachtain ar aon táirge / seirbhís a fheidhmíonn níos fearr ná an leibhéal íosta ag céim na dámhachtana. Mar shampla, nuair a dhéantar tagairt do chaighdeán inrochtaineachta, mar shampla don ghréasán mar atá i gcás an chaighdeáin **UNE 139803** 'Requisitos de accesibilidad para contenidos Web' (An Spáinn), is féidir comhlíonadh ag trí leibhéal — A, AA nó AAA. D'fhéadfaí pointí breise a thabhairt don tairiscint a bhaineann amach an leibhéal is airde.

- Go gceadaíonn siad na tairiscintí a mheas ar bhonn a gcritéar eacnamúil agus cáilíochtúil tríd is tríd

[66] Chun sonraí breise a fháil maidir leis na coinníollacha a leagtar amach thíos, feic an chéad alt eile 'Coinníollacha is infheidhme maidir le critéir dhámhachtana agus tairiscintí á measúnú'. Feic freisin le do thoil Aithris 1 agus Aithris 2 de Threoir 2004/18/CE agus Aithris 1 agus Aithris 9 de Threoir 2004/17/CE;

[67] Maidir le conarthaí a dhámhachtar ar bhonn an phraghas is ísle, má mhainnítear critéir dhámhachtana eile a chur i gcuntas (ar nós caighdeáin nó dálaí sóisialta) féadfar sin a chúiteamh méid áirithe trí ardchaighdeáin a chur isteach sna sonraíochtaí teicniúla don chonradh (ionas nach gcuirfear i gcuntas ach tairiscintí a chomhlíonann na caighdeáin cháilíochta go léir sna sonraíochtaí teicniúla ag céim na dámhachtana) nó trí dálaí sóisialta a chur i gcuntas (ag brath ar a gcineál) sna sonraíochtaí teicniúla (má bhíonn na dálaí sin ceangailte le hábhar an chonartha) nó i gclásail fheidhmíochta an chonartha (mura nasctar iad ach le feidhmiú an chonartha amháin).

[68] Aithris 46 agus Airteagal 53 de Threoir 2004/18/CE.

Cad a cheadaítear — roinnt samplaí

- I gconradh chun cúram a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas, féadfaidh na critéir dhámhachtana ceanglais a chur i gcuntas i ndáil leis na riachtanais shonracha atá ag gach catagóir úsáideora (e.g. an tseirbhís a phearsanú ag brath ar aois, inscne nó deacrachtaí sóisialta na n-úsáideoirí, etc.).
- I gconradh chun tástálacha agus seirbhísí earcaíochta don earnáil phoiblí a sholáthar, féadfaidh an t-údarás conraitheoireachta a iarraidh ar na tairgeoirí a chinntiú go ndéantar na tástálacha agus na seirbhísí a dhearadh agus a sheoladh ar bhealach a chinntíonn comhdheiseanna do chách, gan beann ar a n-aois, a n-inscne agus a gcúlra eitneach nó reiligiúnach.
- I gconradh chun bogearraí nó earraí crua a sholáthar, féadfar critéar dámhachtana a chur san áireamh a nascann an líon pointí a thugtar do na leibhéil inrochtaineachta nó na gnéithe inrochtaineachta sonracha a mholtar do ghrúpaí éagsúla daoine faoi mhíchumas. Folaíonn sé sin, mar shampla, cibé acu an bhfuil an táirge nó an tseirbhís inrochtana ag daoine a bhfuil fadhbanna radhairc acu nó daoine dalla, daoine a bhfuil deacrachtaí éisteachta acu nó atá bodhar, do dhaoine a bhfuil fadhbanna intleachta acu, nó iad sin a bhfuil laigí maolghluaiseachta agus deaslámhachta, etc., ag dul dóibh.

Cad nach gceadaítear — samplaí

- Critéir dhámhachtana a úsáid i ndáil le trealamh a bheith á cheannach go háitiúil ag conraitheoir (mar shampla, i gconradh chun ospidéal a thógáil) d'fhonn cruthú post nua a spreagadh ar an margadh áitiúil. Ar an gcéad dul síos, níl aon chritéar den chineál sin ceangailte le hábhar an chonartha (tógáil an ospidéil). Ar an dara dul síos, tá an critéar sin idirdhealaitheach freisin, mar go dtugann sé buntáiste míchuí do thairgeoirí a cheannaíonn a gcuid trealamh ar an margadh áitiúil thar mar a bheadh ag tairgeoirí a bhíonn ag ceannach in áiteanna eile.
- Critéir dhámhachtana a úsáid a thugtar isteach an-déanach sa phróiseas agus nach gcuirtear san áireamh i ndoiciméid na tairisceana.
- Critéir dhámhachtana a úsáid a d'fhéadfadh lánrogha míchuí a thabhairt don údarás conraitheoireachta. Mar shampla, i gconradh do threalamh TF, dá mbeadh critéar dámhachtana i gceist ag sonrú go bhféadfadh tairgeoirí idir 1 agus 20 pointe a fháil ar bhuanna teicniúla inrochtaineacht na dtáirgí molta, gan na paraiméadair nó na saintréithe a chuirfidh an t-údarás conraitheoireachta i gcuntas chun líon cruinn na bpointí a chinneadh a thabharfar amach i ngach cás a thabhairt le fios, d'fhéadfadh na critéir sin lánrogha míchuí a thabhairt don údarás conraitheoireachta chun buanna teicniúla na dtairiscintí a mheas.

d'fhonn a chinneadh cén ceann acu is fearr a thugann luach ar airgead[69]. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin nach bhfuil sé riachtanach go dtabharfadh gach critéar dámhachtana aonair buntáiste don údarás conraitheoireachta, ach, má thógtar go léir le chéile iad, go gcaitheann na critéir dhámhachtana (i.e. eacnamúil móide sóisialta) a cheadú don údarás an tairiscint a thabharfaidh an luach is fearr ar airgead a aithint.

1.1. Coinníollacha is infheidhme maidir le critéir dhámhachtana agus tairiscintí á measúnú

Tugann na Treoracha Soláthair cead follasach dálaí sóisialta a chur san áireamh i gcritéir dhámhachtana. Tógann an reachtaíocht sin ar chásdlí CBAE. Díorthaítear an riail bhunúsach maidir le critéir dhámhachtana shóisialta ó chásanna C-513/99 (Concordia Bus) agus C-448/01 (Wienstrom) agus ó na treoracha Soláthair, a thagraíonn go sonrach don rialú sin ina gcéad aithris. Ba cheart go gcomhlíonfadh na critéir dhámhachtana go léir gach ceann de na ceithre choinníoll a luaitear i dtosach alt C 1 thuas[70].

(a) Ní mór baint a bheith ag critéir dhámhachtana le hábhar an chonartha

Tá sé seo riachtanach. Cinntíonn sé go mbaineann critéir dhámhachtana le riachtanais an údaráis chonraitheoireachta, mar a shainmhínítear in ábhar an chonartha. Sa

[69] Feic aithris 46 de Threoir 2004/18/CE agus aithris 55 de Threoir 2004/17/CE.

[70] Breithiúnas CJEU i gcás C-513/99. Baineann an breithiúnas le critéir dhámhachtana comhshaoil, ach féadfar na critéir chéanna a chur i bhfeidhm, *mutatis mutandis* ar chritéir dhámhachtana shóisialta sa soláthar poiblí.

Samplaí:

Cás Wienstrom: Rialaigh CBAE sa chás seo, maidir le tairiscint do sholáthar fuinnimh, nach bhféadfaí critéar nár bhain ach leis an méid aibhléise arna táirgeadh ó fhoinsí inathnuaite de bhreis ar tomhaltas réamh-mheasta an údaráis chonraitheoireachta (arbh é ábhar an chonartha é) a mheas a bheith ceangailte le hábhar an chonartha. Chun ceangal den sórt sin le hábhar an chonartha a bhunú, níor cheart do na critéir i ndáil leis an méid aibhléise arna táirgeadh ó fhoinsí inathnuaite baint a bheith acu ach amháin leis an aibhléis arna soláthar go héifeachtach don údarás conraitheoireachta.

Conradh oibreacha: I gcás conartha inar corpraíodh dálaí sóisialta, i gconradh foirgníochta i gcás inarbh é ábhar an chonartha scoil a thógáil, níl critéar dámhachtana bunaithe ar an méid airgid a d'aistreodh an conraitheoir chuig an bpobal lasmuigh den chonradh incheadaithe de réir dlí, mar nach mbeadh sé ceangailte le hábhar an chonartha.

bhreith a thug CBAE i 'gcás Wienstrom'[71] chuir an chúirt faisnéis bhreise ar fáil maidir le conas ba cheart an ceangal le hábhar an chonartha a léirmhíniú.

(b) Ní mór critéir dhámhachtana a bheith sainiúil agus inchainníochtúil go hoibiachtúil

Rialaigh CBAE, bunaithe ar bhreitheanna uaithi roimhe sin, nach féidir le critéir dhámhachtana riamh saoirse chéadrogha gan srian a thabhairt d'údaráis chonraitheoireachta. Ní mór dóibh an tsaoirse chéadrogha sin a shrianadh trí chritéir shonracha atá intomhaiste agus a bhaineann leis an táirge a shocrú nó, i bhfocail CBAE, critéir atá 'sonrach go leordhóthanach agus inchainníochtúil go hoibiachtúil'. Chuir CBAE soiléiriú breise ar fáil i gcásanna Wienstrom agus Concordia Bus[72].

Samplaí:

An easpa soiléire agus oibiachtúlachta sna critéir dhámhachtana i gcás Wienstrom:

I gcás Wienstrom chinn an CBAE, d'fhonn comhdheiseanna a thabhairt do thairgeoirí agus téarmaí a dtairiscintí á bhfoirmiú acu, bíonn ar an údarás conraitheoireachta a chritéir dhámhachtana a fhoirmiú 'ionas go mbaineann gach tairgeoir atá réasúnta eolasach agus atá dúthrachtach mar is gnáth, an chiall chéanna astu[*]' Gné eile de shoiléire agus d'intomhaisteacht na gcritéar dámhachtana, mar a d'fhoirmigh CBAE, ná nach féidir leis an údarás conraitheoireachta critéir a shocrú ach amháin ar féidir an fhaisnéis a thugann na tairgeoirí a fhíorú dáiríre de réir na gcritéar sin.

Speiceasacht agus intomhaisteacht na gcritéar dámhachtana i gcás Concordia Bus:

I gcás Concordia Bus, roimh mheasúnú na dTairiscintí, bhí córas cinnte agus foilsithe ag Pobal Heilsincí chun pointí breise a bhronnadh as leibhéil áirithe torainn agus astaithe[**]. Mheas an CBAE an córas sin a bheith speiceasach agus intomhaiste go leordhóthanach.

[*] Sa chás seo, níor chinn an t-údarás conraitheoireachta an tréimhse shonrach le haghaidh na dtairgeoirí an méid a d'fhéadfadh siad a sholáthar a shonrú.

[**] Sa chás seo, bronnadh pointí breise, i measc rudaí eile, ar 'úsáid busanna le hastuithe ocsaíd de nítrigin faoi bhun 4 g/kWh (+ 2.5 pointe/bus) nó faoi bhun 2 g/kWh (+ 3.5 pointe/bus) agus le leibhéil torainn sheachtracha faoi bhun 77 dB (+ pointe/bus)'.

(c) Critéir dhámhachtana a foilsíodh cheana

Ordaíonn na Treoracha Tairisceana nach mór d'fhógraí conartha a shonrú cibé acu an ndéanfaidh an t-údarás conraitheoireachta an conradh a dhámhachtain don 'phraghas is ísle' nó don 'tairiscint is tairbhí go heacnamaíochta'. Ní foláir na critéir a úsáidtear chun an tairiscint is tairbhí go heacnamaíochta a aithint a lua san fhógra nó, ar a laghad, i ndoiciméid na tairisceana.

[71] Breithiúnas CJEU i gcás C-448/01.

[72] Baineann an dá chás seo le critéir dhámhachtana chomhshaoil, ach is féidir na prionsabail a dhíorthaíonn ó na breithiúnais seo a chur i bhfeidhm *mutatis mutandis* ar chritéir dhámhachtana shóisialta.

© 123RF

(d) Ní mór do chritéir dhámhachtana dlí an AE (lena n-áirítear bunphrionsabail CFAE) a chomhlíonadh

Is é an coinníoll deireanach a dhíorthaítear ó CFAE agus na Treoracha Soláthair ná gur gá do chritéir dhámhachtana gach ceann de phrionsabail bhunúsacha dhlí an AE a chomhlíonadh.

Tá béim leagtha go follasach ag CBAE ar an tábhacht a bhaineann le prionsabal an neamh-idirdhealaithe , arb é bunús na bprionsabal eile é, ar nós na saoirse chun seirbhísí a sholáthar agus na saoirse bunaíochta. Ardaíodh saincheist an idirdhealaithe go sainráite i gcás Concordia Bus[73].

Sampla:

Ar cheann d'agóidí Concordia Bus bhí go raibh na critéir a shocraigh Pobal Heilsincí idirdhealaitheach de bhrí gurbh é cuideachta bus an Phobail féin, HKL an t-aon chuideachta le feithiclí faoi thiomáint gás a d'fhéadfadh na leibhéil astaithe a socraíodh a chomhlíonadh. Rialaigh CBAE nach raibh sé idirdhealaitheach ann féin, nach bhféadfadh ach líon beag cuideachtaí ceann de thacar critéar éagsúil dámhachtana a d'fhorchuir an t-údarás conraitheoireachta a chomhlíonadh. Dá bhrí sin, nuair a bhítear ag cinneadh cibé acu an bhfuil idirdhealú i gceist, ní mór fíricí uile an cháis a chur i gcuntas.

1.2. An 'critéar breise'

I gcás C-225/98 chinn CBAE gur féidir leis na húdaráis chonraitheoireachta conradh a dhámhachtain ar bhonn coinníll a bhaineann, e.g., leis an dífhostaíocht a chomhrac, ar chuntar an coinníoll sin a bheith ar aon dul le bunphrionsabail uile dhlí an AE, **ach amháin i gcás go raibh ar na húdaráis dhá thairiscint choibhéiseacha nó níos mó a bhreithniú**. Mheas an Ballstát a bhí i gceist gur **critéar breise, neamhchinntitheach** a bhí sa choinníoll sin agus níor bhreithnigh é go dtí go raibh na tairiscintí curtha i gcomórtas ar bhonn na gcritéar dámhachtana eile. Ar deireadh, luaigh CBAE nach féidir le feidhmiú an chritéir dhámhachtana i ndáil le comhrac dífhostaíocht aon tionchar díreach nó indíreach a imirt orthu siúd a chuireann tairiscintí isteach ó Bhallstáit eile AE agus nach mór é a lua go follasach i bhfógra an chonartha, ionas go mbeadh a fhios ag conraitheoirí ionchasacha gurbh ann do choinníoll den sórt sin.

Dá bhrí sin, is féidir critéar a bhaineann leis an dífhostaíocht a chomhrac (agus critéir eile nach mbaineann le hábhar an chonartha) a chur i gcuntas ag céim na dámhachtana mar 'chritéar breise' agus mar sin amháin d'fhonn rogha a dhéanamh idir dhá thairiscint atá coibhéiseach. Ní mór gach critéar dámhachtana eile (seachas an critéar breise) a bheith ceangailte le hábhar an chonartha, mar a rialaigh CBAE in 2001 i 'gcás Wienstrom[74]' (feic thuas).

[73] Breith CBAE i gcás C-513/99.

[74] Breithiúnas CBAE i gcás C-448/01.

2. Ag déileáil le 'tairiscintí ísle neamhghnácha'

Faoi na Treoracha Soláthair, má mheasann údaráis chonraitheoireachta go bhfuil tairiscint chomh híseal sin gur rud neamhghnách é, ní mór dóibh mínithe a lorg sular féidir leo diúltú di. Sonraítear sna Treoracha go bhféadfadh na mínithe sin tagairt a dhéanamh (i measc fachtóirí eile) do chomhlíonadh na bhforálacha i ndáil le cosaint fostaíochta agus coinníollacha saothair i bhfeidhm san áit ina bhfuil an obair, an tseirbhís nó an soláthar le feidhmiú[75]'. Dá réir sin, ceanglaíonn na Treoracha Soláthair saincheist na dtairiscintí ísle neamhghnácha go sonrach le saincheisteanna chosaint na fostaíochta agus na gcoinníollacha saothair. D'fhéadfadh comórtas *éagórach* a bheith mar thoradh ar roinnt cleachtas, lena n-áirítear neamhaird a dhéanamh ar choinníollacha saothair a cheanglaítear de réir dlí.

Samplaí:

An Fhrainc: Tugadh faoi deara in Ville d'Angers go mbíonn sceidil oibre na n-oibrithe in earnáil na glantóireachta dian. Dá réir sin measfar tairiscint atá an-tarraingteach go heacnamaíochta de bhrí go molann sé líon níos lú oibrithe ná mar is cuí don achar dromchla atá le glanadh, bunaithe ar chóimheasa meánacha, a bheith neamhghnách agus diúltófar di murar féidir leis an tairgeoir a mhíniú conas a bheidh sé ábalta praghas chomh híseal sin a chinntiú gan aon dlíthe ábhartha a shárú (ar nós dlíthe i ndáil leis an uaslíon laethanta oibre sa lá).

Leagann na Treoracha Soláthair amach na nósanna imeachta is gá don údarás conraitheoireachta a ghlacadh roimh dhiúltú do thairiscint ar an bhforas go bhfuil sí chomh híseal sin go bhfuil sí neamhghnách[76]. Ba cheart déileáil le gach cás de réir a fhiúntais féin; níor cheart aon eisiamh a bheith ann go huathoibríoch; ba cheart go mbeadh deis ag tairgeoirí an cás ina n-aghaidh a fhrisnéis; agus ba cheart coinníoll an neamh-idirdhealaithe a chomhlíonadh.

Cad a cheadaítear — sampla

Féadfar tairgeoir a eisiamh má nochtann an t-imscrúdú a sheoltar de réir rialacha thuasluaite na dTreoracha Soláthair* gur tairiscint neamhghnách íseal atá i gceist mar thoradh ar thairgeoir gan na rialacha is infheidhme i ndáil le cosaint fostaíochta, ranníocaíochtaí sóisialta a dhéanamh nó uaireanta oibre breise, sábháilteacht ag an obair nó cosc ar obair fholaitheach a chomhlíonadh

Cad <u>nach</u> gceadaítear — sampla

Ní ceadaítear don údarás conraitheoireachta eisiamh iomlán, uathoibríoch a chur i bhfeidhm i gcás aon tairisceana a thagann faoi bhun céatadán sonraithe (e.g. 80%) de mheánphraghas na dtairiscintí uile a chuirtear isteach.

* Airteagal 55 de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 57 de Threoir 2004/17/CE.

Féadfaidh an t-údarás conraitheoireachta iarratas a dhéanamh i scríbhinn ar shonraí a measann sé a bheith ábhartha maidir le tairiscint neamhghnách, íseal a mheasúnú. Féadann siad sin a bheith ag baint le cosaint fostaíochta agus coinníollacha oibre. Ní cosúil gur sonraí a lorg ón tairgeoir amháin atá i gceist anseo. I gcás na gcoinníollacha oibre, mar shampla, d'fhéadfadh se a bheith oiriúnach eolas a lorg ó cheardchumainn. I gcás nach bhfaigheann an t-údarás conraitheoireachta eolas ó fhoinsí eile áfach, ceanglaíonn na Treoracha Soláthair ar an údarás conraitheoireachta 'na heilimintí comhpháirteacha sin a fhíorú trí dhul i gcomhairle leis an tairgeoir, ag cur na fianaise a soláthraíodh i gcuntas'. Tá na rialacha praiticiúla i leith fíoraithe den sórt sin faoi réir ag an dlí náisiúnta, agus tuigtear go gcaitheann rialacha den sórt sin a cheadú don tairgeoir a chás a chur.

Má chinntear, de thoradh an imscrúdaithe, go bhfuil cuma íseal neamhghnách ar an tairiscint, féadfaidh an t-údarás conraitheoireachta é a dhiúltú (cé nach gcuireann na Treoracha Soláthair aon oibleagáid air déanamh amhlaidh). I mBallstáit a bhfuil reachtaíocht glactha acu chun na críche sin áfach, féadfaidh údaráis chonraitheoireachta a bheith faoi oibleagáid diúltú do thairiscintí den sórt sin mar sin féin.

[75] Airteagal 55(1)(d) de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 57(1)(d) de Threoir 2004/17/CE.

[76] Airteagal 55 de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 57 de Threoir 2004/17/CE.

3. Tairgeoirí nach n-éiríonn leo a fhaisnéisiú

Ní mór don údarás conraitheoireachta aiseolas a chur ar fáil do thairgeoirí nach n-éiríonn leo a luaithe a dhámhachtar an conradh. D'fhéadfadh deis úsáideach a bheith anseo dul ag déileáil le tairgeoirí nach n-éiríonn leo i gcoitinne agus maidir le beartais an údaráis chonraitheoireachta i leith saincheisteanna sóisialta go sonrach. Dá mba chuid den chúis nár éirigh leis an tairgeoir gur mainníodh na critéir shóisialta a chomhlíonadh, féadfar sonraí a thabhairt ar an ní a d'fhéadfadh an tairgeoir a dhéanamh d'fhonn go n-éireodh níos fearr leis nó léi an chéad iarracht eile.

An Conradh a bhronnadh: measúnú tairisceana — GO hACHOMAIR

Critéir dhámhachtana a bhunú: i gcás ina roghnaítear critéar 'na tairisceana is tairbhiúla go heacnamaíochta', féadfar critéir shóisialta ábhartha a chur isteach mar thagarmharc chun tairiscintí atá freagrúil go sóisialta a chur i gcomparáid le chéile nó mar bhealach chun gné shóisialta a thabhairt isteach agus ualú áirithe a thabhairt di.

Ní mór do chritéir dhámhachtana shóisialta (agus eacnamaíochta agus chomhshaoil freisin):

- a bheith ceangailte le hábhar an chonartha;
- gan saoirse chéadrogha gan srian a thabhairt don údarás conraitheoireachta;
- a bheith luaite go sainráite i bhfógra an chonartha agus i ndoiciméid na tairisceana;
- a bheith ar aon dul le dlí an AE (lena n-áirítear bunphrionsabail CFAE: an trédhearcacht, an caitheamh comhionann agus an neamh-idirdhealú);
- cuidiú chun an tairiscint a thairgíonn an luach is fearr ar airgead don údarás conraitheoireachta a aithint; agus
- a bheith i gcomhréir le rialacha ábhartha na dTreoracha Tairisceana.

Breithniú a dhéanamh an bhfuil an tairiscint 'neamhghnách íseal' de bhrí go bhfuil caighdeáin shóisialta á sárú ag an tairgeoir.

D. Feidhmíocht an chonartha

Is é an chéad ní is gá a rá ná nach mór i gcónaí na rialacha ábhartha ar fad is infheidhme a chomhlíonadh nuair a bhíonn conarthaí soláthair phoiblí á bhfeidhmiú, lena n-áirítear na rialacháin shóisialta agus sláinte. Más rud é, de bhreis air sin, gur mian leis an údarás conraitheoireachta go mbainfeadh conraitheoir cuspóirí breise sóisialta amach[77], féadann sé clásail fheidhmíochta conarthaí a úsáid chun na críche sin.

Leagann clásail fheidhmíochta amach conas ba cheart an conradh a chur chun feidhme. Féadfar dálaí sóisialta a chur san áireamh i gclásail fheidhmíochta, ar chuntar (i) go gceanglaítear le feidhmiú an chonartha iad, (ii) go bhfoilsítear i bhfógra an chonartha iad agus (iii) go gcomhlíonann siad dlí an AE (lena n-áirítear prionsabail ghinearálta CFAE).

1. Rialacha a rialaíonn clásail fheidhmíochta conarthaí

Is ceanglais iad clásail fheidhmíochta conarthaí nach mór don tairgeoir a n-éiríonn leis nó léi glacadh leo agus a bhaineann le feidhmiú an chonartha. Tá sé leordhóthanach i bprionsabal, mar sin, do thairgeoirí gealltanas a thabhairt, agus a dtairiscintí á gcur isteach acu, na coinníollacha sin a chomhlíonadh más orthu a dhámhtar an conradh. Ní shásódh tairiscintí ó thairgeoirí nach nglacann coinníollacha den sórt sin doiciméid an chonartha agus ní fhéadfaí glacadh leo dá bharr sin[78]. Ní gá go gcomhlíonfaí na coinníollacha conarthacha tráth chur isteach na tairisceana, áfach.

Soiléireofar ionchais an údaráis phoiblí má scríobhtar na caighdeáin shóisialta a theastaíonn isteach sa chonradh. Má ghlactar cur chuige dian ag céimeanna na pleanála agus na tairisceana beidh sé níos éasca na hionchais sin a rá i dtéarmaí sonracha, rud is féidir tionchar a imirt ar an mbainistiú feidhmíochta.

Cé nár cheart do chlásail fheidhmíochta conarthaí aon fheidhm a bheith acu chun a chinneadh cén tairgeoir a fhaigheann an conradh ná nár cheart dóibh a bheith ina sonraíochtaí teicniúla, ina gcritéir dhámhachtana ná ina gcritéir roghnóireachta faoi cheilt, is ceadmhach critéir chonartha bhreise a shocrú, atá i leataobh ó na sonraíochtaí, na critéir roghnóireachta agus na critéir dhámhachtana[79]. Is féidir coinníollacha sóisialta agus comhshaoil a bheith i gceist ansin. Mar sin, más mian leis an údarás conraitheoireachta go mbainfeadh conraitheoir spriocanna sóisialta amach nach mbaineann leis na sonraíochtaí, féadann sé coinníollacha breise conartha a shocrú. Is le feidhmiú an chonartha amháin a bhaineann siad sin.

Ní mór do thairgeoirí a chruthú go gcomhlíonann a dtairiscintí na sonraíochtaí teicniúla, ach níor cheart cruthúnas go bhfuil clásail fheidhmíochta conarthaí á gcomhlíonadh a lorg le linn phróiseas an tsoláthair.

Chomh maith leis sin, ní mór do chlásail fheidhmíochta conarthaí:

- <u>a bheith ceangailte le feidhmiú an chonartha</u>

  Ciallaíonn sé sin nach mór clásail fheidhmíochta an chonartha a bheith ceangailte leis na tascanna atá riachtanach chun na hearraí a tháirgeadh / na seirbhísí a sholáthar / na hoibreacha a chur chun feidhme a chuirtear amach ar tairiscint. Ní bheadh coinníoll ceangailte le 'feidhmiú' an chonartha, mar shampla:
  - má cheanglaíonn sé ar an gconraitheoir céatadán socraithe d'oibrithe faoi mhíchumas a fhruiliú ar chonradh eile[80] nó dá gcuirfeadh sé srian leis an méid a cheadaítear don chonraitheoir a dhéanamh ar chonradh eile;

[77] i.e. cuspóirí a théann níos faide ná na cinn atá leagtha síos ag an reachtaíocht éigeantach is infheidhme agus nach mbaineann leis na sonraíochtaí teicniúla, na critéir roghnaithe nó na critéir dhámhachtana..

[78] Sonraíodh i mbreith CBAE an 22 Meitheamh 1992 i gcás C-243/89 (Storebaelt) nach mór d'údarás conraitheoireachta diúltú do thairiscintí nach gcomhlíonann coinníollacha na tairisceana ionas nach sárófar an prionsabal gur gá caitheamh go comhionann le tairiscintí, atá i gcroílár na dTreoracha Soláthair.

[79] Cás Beentjes, breith CBAE i gcás 31/87.

[80] Bheadh ceanglas chun céatadán seasta oibrithe faoi mhíchumas a fhruiliú chun an conradh i gceist a fheidhmiú, áfach, (agus ní do chonradh eile) ceangailte le feidhmiú an chonartha i gceist.

– má cheanglaíonn sé ar an gconraitheoir ran-nchuidiú airgeadais a dhéanamh e.g. lárionad a thógáil do dhaoine faoi mhíbhuntáiste;
– má cheanglaíonn sé ar an gconraitheoir i gconradh oibreacha seirbhísí naíolainne a chur ar fáil do leanaí na foirne. Níl seirbhísí den sórt sin ceangailte le tascanna riachtanacha le haghaidh fheidhmiú na n-oibreacha. Más mian leis an údarás conraitheoireachta seirbhísí den sórt sin a fháil, ba cheart dó iad a chur amach ar tairiscint freisin.

- a bheith foilsithe i bhfógra an chonartha

Cé go meastar clásail fheidhmíochta conarthaí a bheith lasmuigh den nós imeachta chun conarthaí a dhámhachtain, ní mór fós iad a bheith leagtha amach go soiléir san iarratas ar thairiscintí. Ba cheart go mbeadh tairgeoirí ar an eolas maidir leis na hoibleagáidí ar fad a leagtar síos sa chonradh agus a bheith ábalta é sin a léiriú ina bpraghsanna[81]. Ní mór don tairgeoir a n-éiríonn leis déanamh de réir na dtiomantas a tugadh ina thairiscint do choinníollacha an chonartha a shásamh.

- dlí an AE a chomhlíonadh (lena n-áirítear bunphrionsabail CFAE)

Mar shampla, ní féidir le coinníollacha an chonartha conraitheoirí ionchasacha as stát eile a chur faoi mhíbhuntáiste mhíchothrom nó, ar bhonn níos ginearálta, ní féidir caitheamh go héagothrom le tairgeoirí ionchasacha a bheith mar thoradh ar na coinníollacha. Is den tábhacht chéanna é, áfach, go gcomhlíonann coinníollacha an chonartha dlí an AE go ginearálta, lena n-áirítear dlí sóisialta an AE.

Ar deireadh, ba cheart conarthaí soláthair phoiblí a fheidhmiú, ar aon nós, de réir na rialacha go léir is infheidhme, lena n-áirítear rialacháin shóisialta, shaothair agus sláinte.

2. Samplaí de dhálaí sóisialta is féidir a chur san áireamh i gclásail fheidhmíochta conarthaí

Tugadh samplaí i dTreoir 2004/18/CE (móide miondifríochtaí i dTreoir 2004/17/CE)[82] de dhálaí sóisialta is féidir a chur san áireamh i gclásail fheidhmíochta conarthaí:

'D'fhéadfadh sé, go háirithe, a bheith i gceist leo buntáiste a thabhairt don ghairmoiliúint ar an láthair, daoine a fhostú a bhfuil deacrachtaí ar leith acu an comhtháthú a bhaint amach, an comhrac in aghaidh na dífhostaíochta .... chun daoine atá ag cuardach poist go fadtéarmach a earcú nó bearta oiliúna do dhaoine dífhostaithe nó do dhaoine óga a chur chun feidhme, chun substaint fhorálacha na gCoinbhinsiún bunúsach den Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair[83] a chomhlíonadh ... agus chun níos mó daoine éislinneacha a fhostú ....'

Ar an mórgóir is iad na clásail fheidhmíochta conarthaí an chéim is cuí den nós imeachta chun dálaí sóisialta a chur san áireamh i ndáil le coinníollacha fostaíochta agus saothair na n-oibrithe atá bainteach le feidhmiú an chonartha[84].

81 Airteagal 26 de Threoir 2004/18/CE agus Airteagal 38 de Threoir 2004/17/CE.

82 Aithris 33 de Threoir 2004/18/CE agus aithris 44 de Threoir 2004/17/CE.

83 Is iad na na Coinbhinsiúin bhunúsacha de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair dá dtagraítear sna Treoracha Soláthair na hocht gcroí-Choinbhinsiún de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair atá daingnithe ag gach Ballstát (feic fonóta 11 chun breis sonraí a fháil).

84 Mar a luadh sna hailt thuas, ní sonraíochtaí teicniúla na critéir roghnóireachta de réir bhrí na dTreoracha Soláthair iad, coinníollacha saothair na n-oibrithe atá bainteach le feidhmiú an chonartha. Chomh maith leis sin, i bhfianaise é a bheith deacair dalaí sóisialta den sórt sin a cheangal le hábhar an chonartha, ní fhéadfaí, go ginearálta, iad a áireamh i gcritéir dhámhachtana an chonartha (seachas mar 'chritéar breise' chun an difríocht a dhéanamh idir dhá chonradh a bheadh ar comhchéim, mar ar ghlac CBAE leis i gcás C-225/98 agus mar a mhínítear san alt 'An conradh a dhámhachtain').

Deirtear i gCumarsáid léirmhínitheach an Choimisiúin ón mbliain 2001 '[go bhfuil] raon leathan féidearthachtaí ag údaráis chonraitheoireachta chun clásail chonarthacha a chinneadh maidir le dálaí sóisialta' agus liostaíonn 'roinnt samplaí de choinníollacha sonracha breise a d'fhéadfadh údarás conraitheoireachta a fhorchur ar an tairgeoir a n-éiríonn leis nó léi'. Is iad sin:

- 'An ceanglas chun daoine dífhostaithe a fhostú, nó chun cláir oiliúna a chur ar bun chun an conradh a fhorfheidhmiú;
- An ceanglas chun bearta a chur chun feidhme, le linn fheidhmiú an chonartha, atá deartha chun an chothroime idir fhir agus mná a chur chun cinn nó chun an t-ilchineálachas eitneach nó cine a chur chun cinn, nó chun comhrochtain do dhaoine faoi mhíchumas a chur chun cinn;
- An ceanglas chun bunchearta daonna a chomhlíonadh le linn fheidhmiú an chonartha (ar nós an toirmisc ar obair éigeantais agus ar fhostú páistí) ar cearta iad a ráthaíonn croíchoinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair, a mhéid nach bhfuil na forálacha sin curtha chun feidhme cheana féin sa dlí náisiúnta;
- An ceanglas chun méid áirithe daoine le míchumas a earcú, le haghaidh fheidhmiú an chonartha, thar mar a leagtar síos leis an reachtaíocht náisiúnta sa Bhallstát mar a ndéantar an conradh a fhorfheidhmiú nó i mBallstát an tairgeora a n-éiríonn leis nó léi.'

Cuireann conarthaí poiblí d'oibreacha agus seirbhísí, inar féidir an bealach a shocrú ina mbeidh an conradh le feidhmiú, an deis is fearr ar fáil d'údarás conraitheoireachta chun dálaí sóisialta a chur i gcuntas sna clásail fheidhmíochta conarthaí. Ba chosúil é a bheith níos deacra clásail chonarthacha a shamhlú a bheadh bainteach leis an mbealach ina bhfeidhmítear conarthaí soláthair, tharla go bhféadfaí gur leatrom, nó srian éagothrom a bheith á chur leis an trádáil, a bheadh i gceist dá ndéanfaí clásail a fhorchur lena gceanglófaí athruithe a chur ar eagrú, struchtúr nó beartas gnóthais arna bhunú i gcríoch Ballstáit eile.

Samplaí eile:

An tSualainn: Tá clásal i gconarthaí foirgníochta a eisíonn Roinn Riaracháin na mBóithre Náisiúnta a chuireann d'oibleagáid ar na conraitheoirí croíchoinbhinsiúin áirithe de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair a chomhlíonadh nuair a bhíonn conarthaí á gcur chun feidhme sa tSualainn. Ceanglaíonn an clásal céanna ar an gconraitheoir riachtanais áirithe tuairiscithe a chomhlíonadh, a bhfuil sé mar chuspóir lena ndearadh a fhíorú, maidir le hearraí agus táirgí a úsáidtear i bhfeidhmiú an chonartha, go ndearnadh iad a tháirgeadh i dtimpeallacht shlán agus de réir rialacha na gcoinbhinsiún dá dtagraítear. Ní mór earraí den chineál cuí a chur in ionad earraí a chinntear gan a bheith ag teacht leis an bhforáil sin, ar chostas an Chonraitheora. Ní mór don chonraitheoir a chinntiú go ndéanann fochonraitheoirí de réir na gceanglas céanna. Tá pionós iníoctha as aon cheann d'oibleagáidí sóisialta seo an chonraitheora a shárú.

An Ríocht Aontaithe: Sa bhliain 2004 chuir Transport for London (TfL) clár infheistíochta £10 mbilliún cúig bliana i dtoll a chéile chun tograí foirgníochta ar mhórscála a mhaoiniú i Londain, lena n-áirítear síneadh le hiarnród an East London Line. Measadh an comhionannas agus an cuimsiú a bheith i gcroílár an chláir sin agus a bheith croíriachtanach do na conarthaí soláthair. Measadh gurbh fhiú breis is £500 milliún é an East London Line Project (ELLP) ó thaobh na bpríomhoibreacha de agus £350 milliún don rothstoc agus do sheirbhísiú traenach.

Chuir an straitéis don tionscadal cuspóir roimpi chun na naisc iompair fheabhsaithe a úsáid chun athfhás eacnamaíochta a spreagadh i limistéir thart ar an síneadh, a bhféadfadh cuid de na limistéir is mó faoi bhuntáiste i Londain a bheith i gceist iontu. Tá pobail atá ilchineálach ó thaobh cultúir agus eacnamaíochta de ag cur fúthu sna limistéir sin, mar a mbíonn leibhéil arda dhífhostaíochta agus eisiata shóisialta. Bhí gá freisin dea-chaidreamh pobail a chothú ag céim na tógála chun tionchar na ngníomhaíochta tógála a íoslaghdú agus timpeallacht dhearfach a chruthú d'fheidhmiú an iarnróid nua. I bhfianaise na n-imthosca sin, aithníodh an comhionannas agus an cuimsiú mar dhá eochairchuspóir shóisialta. Dá bhrí sin, thug TfL tacar ceanglas isteach lena bhforfheidhmiú ag tairgeoirí le linn don tionscadal a bheith á chur chun feidhme: beartas comhionannais don tionscadal, plean oiliúna éagsúlachta don fhoireann a bhí ag obair ar an tionscadal agus plean éagsúlachta soláthróra (d'fhonn a chinntiú go raibh soláthróirí éagsúla ábalta tairiscint a dhéanamh ar dheiseanna fochonraitheoireachta ag eascairt as an tionscadal). Rinneadh na ceanglais sin a chorprú sa chuireadh chun tairisceana agus i gcoinníollacha an chonartha.

Ba cheart cothromaíocht a bheith ann idir ceanglais shóisialta a chorprú i dtéarmaí agus coinníollacha an chonartha agus an fhéidearthacht, ó thaobh praiticiúlachta de, go ndéanfar maoirsiú ar na ceanglais sin a bheith á gcomhlíonadh le linn don chonradh a bheith á chur chun feidhme, ionas nach gcuirfear ceanglais bhreise leis na ceanglais eile, cinn nach féidir (nó nach ndéanfar) a mhaoirsiú go héifeachtach. Tugann an méid sin bainistiú conartha agus maoirsiú comhlíonta le tuiscint.

3. An dlí náisiúnta saothair a chomhlánú

Tá sé soiléir sa dá Thairiscint Soláthair[85] 'go bhfuil, le linn do chonradh poiblí a bheith á chur chun feidhme, feidhm leis na dlíthe, na rialacháin agus na comhaontuithe comhchoiteanna, ag an leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an AE araon, atá i bhfeidhm i réimsí na gcoinníollacha fostaíochta agus na sábháilteachta ag an obair, ar chuntar go gcomhlíonann na dlíthe sin, agus an bealach ina gcuirtear i bhfeidhm iad, dlí an AE[86].'

Bhain conspóid inmheánach i mBallstáit le cuid de na modhanna inar thug Ballstáit faoin tsaincheist sin. Sampla amháin de sin is ea cás Rüffert[87].

Ní mór a shonrú, cé gur tugadh an bhreith sin i gcomhthéacs conartha soláthair phoiblí, nach bhfuil aon impleachtaí aici do na féidearthachtaí a thugann na Treoracha Soláthair chun dálaí sóisialta a chur i gcuntas sa soláthar poiblí. Ní dhéanann sí ach a shoiléiriú nach

Sampla:

Oibrithe postaithe san AE: cás Rüffert

Shonraigh Dlí Niedersachsen (*Land* na Sacsine Íochtair) maidir le conarthaí poiblí a dhámhachtain, i measc rudaí eile, nach féidir conarthaí oibreacha poiblí a dhámhachtain ach amháin ar chonraitheoirí a thugann gealltanas i scríbhinn go n-íocfaidh siad a bhfostaithe ar a laghad an luach saothair a ordaítear leis an gcomhaontú comhchoiteann (réigiúnach) is infheidhme. Ní mór don chonraitheoir freisin a ghealluint fochonraitheoirí a chur faoin oibleagáid chéanna agus a sheiceáil go gcomhlíonann siad í. B'éigean pionós conarthach a íoc dá mainneofaí an gealltanas sin a chomhlíonadh.

Rinneadh agóid in aghaidh dhlíthiúlacht na bhforálacha sin os comhair cúirte réigiúnaí Gearmánaí i ndáil le feidhmiú conartha oibre idir údarás conraitheoireachta Gearmánach agus an chuideachta Objekt und Bauregie (O&B) chun príosún Göttingen-Rosdorf a thógáil. Bhí an conradh foirceanta ag an údarás conraitheoireachta agus chuir sé an dlí ar O&B maidir le pionós conarthach a íoc, faoi gur cinneadh nach raibh fochonraitheoir Polannach O&B ag íoc ach 46.57% den phá íosta a ordaíodh sa chomhaontú comhchoiteann b'infheidhme lena oibrithe a bhí fostaithe ar an láthair thógála sa Ghearmáin.

Mar gheall ar éiginnteacht i dtaobh dhlíthiúlacht na forála lenar leagadh síos pionós conarthach, rinne an chúirt réigiúnach Ghearmánach an ní a tharchur chuig CBAE le haghaidh réamhrialaithe ar léirmhíniú na ngnéithe de dhlí an AE a bhain le hábhar an cháis seo.

Rialaigh CBAE nár fógraíodh an comhaontú comhchoiteann a bheith infheidhme go huileghabhálach (cé go raibh córas sa Ghearmáin chun a fhógairt go raibh comhaontuithe comhchoiteanna infheidhme go huileghabhálach) agus nár chlúdaigh siad ach cuid d'earnáil na tógála, ós rud é nach raibh feidhm leis an dlí ábhartha lena ndearnadh comhaontú ceanglailteach den chomhaontú comhchoiteann 'Foirgnimh agus oibreacha poiblí' ach amháin i leith conarthaí poiblí seachas conarthaí príobháideacha. Dá bhrí sin, níor socraíodh an pá íosta lenar foráladh sa chomhaontú comhchoiteann 'Foirgnimh agus oibreacha poiblí' de réir ceann de na nósanna imeachta arna leagan síos le hAirteagal 3 de Threoir 96/71/CE i ndáil le postú oibrithe ("**Treoir maidir le hOibrithe a Phostú**")[*].

Mar chríoch, chinn breithiúnas na Cúirte Breithiúnais ar chás Rüffert go raibh na forálacha a bhí i gceist contrártha leis an Treoir maidir le hOibrithe a Phostú.

[*] Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú i gcreat soláthair seirbhísí.

[85] Aithris 34 de Threoir 2004/18/CE agus aithris 45 de Threoir 2004/17/CE.

[86] Sampla amháin de dhlí an AE a bheith á chomhlíonadh mar sin is ea an gá le déanamh de réir cheanglais Threoir 96/71/CE, maidir le hoibrithe a phostú sa soláthar poiblí a bhaineann le staideanna trasteorann, i gcás ina soláthraíonn oibrithe ó Bhallstát amháin seirbhísí i mBallstát eile chun críocha conradh poiblí a fheidhmiú.

[87] Breithiúnas CBAE i gcás C-346/06 (Dirk Rüffert v. Land Niedersachsen).

mór do dhálaí sóisialta (sa soláthar poiblí) i leith fostaithe postaithe dlí an AE a chomhlíonadh freisin, go háirithe an Treoir maidir le fostaithe a phostú[88].

Forálann na Treoracha Soláthair gur féidir le húdaráis chonraitheoireachta déileáil le cosaint fostaíochta sa phróiseas soláthair ar dhá bhealach:

Ar an gcéad dul síos, féadfaidh údaráis chonraitheoireachta a shonrú i ndoiciméid an chonartha mar is féidir le tairgeoirí faisnéis a fháil maidir leis na hoibleagáidí i ndáil le cosaint fostaíochta agus na coinníollacha saothair atá i bhfeidhm sa Ballstát, sa réigiún nó sa cheantar ina bhfuil na hoibreacha le seoladh nó ina bhfuil an tseirbhís le soláthar[89].

Ar an dara dul síos, ba cheart d'aon údarás conraitheoireachta a sholáthraíonn an fhaisnéis seo a iarraidh ar na tairgeoirí a léiriú go bhfuil curtha i gcuntas acu, agus a dtairiscint á dréachtadh acu, na hoibleagáidí i ndáil le cosaint fostaíochta[90] agus coinníollacha saothair atá i bhfeidhm san áit ina bhfuil na hoibreacha le seoladh nó ina bhfuil an tseirbhís le cur ar fáil[91]. Tá an chuspóir atá leis sin ceangailte leis an imní go bhféadfadh conraitheoirí a leibhéil chosanta fostaíochta a laghdú d'fhonn a bheith ábalta tairiscint níos lú a chur isteach.

Sampla:

Ville de Paris: Caitheann oifig éadaigh chomhairle cathrach Pháras éadach a sholáthar don 29,000 fostaí atá aige. Bainistíonn an oifig seo 300,000 píosa éadach agus 300 ordú sa bhliain. Tá dálaí sóisialta agus comhshaoil comhtháite ina gnáthaimh cheannaigh aici. Ar aon dul lena tiomantais shóisialta, iarrann comhairle cathrach Pháras ar a cuid soláthróirí dearbhú a shíniú á cheangal orthu féin meas a bheith acu ar chearta bunúsacha áirithe ag an obair (lena n-áirítear tagairt fhollasach d'aois íosta oibrithe), ar nós na gceart sin a shainmhíníonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair, le linn fheidhmiú an chonartha. Ceanglaíonn comhairle cathrach Pháras ar a cuid soláthróirí freisin a bheith faoi réir ag scrúduithe le foras neamhspleách arna ordú ag an gcomhairle cathrach agus chun aon mholtaí a dhéantar de thoradh na scrúduithe sin a fhorfheidhmiú.

4. Slabhra an tsoláthair a bhainistiú

Féadfaidh údaráis chonraitheoireachta freisin, mar shampla, dálaí sóisialta d'fhochonraitheoirí a chur isteach sna clásail fheidhmíochta conarthaí i ndáil le fostú páistí agus obair éigeantais a thoirmeasc, ceanglais sláinte agus shábháilteachta, ceanglais maidir le pá íosta, ceanglais choimirce sóisialaí agus caighdeáin oibre chuibhiúla ar bhonn níos ginearálta. Tá roinnt údarás conraitheoireachta tosaithe freisin ar chlásail a chur isteach ag ceangal ar fhochonraitheoirí toirmisc ar fhostú páistí agus obair éigeantach a chomhlíonadh, i gcásanna inar dóigh go mbeidh baint ag slabhra an tsoláthair le táirgeadh nó soláthar mar a mbíonn na fadhbanna sin.

Baineann impleachtaí ar leith leis sin do dhéileálacha le tíortha lasmuigh den AE agus sna tíortha sin. Mar shampla, tá ag méadú ar imní údarás soláthair phoiblí maidir le dlíthiúlacht agus inmharthanacht an adhmaid, go áirithe nuair a allmhairítear é ó thríú tíortha a bhfuil deacrachtaí ar leith ag dul dóibh sa réimse seo. Aithnítear níos mó le himeacht ama go bhfolaíonn an fhoraoiseacht dhleathach agus inmharthanach ní amháin critéir eacnamaíochta agus chomhshaoil, ach critéir shóisialta freisin (ar nós pá, coinníollacha oibre, sláinte agus sábháilteachta cuibhiúla, agus meas ar chearta tionachta agus úsáide pobal áitiúil agus dúchasach).

88 Treoir 96/71/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 1996 maidir le hoibrithe a phostú i gcreat soláthair seirbhísí.

89 Airteagal 27(1) de Threoir 2004/18/CE.

90 Lena n-áirítear nach mór do cheanglais den sórt sin an dlí ábhartach go léir de chuid an AE a chomhlíonadh.

91 Airteagal 27(2) de Threoir 2004/18/CE.

I gcás na gceanglas sin a bheith á bhforchur ar fhochonraitheoirí freisin, ba cheart d'údaráis chonraitheoireachta a iarraidh ar an bpríomhchonraitheoir cruthúnas ar chomhlíonadh a sholáthar, bíodh sin trí thagairt a dhéanamh do scéimeanna deimhnithe sonracha (mar is ann do scéimeanna den sórt sin) nó ar aon bhealach iontaofa eile[92].

Mar shampla, i réimse na foraoiseachta, forbraíodh roinnt mhaith scéimeanna deimhnithe chun fíorú neamhspleách a thabhairt go sásaíonn foinse adhmaid caighdeán áirithe inmharthanachta (lena n-áirítear critéir chomhshaoil agus shóisialta). Mar sin féin, níor cheart a mheas gurb iad na scéimeanna den sórt sin an t-aon mhodh amháin chun adhmad inmharthanach a chruthú de bhrí nach mór glacadh le cineálacha eile fianaise coibhéiseacha freisin.

5. Bainistiú conartha agus faireachán comhlánaithe

Socróidh an córas bainistithe fheidhmíochta na téarmaí chun an fheidhmíocht a mheasúnú agus dul i mbun gnímh. Is é a d'fhéadfadh a bheith i gceist leis sin, luach saothair a thabhairt do chonraitheoirí as dea-fheidhmíocht, dul i ngleic le feidhmíocht mhíshásúil nó a bheith ag obair i bpáirt chun an soláthar a fheabhsú. Aistríonn eochairtháscairí feidhmíochta cuspóirí ina spriocanna intomhaiste agus ordaíonn céard é a bheadh inghlactha mar leibhéal feidhmíochta. Ba cheart go gcinnteodh socruithe monatóireachta go mbailítear na sonraí feidhmíochta cearta agus go ndéantar anailís éifeachtach orthu. Is iad na coinníollacha íocaíochta (a ba cheart a shonrú sa chonradh) a chuireann an bunús ar fáil le cinntiú go soláthraíonn an conraitheoir de réir an chaighdeáin a theastaíonn. Féadann siad dídhreasú a thabhairt as feidhmíocht lag agus dreasacht as spriocanna bunlíne a shárú. Ní mór na coinníollacha airgeadais sin a bheith foilsithe i bhfógra an chonartha.

92 Ba cheart d'údaráis chonraitheoireachta a cheadú do chonraitheoirí i gcónaí modhanna malartacha cruthúnais a chur isteach (ar nós deimhnithe arna n-eisiúint ag údarás poiblí nó ag tuarascálacha iniúchóireachta tríú páirtí, cóipeanna de na conarthaí fostaíochta, cóipeanna de na doiciméid ábhartha ar fad, fianaise ar chuairteanna monatóireachta, etc.). D'fhéadfadh cruthúnas breise a bheith ag teastáil ón údarás conraitheoireachta áfach má bhíonn an chuma ar an bhfianaise (in imthosca an cháis) thosaigh a chuireann an conraitheoir isteach go bhfuil sí neamhleor nó neamhiontaofa.

Sampla:

An Ríocht Aontaithe: Chun seirbhísí lónadóireachta ospidéil a fheabhsú don Údarás Sláinte i dTuaisceart Éireann, seolann an lónadóir is conraitheoir suirbhé bliantúil ar sháistacht othar agus déanann anailís ar na sonraí de réir aoise, bunaidh dhúchais agus inscne. Tá measúnú tionscanta ag an Údarás freisin ar an tseirbhís béilí mar thoradh ar thuairiscí nuachtáin faoi dhroch-chothú i mbardaí geiriatracha. Tháinig coigeartuithe conarthacha chun cinn mar gheall ar an bhfianaise chomhcheangailte chun an tseirbhís don bharda geiriatrach a fheabhsú trí chuidiú le hothair a bheathú.

D'fhéadfadh an tuinseamh don fheabhsú seirbhíse teacht ó thorthaí eochairtháscairí feidhmíochta laga nó ón tuiscint, agus spriocanna á mbaint amach, go bhfuil scóip ann chun torthaí níos fearr fós a bhaint amach. Cibé acu, ba cheart don chonraitheoir agus don chliant a thuiscint cad é a chruthaíonn na leibhéil fheidhmíochta reatha agus a aontú conas na torthaí a fheabhsú. Má mhainníonn an conraitheoir ar bhonn rialta, ba cheart go n-agródh sé sin na coinníollacha sáraithe chonartha mar thoradh air sin, cé gur gá aon ghníomh a dhéantar a bheith réasúnach. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh coigeartuithe conarthacha, athdhearadh ar an tseirbhís nó nuáil a bheith mar thoradh ar an anailís.

Sampla:

An Fhrainc: Bhí institiúidí poiblí atá freagrach as an gcuimsiú sóisialta an-bhainteach le clásail shóisialta a chur chun feidhme i gconarthaí soláthair, mar shampla trí éascaitheoirí a sholáthar ag cabhrú le tairgeoirí a n-éiríonn leo maidir le bainistiú na n-oibrithe a bhíonn bainteach le bealach ionsáite, agus is féidir leo feidhmiú freisin mar dheimhnitheoirí ar an gcomhlíonadh sóisialta. Mar shampla, d'úsáid an *Agglomération de Rouen* airgead ó Chiste Sóisialta an AE chun cómhaoiniú a dhéanamh ar bhainisteoir tionscadail a earcú a bheadh freagrach as cur chun feidhme chur isteach na gclásal ionsáite sóisialta sna tionscadail éagsúla soláthair a cuireadh i gcrích. Thogair Bardas Arles comhairleoir dlí speisialaithe a earcú chun doiciméid soláthair ina raibh clásail shóisialta a dhréachtadh agus a bhainistiú.

Ba cheart go mbeadh 'cultúr comhpháirtithe' mar bhonn agus mar thaca ag an mbainistiú conartha. Ní féidir le cliaint agus conraitheoirí priacail a bhainistiú agus na torthaí is fearr a bhaint amach gan cuidiú oibre foirne samhlaíoch agus tiomanta. Go ginearálta, is fearr a fhreagraíonn na conraitheoirí i ngaolta den sórt sin, iad ag glacadh tiomantais bhreise chucu féin go saorálach, ar nós: cláir bhunscileanna, nuálaíocht chomhshaoil, nó tacú le gnóthais bheaga fan shlabhra an tsoláthair acu.

Coinníollacha conarthacha, bainistiú conarthach agus maoirsiú conartha — GO hACHOMAIR

Go ginearálta is iad na clásail fheidhmíochta conarthacha an chéim is oiriúnaí den nós imeachta chun dálaí sóisialta a chur san áireamh i ndáil le fostaíocht agus coinníollacha saothair na n-oibrithe atá bainteach le feidhmiú an chonartha.

A chinntiú go bhfuil clásail fheidhmíochta an chonartha:

- ceangailte le feidhmiú an chonartha;
- comhsheasmhach leis an luach is fearr ar airgead a bhaint amach;
- curtha san áireamh i ndoiciméadú na tairisceana; agus
- comhoiriúnach le dlí an AE (lena n-áirítear prionsabail bhunúsacha CFAE).

A chinntiú gur féidir maoirsiú a dhéanamh go héifeachtach ar théarmaí an chonartha a bheith á gcomhlíonadh.

A bheith ag obair i gcomhar leis an soláthróir chun feidhmíocht a bhainistiú, agus baint amach cuspóirí agus comhlíonadh choinníollacha an chonartha a uasmhéadú.

Taifid chuí a chothabháil ar fheidhmíocht soláthróirí, conraitheoirí agus soláthróirí seirbhíse.

Clásail athraithis a úsáid chun athruithe a shamhlú a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil sa chonradh le himeacht ama, ar choinníoll iad seo a bheith ag teacht le forálacha na dTreoracha Soláthair agus le prionsabal na trédhearcachta.

A bheith ag obair le soláthróirí ar mhaithe le feabhsú leanúnach — ar bhonn saorálach — agus a choinneáil chun dáta le forbairtí sa mhargadh go ginearálta. Go sonrach, a bheith ag obair le soláthróirí chun é a éascú go gcomhlíontar prionsabail na hoibre cuibhiúla agus na freagrachta sóisialta corparáide fud fad shlabhra an tsoláthair.

An Coimisiún Eorpach

Ag ceannach go sóisialta – Treoir maidir le dálaí sóisialta a chur i gcuntas sa soláthar poiblí

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

2011 — 49 lgh. — 21 x 29,7 cm

ISBN 978-92-79-18385-0
doi:10.2767/17402

Is ionann an soláthar poiblí agus tuairim is 17% d'olltáirgeacht intíre an AE. Tá tionchar suntasach aige dá bhrí sin i réimsí mar bheartas sóisialta. Lena Threoir maidir le Comaoineacha Sóisialta sa Soláthar Poiblí a Chur San Áireamh, tá sé mar chuspóir ag an gCoimisiún Eorpach leas a bhaint as seo trí (a) feasacht na n-údarás conarthach a mhúscailt maidir leis na sochair a bhaineann le hearraí agus le seirbhísí a roghnú a dhéanann dea-thorthaí sóisialta a sheachadadh agus (b) trí mhíniú a thabhairt ar na deiseanna a chuirtear ar fáil trí chreat dlíthiúil an AE atá ann cheana féin chun comaoineacha sóisialta sa soláthar poiblí a chur san áireamh. Sainítear sa Treoir an soláthar poiblí atá freagrach go sóisialta (SPFS) agus tugtar míniú ar a shochair ina dhiaidh sin. Feictear ar SPFS maidir le samhail shóisialta an AE agus leis an gcur chuige dlíthiúil agus beartais san Aontas ó thaobh an ábhair de. Ullmhaítear straitéis SPFS sa Treoir freisin agus tugtar míniú ar conas riachtanais a aithint agus nósanna imeachta soláthair a phleanáil. Tugtar míniú sa Treoir freisin, ó thaobh an dlí de, ar conas a d'fhéadfaí díriú ar chomaoineacha sóisialta ag céimeanna difriúla an phróiseas soláthair (ó shonraíochtaí teicniúla agus critéir roghnúcháin a shainiú, go dtí conarthaí a dhámhachtain agus monatóireacht a dhéanamh ar an bhfeidhmiú ina dhiaidh sin). Cuirtear eiseamláirí náisiúnta ar fáil chun céimeanna difriúla laistigh den phróiseas a léiriú.

Tá an foilseachán seo ar fáil i bhformáid leictreonach i ngach teanga oifigiúil de chuid AE.

CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AN AE

Foilseacháin saor in aisce:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- ó ionadaíochtaí nó toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://ec.europa.eu) nó trí facs a chur chuig an uimhir seo: +352 2929-42758.

Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:

- ar laithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

Sintiúis a bhfuil praghas orthu (sraitheanna bliantúla d'Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh agus tuarascálacha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

- ón ár ngníomhairí díolacháin. Féadfar na sonraí teagmhála maidir leo a fháil ar laithreán gréasáin (http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm).

KE-32-10-584-GA-C

An bhfuil suim agat i **bhfoilseacháin** na hArdstiúrthóireachta um Fhostaíocht, um Ghnóthaí Sóisialta agus um Chomhdheiseanna?

Má tá, is féidir leat iad a íoslódáil nó síntiús saor in aisce a thabhairt amach ó ***http://ec.europa.eu/social/publications***

Chomh maith leis sin, féadfaidh tú clárú chun *Nuachtlitir leictreonach um Eoraip Shóisialta* an Choimisiúin Eorpaigh a fháil saor in aisce ag ***http://ec.europa.eu/social/e-newsletter***

http://ec.europa.eu/social

www.facebook.com/socialeurope

Oifig na bhFoilseachán

ISBN 978-92-79-18385-0

9 789279 183850